www.gaelsceal.ie

Forlíonadh 8 leathanach saor in aisce! - nós*

6 Lá le dul go dtí Toghchán an Tionóil

L. 4 & 5

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 17

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

29.04.2011

Titeann Bord an FSS ar a gclaíomh

Sula dtitfeann an Tua ar a gcloigeann

Treasa Bhreathnach

CHAS an tAire Sláinte, an Dr James Reilly le Bord Fheidhmeannacht na Seirbhisí Sláinte (HSE) inné ag meán lae agus bhíothas ag suil go n-iarrfadh sé orthu éirí as. Bhí an bord sásta seasamh síos agus cuirfear Bord Eatramhach ina n-áit déanta suas d'fheidhmeannaigh an FSS agus oifigigh ón Roinn Sláinte. Níl sé de chumhacht ag an Aire fáil réidh le baill an Bhoird agus bhí comhairle faighte aige ón Ard-Rúnaí Ginearálta faoin cheist.

Dúirt an tAire Reilly sa Dáil an tseachtain seo caite gur tosaíocht é dó athstruchtúrú a dhéanamh ar an FSS agus tar éis cruinniú leis an mBord an mhí seo caite, luaigh sé go raibh sé ag iarraidh athruithe a dhéanamh ar bhaill an bhoird. Tá feachtasaíocht fhada déanta ag an Dr Reilly chun deireadh a chur leis an FSS ag maíomh nach n-oibríonn sé agus go bhfuil ag teip uirthi a cuid spriocanna a bhaint amach.

Ar lean ar leathanach 2

Nach Aoibhinn Beatha an Scoláire

(PIC: EOIN MC GARVEY)

Bhí Coláiste Mhuire Loch an Iúir sa nuacht arís le cúpla seachtain anuas ach nach cuma leis na cailíní seo a bhí ag baint sult as an aimsir mhaith i Loch an Iúir agus iad ag freastal ar chúrsa Gaeilge na Cásca i gColáiste Mhuire do lucht GCSE agus Leibhéal AS. Bhí thar 100 dalta ar an chúrsa agus tá na cúrsaí i mí an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa chóir a bheith lán anois. Sa phictiúr, ó chlé, as Scoil Naomh Maolmhaodhóg, Caisleán Uidhilín, Co. an Dúin tá Ciara Ní Bhroin, Kelly Nic Gabhann, Andrea Nic Giolla Eain, Aoife Ní Anluain agus Rachel Ní Shabhais.

An-Bholscaireacht faighte ag an 'fhíor' IRA

Anailís le Danny Brown

SNA seachtainí amach romhainn, beidh gníomhaithe de chuid an 'fhíor' IRA ag iarraidh tógáil ar an bholscaireacht iontach atá faighte acu le tamall anuas.

Cé go bhfuil siad cáinte go forleathan sa phobal náisiúnach sna Sé Chontae ó maraíodh Rónán Kerr, an t-oifigeach óg sa PSNI san Ómaigh, d'éirigh leo paráid mhíleata a eagrú i nDoire ar Dhomhnach na Cásca inar léigh ball den eagraíocht amach litir ó cheannairí na heagraíochta inar gealladh níos mó ionsaithe.

Beidh go leor deiseanna ag eagraíochtaí easaontacha a gcuid bolscaireachta a dhéanamh as seo go cionn míosa mar tá toghcháin sa Tuaisceart do na comhairlí áitiúla agus don pharlaimint i Stormont ar 5 Bealtaine agus beidh an Bhanríon Elizabeth ag tabhairt cuairte ar an Deisceart tamall beag ina dhiaidh sin.

Ar lean ar leathanach 6

Taighde ar ghastacht intinne na nGael

Tomaí Ó Conghaile

LÉIRÍONN taighde ó thíortha éagsúla ar domhan go bhfuil leibhéal níos airde de ghastacht mheabhrach ag daoine a labhraíonn níos mó ná teanga amháin, agus anois tá staidéar ar bun in Albain lena fháil amach an bhfuil na torthaí céanna le haimsiú i measc na nGael.

Is síceolaí in Ollscoil Obar Tatha, Dùn Dè, é Neil Kirk agus tá cainteoirí dúcháis Ghaeilge na hAlban atá thar 60 bliain d'aois á lorg aige chun páirt a ghlacadh sa taighde.

Tá súil aige go mbeidh daoine dátheangacha a bhfuil cónaí orthu ar Leòdhas agus ar na Hearadh sásta bheith bainteach leis an staidéar agus tá sé den bharúil go mbeidh a meabhairghníomhaíocht go fóill géar gasta.

"Tá sé riachtanach go ndéantar an taighde seo go luath mar ní mór dúinn staidéar a dhéanamh ar dhaoine a d'fhoghlaim an Ghaeilge sa bhealach traidisiúnta, ó ghlúin go glúin," arsa an tUasal Kirk.

Ar lean ar leathanach 6

IDIRNÁISIÚNTA

Damáiste dochreidte déanta ag stoirmeacha Mheiriceá

TÁ níos mó ná 180 duine tar éis bás a fháil i Meiriceá de dheasca tornádónna agus tuilte ann. Glaoitear ar an nGarda Náisiúnta chun cabhrú leis na stáit éagsúla déileáil leis na hiarrachtaí tarrthála agus leis an nglantachán uile tar éis na stoirme. Is iad na Stáit atá buailte go dona agus staid éigeandála fógartha iontu ná Alabama, Arkansas, Kentucky, Mississippi, Missouri, Tennessee agus Oklahoma.

Thosaigh an stoirm mhór Dé hAoine seo caite agus ó shin i leith tá tuairiscí de os cionn 300 tornádó faighte ag an tSeirbhís Náisiúnta Aimsire i Meiriceá, agus arú inné bhí níos mó ná 130 tornádó san aon lá amháin. Thug Uachtarán Mheiriceá, Barack Obama 'tubaiste' ar na stoirmeacha agus rinne sé féin agus a bhean chéile, Michelle comhbhrón le muintir iad siúd a bhásaigh. Tá an stoirm ag bogadh i dtreo an oirthir agus cé go bhfuil drochaimsir fós geallta ní bheidh an bhagairt chomh fairsing sin i dtaca le tornádónna.

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Fíneálacha de na milliúin i ndán dúinn

... de bhrí go ndearnadh neamhaird ar threoir Eorpach i dtaca leis an Ghaeilge a bheith ar lipéid drugaí

Lenár dtuairisceoir

THIOCFADH go mbeadh ar an tír seo na milliúin euro d'fhíneálacha a íoc mar nach bhfuil lipéid ná eolas ábharach ar fáil i nGaeilge ar chógais leighis a bhíonn ar díol anseo. Tá sé admhaithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí go bhfuiltear ag sárú an treoir Eorpach a bhaineann le lipéadú ar dhrugaí. Ní léir, áfach, cad atá ar intinn acu a dhéanamh faoi. Tá admháil lom na Roinne le feiceáil i gcáipéis chomhairliúcháin a ullmhaíodh don Aire Sláinte úr, an Dr James Reilly agus a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Deir an cháipéis seo go bhfuil comhairle dlí faighte ag an Roinn Sláinte gur cheart go mbeadh lipéid agus pacáistiú i nGaeilge chomh maith le Béarla ar chógais leighis a bhíonn ar díol sa tír seo. De réir na comhairle dlí a fuair an Roinn tá Éire ag sárú treorach uimhir 2001/83/CE de chuid an Aontais Eorpaigh.

De réir Alt 63 den Treoir Eorpach faoi lipéadú agus pacáistiú, caithfidh eolas áirithe a bheith tugtha i dteangacha oifigiúla an stáit ina bhfuil an druga á chur ar an mhargadh. Tugadh an treoir seo i bhfeidhm i ndlí na hÉireann in 2007 agus tá éifeacht iomlán aige ó mhí Dheireadh Fómhair 2010 i leith.

Deirtear sa cháipéis chomhar-liúcháin, áfach, go bhfuil an Roinn Sláinte buartha go gcuirfeadh lipéid i nGaeilge costas breise ar tháirgeoirí agus ar mhiondhíoltóirí agus go bhféadfadh sé tarlú go mbainfí roinnt earraí ón mhargadh dá bharr.

Ba mar thoradh ar theagmháil a rinne an Coimisinéir Teanga leis an Roinn a lorgaíodh an chomhairle dlí ar an cheist. Dheimhnigh an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, an méid seo do Gaelscéal ach deir sé nach bhfuil aon ghearán oifigiúil déanta lena oifig faoi.

Dúirt urlabhraí de chuid Choimisiún na hEorpa le Gaelscéal go bhfuil próiseas leagtha síos le déileáil le ballstáit a sháraíonn Treoir Eorpach a bhfuil éifeacht dlí tugtha dó. Is iondúil go dtugtar foláireamh agus méid áirithe ama don stát rudaí a chur ina gceart. Má leanann an stát ag sárú na treorach, tugtar os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é agus is iondúil go ngearrtar fíneáil air. D'fhéadfadh, mar sin, go ngearrfaí na milliúin euro ar an tír mura gcuirtear an t-eolas ar chógais ar fáil i nGaeilge.

Ach go dtí sin tá diúltaithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí aon cheist a fhreagairt faoin cheist nó a mhíniú cad atá i gceist acu a dhéanamh faoi. Níl siad sásta a rá an gcuirfear an treoir i bhfeidhm ina hiomláine nó an mbeidh Éire ag lorg díolúine ina leith. Dúirt urlabhraí thar ceann na Roinne go bhfuil próiseas leanúnach ar bun san am i láthair.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Oifig na Gaillimhe :
00353-91-536201

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Bord sásta éirí as

Ar lean ó leathanach a haon

Bhí Bord an FSS freagrach as an gcaoi a gcaitear an buiséad bliantúil de €14 billiún, chomh maith plean bliana bainistíochta an FSS a fheidhmiú.

Bhí dáréag ball den Bhord ann, an Cathaoirleach, Príomhfheidhmeannach an FSS agus deichniúr gnáthbhall, iad uile ar thuarastal de €17,500 an duine in aghaidh na bliana.

Ba é an Dr Frank Dolphin Cathaoirleach an Bhoird, fear a ceapadh anuraidh agus is é Cathal Magee Príomhfheidhmeannach an FSS, fear a tháinig i gcomharbacht ar Brendan Drumm.

B'iad baill eile an Bhoird atá díreach i ndiaidh seasamh síos: Eugene McCague, aturnae a sheol litir scoir chuig an Aire an tseachtain seo; Pat Farrell, Príomhfheidhmeannach Chónaidhm Baincéireachta na hÉireann, Joe Mooney, iar-oifigeach sa Roinn Airgeadais; an Dr P Anne Scott, Leas-Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Niamh Brennan, Ollamh le Bainistíocht ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath; an Dr Dermot Power, Comhairleach in Ospidéal an Mater; Sylda Langford, iar-Ard-Stiúrthóir in oifig an Aire Leanaí; Joe Lavelle, bainisteoir le Deloitte; John Fitzgerald, Iar-Bhainisteoir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Nuala Hunt, cuntasóir cairte.

B'í an t-iar-Aire Sláinte, Mary Harney a cheap na baill den Bhord.

An tAire Sláinte, an Dr James Reilly T.D. (dara duine ar chlé) ag oifigí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar Bhóthar Adelaide inné lena phreasrúnaí, Mark Costigan (ar chlé), cúntóir Tom O'Leary agus a chomhairleoir Sean Faughnan (ar dheis). Dúirt sé go n-iarrfadh sé ar an mbord an FSS seasamh síos óna bpost agus dúirt an mbord go bhfuil siad sásta sin a dhéanamh inné (PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND)

Seanadóirí sa 24ú Seanad

Treasa Bhreathnach

AGUS Gaelscéal ag dul i gcló bhí Fine Gael chun tosaigh sa rás le suíocháin a fháil i dteach uachtarach an Oireachtais ach ionadh ar dhaoine go raibh Fianna Fáil ag déanamh chomh maith agus a bhí.

Táthar ag súil go dtiocfaidh an comhaireamh chun deiridh anocht agus trí cinn den chúig phainéal líonta ina n-iomláine ag an bpointe seo.

Ar an bPainéal Talmhaíochta is iad na hiarrthóirí atá tofa ná: Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis Ó Donovan agus Jim Walsh ó Fhianna Fáil; Paul Bradford, Pat O'Neill, Michael Comiskey agus Paddy Burke ó Fhine Gael; beirt ó Pháirtí an Lucht Oibre, James Heffernan agus Susan O'Keeffe agus Trevor Ó Clochartaigh ó Shinn Féin.

Tá an suíochán a d'fhág Pearse Doherty (SF) nuair a toghadh é go dtí an Dáil faighte ag a chomhghleacaí Trevor Ó Clochartaigh. Mar sin féin, tá éacht déanta ag an Seanadóir úr mar nach raibh sé ag brath ar chomhaontú vótála idir Páirtí an Lucht Oibre agus Sinn Féin mar a bhí Doherty.

Ar an bPainéal Cultúrtha agus Oideachais toghadh beirt iarrthóirí de chuid Fhine Gael, Michael Mullins as Gaillimh agus an t-iar-Theachta Dála as Corcaigh, Deirdre Clune.

Ba í Deirdre Clune an chéad duine a toghadh i dtoghchán an tSeanaid agus táthar ag súil go gceapfaidh an Taoiseach í mar cheannaire an tSeanaid nuair a bheidh na suíocháin uile líonta.

Fuair beirt as Fianna Fáil suíocháin ar an bpainéal seo chomh maith, an t-iar-Theachta Dála Thomas Byrne as Contae na Mí agus Labhras Ó Murchú atá ina sheanadóir le fada an lá. Thóg John Gilroy, Páirtí an Lucht Oibre, an cúigiú suíochán.

Tá cúigear ó Fhine Gael tofa ar an bPainéal Oibre, Fidelma Healy Eames as Gaillimh, Maurice Cummins, Terry Brennan, Cáit Keane agus Tommy Mulcahy.

Bhain duine d'iarrthóirí Shinn Féin suíochán amach sa phainéal seo, David Cullinane, chomh maith le Marie Moloney agus John Whelan as Páirtí an Lucht Oibre. As Fianna Fáil bhain Darragh O'Brien amach suíochán chomh maith le Ned O'Sullivan as Ciarraí agus Terry Leyden as Ros Comáin.

Agus muid ag dul i gcló, bhí tús curtha leis an gcomhaireamh ar vótaí na nollscoileanna agus an Seanadóir David Norris tofa. Bhí tús curtha leis an gcomhaireamh don Phainéal Tionscail agus Tráchtála chomh maith.

Sa chomhaireamh ar vótaí Ollscoil na hÉireann Gaillimh bhí gach cosúlacht ar an scéal gurbh é Rónán Mullen a thiocfadh amach chun tosaigh ar na hiarrthóirí eile.

Nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomhaireamh beidh 43 den 60 suíochán líonta. Toghann céimithe Choláiste na Trionóide agus Ollscoil na hÉireann triúr seanadóirí an ceann agus déanann an Taoiseach an 11 suíochán deiridh a dháileadh.

Ceaptar go n-ainmneoidh sé feachtasóirí neamhspleácha nó saineolaithe airgeadais agus é ag briseadh an nóis suíocháin a thabhairt don pháirtí is lú sa chomhrialtas.

Casfaidh na Seanadóirí úra le chéile den chéad uair an mhí seo chugainn agus is ag an gcéad chruinniú sin a thoghfar an Cathaoirleach orthu.

Tá sé ráite ag Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre go gceapann siad gur ceart deireadh a chur leis an Seanad, mar sin tá gach seans ann gurb é an 24ú Seanad an Seanad deireanach a bheidh againn in Éirinn.

An Seanadóir nuathofa de chuid Shinn Féin, Trevor Ó Clochartaigh agus a bhean chéile, Mali i ndiaidh dó suíochán sa Seanad a bhaint Dé Céadaoin. Chaith Ó Clochartaigh a óige i Sasana ach is as Carna dá mhuintir. Tá cónaí air le tamall maith de bhlianta ar an Cheathrú Rua.

(PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND)

Bígí cúramach ar na bóithre an deireadh seachtaine seo

Treasa Bhreathnach

DEIREADH seachtaine saoire bainc eile, agus mar is gnáth tógann na mílte na bóithre orthu féin agus iad ag taistil fud fad na tíre ag iarraidh sult a bhaint as an aimsir bhreá agus a gcuid saoire. Ach, go hiondúil is tar éis deireadh seachtainí mar seo a chloiseann muid na scéalta tubaisteacha faoi thimpistí bóthair.

Ag labhairt ag seoladh an fheachtas sábháilteachta ar bhóithre don deireadh seachtaine seo, dúirt Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána John Twomey go mbeidh siad ag díriú ar dhaoine ag úsáid fón póca agus iad ag tiomáint le linn an deireadh seachtaine. Dúirt sé chomh maith, "Tá ceithre oiread de bhaol ann go mbeidh timpiste agat má úsáideann tú fón póca agus tú ag tiomáint."

Tá iarrachtaí leanúnacha ar bonn ag an nGarda Síochána iallach a chur ar thiománaithe moilliú. Ar cheann de an seifteanna atá acu tá ceamaraí slándála soghluaiste a cuireadh i bhfeidhm timpeall na tíre ag tús na bliana. Dar le taighde atá déanta ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre tá an pobal níos mó i bhfábhar na gceamaraí seo ná mar a bhí nuair a cuireadh i bhfeidhm iad. Tá ardú de 8% tagtha ar an líon daoine a shíleann gur féidir leis na ceamaraí slándála daoine a shábháil ar na bóithre ó mhí Dheireadh Fómhair seo caite. Go dtí seo in 2011 tá os cionn 67,000 duine cúisithe de bharr luas ró-ard de thoradh na gcóras uile slándála luais atá i bhfeidhm ag na Gardaí.

Tá na Gardaí anois ag breathnú ar an moladh gur ceart srianta luais a chur ar chairr daoine óga. Is é an cróinéir i gCiarraí Theas, Terence Casey a rinneadh an moladh ag tús na seachtaine seo agus deir Coimisinéir Cúnta na nGardaí go gcaithfear breathnú ar gach rud.

Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011

Cois Fharraige, Conamara

Amharclann Chois Fharraige (Seanscoil Sailearna)

Aoine, 29 Aibreán

7.30 p.m. **Fáiltiú agus Oscailt Oifigiúil**
le Colm Ó Baoill, Foras na Gaeilge
á chraoladh beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

9.15 p.m. **DEALG AN TIOMNA**
dráma nua le Proinsias Ó Cuilinn,
á léiriú ag Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire.

Satharn, 30 Aibreán

11.30 a.m. **CIAN IS CÓNGAR**
dráma le Dermot Bolger
á léiriú ag Compántas Chorcaí.

CIÚNAS
dráma nua le Tomás Ó hIcí
á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne

2.30 p.m. **NA LEABHRA**
dráma nua le hAodh Ó Domhnaill,
á léiriú ag Aisteoirí Bulfin, Baile Átha Cliath.

4.30 p.m. **ÉIGSE NA FÉILE**
Agallaimh, Lúibíní, Ceapóga, Amhráin Saothair agus Scéaldráma

8.00 p.m. **FUIL AR AN TORC**
dráma nua le Proinsias Ó Cuilinn,
á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

Domhnach, 1 Bealtaine

2.00 p.m. **NÁ hINIS DI FÉIN É**
dráma le Sam Cree
á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne.

7.00 p.m. **FAOISEAMH**
dráma le John B. Keane,
á léiriú ag Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua.

8.30 p.m. **SIAMSA NA FÉILE**

9.00 p.m. **MOLTÓIREACHT NA FÉILE agus BRONNADH NA nGRADAM**
le Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D. Aire Stáit na Gaeltachta
á chraoladh beo ar
RTÉ Raidió na Gaeltachta
Fear a' Tí: Máirtín Mac Donnchadha
Moltóir na Féile: Bríd Ní Neachtain

* * *

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
www.drama-gaeilge.com eolas@drama-gaeilge.com
Le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Aibreán, 2011

6 Lá le dul go dtí Toghchán an Tionóil

Anailís ar 18 dtoghcheantar i dtoghchán Stormont 5 Bealtaine le **hAnton Mac Cába**

TÁ 18 dtoghcheantar i gceist le Tionól Stormont. Toghtar seisear Comhaltaí den Tionól Reachtúil i ngach uile cheann acu. Baintear úsáid as an ionadaíocht chionmhar, mar a úsáidtear i dtoghcháin don Dáil.

Caithfear na vótaí Déardaoin seo chugainn, 5 Bealtaine.

An tlúr agus Ard Mhacha

An babhta deireanach, toghadh triúr ó Shinn Féin, agus comhalta an páirtí ón SDLP, UUP agus DUP. Ní bheidh aon athrú air sin.

Léiríonn an toghcheantar seo meath an SDLP. Sa chéad toghchán Tionóil in 1998, bhí an SDLP 10% chun tosaigh ar Shinn Féin. Anuraidh, bhí beagnach dhá oiread vóta ag Sinn Féin sa toghchán do pharlaimint Westminster.

Is iad an bheirt is aitheanta sa cheantar ná Conor Murphy ó Shinn Féin, an tAire Forbartha Réigiúnaí. Meastar gurb eisean a bheidh ina chomharba ar Gerry Adams. Tá aithne ag lucht na Gaeilge go háirithe ar Dominic Ó Brolcháin, Gaeilgeoir láidir ón SDLP.

DUP - 1, SF - 3, SDLP - 1, UUP - 1.

Aontroim Theas

An babhta deireanach, toghadh beirt ón DUP, agus comhalta an pháirtí ó Shinn Féin, UUP, SDLP agus Páirtí na Comhghuaillíochta.

De bharr athruithe teorann, tá an SDLP i dtrioblóid. Tá ceantar Caitliceach ar imeall Bhéal Feirste anois mar chuid de Bhéal Feirste Thuaidh. Mar sin féin, meastar go gcoinneoidh Tommy Burns ón SDLP a shuíochán. Cuireadh ceantar eilei nGleann an Lagáinisteach in Aontroim Theas, áit a bhfuil vóta láidir ag an SDLP.

DUP - 2. SF - 1, UUP - 1, SDLP - 1, Páirtí na Comhghuaillíochta - 1.

Aontroim Thoir

An babhta deireanach, toghadh triúr ón DUP, beirt ón UUP, agus comhalta ó Pháirtí na Comhghuaillíochta. Síneann an toghcheantar le feadh cósta thoir Chontae Aontroma, ó imeall thuaidh Bhéal Feirste go Cionn an Toir. Tá an toghcheantar éagsúil ar fad; idir ceantair dhílseacha ar imeall Bhéal Feirste agus ceantair thuaithe ina n-imrítear an iomáint seachas an pheil Ghaelach.

Tógfaidh náisiúnaigh suíochán ón UUP anseo, de bharr athruithe teorann. Tá Glinntí Aontroma curtha isteach ann. Fágann sé sin gur náisiúnaithe beagnach 20% den phobal. Gheobhaidh an SDLP an suíochán seo. Tá vóta láidir ag Sinn Féin sna Glinntí, ach níl siad ó dheas ó Latharna. Leis, beidh sé níos fusa ag an SDLP aistrithe a fháil ón Chomhaontas Glas, Páirtí na Comhghuaillíochta agus an UUP.

DUP - 3. UUP - 1, SDLP - 1, Páirtí na Comhghuaillíochta - 1.

Aontroim Thuaidh

An babhta deireanach toghadh triúr ón DUP, agus comhalta an páirtí ón UUP, Sinn Féin agus SDLP. Beidh an toghchán seo stairiúil. Den chéad uair le 45 bliain anuas, ní bheidh an t-ainm Paisley ar pháipéar vótála sa cheantar.

Beidh athrú anseo. Caillfidh an SDLP suíochán de bharr athruithe teorann. Aistríodh Glinntí Aontroma, ceantar náisiúnach, isteach go hAontroim Thoir. Bhí Declan O'Loan, comhalta an SDLP, ina leaschathaoirleach ar Choiste na Roinne Cultúir, Ealaíona agus Fóillíochta agus caillfidh sé a shuíochán.

Is Jim Allister ón Ghuth Traidisiúnta Aontachtach (TUV) a gheobhaidh an suíochán seo. Tá Aontroim Thuaidh ar an aon toghcheantar amháin ina bhfuil suíochán cinnte ag an TUV. Ach tá sé ina fhadhb ag an TUV nach gcuireann siad eagla ar an DUP níos mó, go fiú in Aontroim Thuaidh.

DUP - 3. UUP - 1. SF - 1. TUV - 1.

Banna Uachtarach

An babhta deireanach, toghadh beirt ón DUP, beirt ón UUP, agus comhalta an pháirtí ó Sinn Féin agus an SDLP. Is é atá sa toghcheantar seo ná tuaisceart Ard Mhacha agus cuid d'iarthuaisceart an Dúin.

Cruthaíonn ar tharla an babhta deireanach nach bhfuil Sinn Féin uilecumhachtach i mbun toghchánaíochta. Ní dhearna siad an vóta a roinnt go cothrom. Mar sin, fuair an UUP dhá shuíochán, ainneoin 1,700 níos lú vóta bheith acu. Ní dhéanfaidh Sinn Féin an botún céanna agus gheobhaidh siad an dara suíochán.

DUP - 2, SF - 2, UUP - 1, SDLP - 1.

Béal Feirste Theas

An uair dheireanach, toghadh beirt ón SDLP, comhalta an pháirtí ón DUP, Sinn Féin, UUP, agus Páirtí na Comhghuaillíochta. Tá sé ar an cheantar is meánaicmí agus is éagsúla sa chathair agus tá sé difriúil le gach áit eile sa tuaisceart. Is í an Comhalta den Tionól Reachtach, Anna Lo an t-aon fheisire Síneach san Aontas Eorpach. Tá tromlach Protastúnach sa cheantar ach toghadh Alasdair McDonnell ón SDLP mar MP; caitheann daoine a thugann Aontachtaithe orthu féin vótaí ar a shon fiú.

Má tá íomhá an mheánaicmeachais ag baint leis, tá ceantair bhochta den lucht oibre ann chomh maith. Tá Aontachtaithe trína gcéile sa toghcheantar áfach, agus fanfaidh cúrsaí mar atá.

DUP - 1, SF - 1, UUP - 1, SDLP - 2, Páirtí na Comhghuaillíochta - 1.

Béal Feirste Thiar

Sa toghchán deireanach, bhí cúigear ag Sinn Féin agus comhalta amháin ag an SDLP. Léiríonn an toghcheantar an dóigh a bhfuil an tAontachtachas in isle brí. Tá cúóta Aontachtach ann, nó gur Protastúnaigh iad 16% den phobal. Ach ní chaitheann daoine ar Bhóthar na Seanchille vóta. Mar sin de, fanfaidh cúrsaí mar atá sa cheantar ach tá an toghchán seo stairiúil sa cheantar. Ba 1979 an uair dheireanach nach raibh ainm Gerry Adams ar an pháipéar vótála. Tá vóta Shinn Féin uasmhéadaithe sa cheantar. Anuraidh, bhí 71% den vóta ag Sinn Féin i dtoghchán Westminster. Ba dheacair cur leis sin.

Sinn Féin - 5. SDLP - 1

Béal Feirste Thoir

An babhta deireanach toghadh triúr ón DUP, comhalta an pháirtí ón UUP, Páirtí na Comhghuaillíochta, agus an Páirtí Aontachtach Forásach (PUP).

Tá seo ar an toghcheantar is Protastúnaí sa tuaisceart - agus an ceann is suimiúla. Chaill an Chéad-Aire agus ceannaire an DUP, Peter Robinson, a shuíochán in Westminster anuraidh. Bhí 32 bliain caite aige ann. Thóg Páirtí na Comhghuaillíochta é ach ní cinnte go dtig leo tógáil air sin. D'éirigh Dawn Purvis, Comhalta den Tionól Reachtach agus ceannaire an PUP, as an pháirtí. Tá sí san iomaíocht mar iarrthóir neamhspleách. Beidh sé crua uirthi an suíochán a choinneáil.

DUP - 3, UUP - 1, Páirtí na Comhghuaillíochta - 2.

Béal Feirste Thuaidh

Sa toghchán deireanach, toghadh beirt an páirt ón DUP agus Sinn Féin, agus comhalta an páirtí ón UUP agus SDLP.

Is toghcheantar iontach deighilte é seo a bhí ag croílár na dTrioblóidí. Ní bheidh athrú ann. Tá méadú ar líon na gCaitliceach/Náisiúnach - ach gan go leor leis an cheathrú suíochán a thógáil. Tá vóta an SDLP ag titim go mall. Ach tá go leor den mheánaicme Caitliceach ann chun go mbeidh a suíochán slán ó bhagairt Shinn Féin.

DUP - 2, SF - 2, UUP - 1, SDLP - 1.

Doire Thoir

An babhta deireanach, toghadh triúr ón DUP, comhalta an páirtí ó Shinn Féin, UUP agus SDLP.

Tá sé seo ar an aon toghcheantar taobh amuigh de mhórcheantar Bhéal Feirste ina bhfuil seans ag Páirtí na Comhghuaillíochta. Is é Barney Fitzpatrick, iarbhall de na péas agus fear a bhfuil baint aige le Cumann Lúthchleas Gael, an t-iarrthóir. Ainneoin fadhbanna inmheánacha bheith ag an UUP, ní dócha go bhfaighfidh Fitzpatrick an suíochán.

Tá an pobal Caitliceach ag méadú sa cheantar. Bhí athruithe teorann ar leas na náisiúnach chomh maith. Beidh an tríú suíochán náisiúnach ann, am éigin, ach ní an uair seo.

DUP - 3, SF - 1, UUP -1, SDLP - 1.

An Dún Theas

An babhta deireanach toghadh beirt ón SDLP, beirt ó Shinn Féin agus comhalta an páirtí ón DUP agus UUP.

Tá an-tábhacht leis an toghcheantar seo don SDLP. Is ann atá Margaret Ritchie, ceannaire an pháirtí. Caithfidh siad fanacht chun tosaigh ar Shinn Féin, a bhí 300 vóta ar a gcúl sa toghchán deireanach don Tionól. Má bhíonn Sinn Féin fiú vóta chun tosaigh, is buille trom don SDLP é.

Tá suíochán John McCallister, leas-cheannaire an UUP, faoi bhrú. Bhí athruithe teorann ar aimhleas Aontachtaithe. Tá McCallister ar eite liobrálach an UUP. Dúirt sé go nglacfadh sé le Martin McGuinness mar Chéad-Aire, agus thug tacaíocht d'fhoireann peile an Dúin anuraidh. Is dócha go gcoinneoidh sé an suíochán, áfach.

SDLP - 2, SF - 2, DUP - 1, UUP - 1

An Dún Thuaidh

An babhta deireanach, toghadh beirt ón DUP, beirt ón UUP, comhalta an páirtí ó Pháirtí na Comhghuaillíochta agus ón Chomhaontas Glas. Tugtar 'Cósta an Óir' ar an cheantar de bharr an tsaibhris, ach tá bochtanas ann i gcuid de Bheannchar.

Beidh athruithe anseo. Caillfidh an Comhaontas Glas an t-aon suíochán a bhí aige ó thuaidh. D'éirigh an Comhalta Brian Wilson as an Tionól. Is duine óg, fuinniúil é an t-iarrthóir nua, Steven Agnew, ach gan an aithne chéanna air.

Agus iad níos inghlactha ag an mheánaicme, tógfaidh an DUP an tríú suíochán sa toghcheantar. Tógfaidh an UUP suíochán ar ais, suícháin a bhí ag comhalta a d'éirigh as an pháirtí.

Feabhail

An uair dheireanach, toghadh triúr ón SDLP, beirt ó Shinn Féin agus comhalta amháin ón DUP.

Tá an SDLP chun tosaigh go maith ar Shinn Féin sa cheantar i gcónaí, sin in ainneoin go raibh Cath Thaobh an Bhogaigh i mí Lúnasa 1969 ar cheann de na heachtraí ba mhó a spreag bunadh an IRA (Sealadach).

Tá Éamonn McCann ag seasamh thar cheann Daoine Roimh Bhrabach (People Before Profit). Rinne an eite chlé ó dheas briseadh tríd san olltoghchán. An féidir a leithéid a dhéanamh ó thuaidh? Beidh vóta maith ag McCann, gan é maith go leor.

Léirítear meath na nAontachtach Ultach anseo, nó níl iarrthóir acu sa cheantar.

DUP - 1, SF - 2, SDLP - 3

Fear Manach-Tír Eoghain Theas

An bahbta deireanach, toghadh beirt ó Shinn Féin agus an DUP agus comhalta an pháirtí ón UUP agus SDLP.

Léiríonn an ceantar chomh contúirteach atá sé a rá go bhfuil port Shinn Féin seinnte. Bhí anfhadhbanna inmheánacha acu ar feadh cúpla bliain ach thóg siad an suíochán in Westminster anuraidh, in ainneoin gan ach iarrthóir Aontachtach amháin bheith ann.

Tá suíochán an SDLP i mbaol, nó bhí titim thubaisteach ar a vóta do Westminster. Ba toghchán difriúil, le cúlra difriúil, sin. Bhí Tommy Gallagher ar an aon Chomhalta náisiúnach den Tionól Reachtúil i bhFear Manach. Tá vóta an SDLP ag titim i ngach toghchán ó 1998 i leith; ní bheidh an titim mór go leor leis an suíochán a chailliúint ach beidh Sinn Féin níos cóngaraí den tríú suíochán go cinnte.

DUP - 2, SF -2, UUP - 1, SDLP - 1.

Gleann an Lagáin

An babhta deireanach, toghadh triúr ón DUP, agus comhalta an páirtí ón UUP, Páirtí na Comhghuaillíochta agus Sinn Féin. Caillfidh SF a suíochán de bharr athrú teorann.

Is é Basil McCrea comhalta an UUP anseo. Tá McCrea ar an chomhalta is liobrálaí den pháirtí. Dúirt sé nach mbeadh fadhb ar bith aige le Martin McGuinness mar Chéad-Aire. Beidh le feiceáil an ndéanfaidh sin dochar ar bith dó i gceantar láidir Protastúnach.

Ba cheart go mbeadh an TUV ábalta suíochán a fháil anseo, ach ní dócha go bhfaighidh mar tá fadhbanna inmheánacha acu sa cheantar.

DUP - 4. UUP - 1. Páirtí na Comhghuaillíochta - 1.



Lár Uladh

An babhta deireanach, toghadh triúr ó Shinn Féin, comhalta an páirtí ón DUP, UUP agus SDLP. Ba cheantar láidir Poblachtach riamh é oirthear Thír Eoghain agus deisceart Dhoire. Níl iomrá ar easaontóirí bheith ag baint de vóta Shinn Féin.

Is é Patsaí McGlone, Gaeilgeoir láidir, comhalta an SDLP. Labhraítear faoi mar cheannaire ar an pháirtí amach anseo.

DUP - 1, SF - 3, SDLP - 1, UUP - 1

Loch Cuan

Sa toghchán deireanach, bhí cheithre suíochán ag an DUP, ceann an páirtí ag an UUP agus Páirtí na Comhghuaillíochta.

Ó 1998 i leith, tá an SDLP ag fógairt go bhfaighfidh siad suíochán Tionóil anseo. Déanfaidh siad sin an uair seo de bharr athruithe teorann. Tháinig ceantar isteach ó Dhún Theas mar a bhfuil vóta suntasach ag an SDLP.

Bhí Iris Robinson ina Feisire agus Comhalta den Tionól Reachtach anseo - sular lig sí dá mianta corpartha an lámh in uachtar a fháil ar a ciall. Caillfidh an DUP suíochán - ach athrú teorann is ciontach.

Coinneoidh Kieran McCarthy ó Pháirtí na Comhghuaillíochta a shuíochán. Tá sé ar an aon fhear mór iomána sa Tionól nó tá trí pharóiste sna hArdaí atá chomh splanctha leis an iomáint agus atá paróiste ar bith i gCill Chainnigh.

DUP - 3, UUP - 1, SDLP - 1, Páirtí na Comhghuaillíochta - 1.

Tír Eoghain Thiar

An babhta deireanach, bhí triúr ag SF, beirt ag an DUP, agus suíochán ag an Dochtúir Kieran Deeny, neamhspleách. An babhta seo tá Deeny éirithe as.

Mar sin, beidh athruithe ann. Tá Sinn Féin ag iarraidh an ceathrú suíochán a bhaint. Tá rún acu an vóta a roinnt ar ceathrar iarrthóirí. Beidh sin deacair, ach tá meaisín éifeachtach ag Sinn Féin sa cheantar seo. Tá fadhbanna inmheánacha ag an SDLP sa dúiche seo agus tá beirt iarbhall san iomaíocht mar iarrthóirí neamhspleácha.

Beidh scéala maith don UUP anseo. Tógfaidh siad suíochán ón DUP

DUP - 1, SF - 4. UUP - 1.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

SPARÁNACHTAÍ TAIGHDE 2011
CUIREADH CHUN TAIRISCEANA

Fáilteoidh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta roimh thairiscintí ó mhic léinn dochtúireachta (Phd) nó ó thaighdeoirí eile do sparánachtaí taighde ar mhaithe le taighde a dhéanamh ar ábhar a bhaineann lena feidhmeanna reachtúla (oideachas trí mheán na Gaeilge agus teagasc na Gaeilge). Féach ***www.cogg.ie***

Is fiú suas le €15,000 in aghaidh na bliana go ceann 3 bliana gach sparánacht a bhronnfar.

Seol chuig **pol@cogg.ie** iarratais ag tabhairt eolais faoi: ábhar an taighde; an foras cáiliúcháin; maoirseoirí an taighde; amscála an taighde; aon taighde mór eile sa réimse céanna; agus aon eolas ábhartha eile.

Ní ghlacfar le haon iarratas i ndiaidh 4pm Dé Luain 16 Bealtaine 2011.

An-Bholscaireacht faighte ag an 'fhíor' IRA

Ar lean ó leathanach a haon

Má éiríonn leo cur isteach ar cheachtar den dá ócáid sin, beidh siad féin ag déanamh go bhfuil obair fhiúntach déanta acu.

Bhí lucht leanúna na n-easaontóirí dímheasúil faoin méid a bhí le rá ag Martin McGuinness an tseachtain seo chomh maith.

Dúirt fear amháin i nDoire, atá ina bhall den 32 County Sovereignty Movement le sé mhí anuas agus a bhíodh ina bhall de Shinn Féin go dtí dhá bhliain ó shin, nár thuig sé cén fáth a chreidfeadh McGuinness go n-éistfeadh na heasaontóirí leis nuair a dhiúltaigh poblachtóirí cosúil le McGuinness agus Adams do dhuine ar bith nár aontaigh leo nuair a bhí cogadh ar bun acu féin.

Dúirt sé go mbíodh an eaglais agus náisiúntóirí measúla ag cáineadh an IRA go rialta agus gur beag aird a thugadh Sinn Féin nó an IRA orthu.

Ní fheiceann an fear seo aon difear idir an t-am sin agus an lá atá inniu ann.

Sin an pointe fosta faoin tairiscint a rinne sagart i nDoire an tseachtain seo fosta.

Dúirt an tAth. Michael Canny, urlabhraí do Dheoise Dhoire, go raibh sé féin sásta bualadh le hionadaithe ón 'fhíor' IRA agus labhairt leo faoi na haidhmeanna atá acu sa dóigh is nach mbeadh siad "ar an imeall," mar a dúirt sé féin.

Ach luaigh an fear a labhair linn agallamh a rinne Canny ar RTÉ Dé Céadaoin ina ndúirt sé go gcaithfeadh sé eolas ar bith a bhí aige ar dhaoine ag briseadh an dlí a thabhairt don PSNI.

Shéan sé fosta go raibh cainteanna ar bith ar siúl idir ionadaithe an 'fhíor' IRA agus rialtas na Breataine, rud a dúirt McGuinness an tseachtain seo a bhí ag tarlú.

Mar sin de, níl cuma ar bith ar an scéal go bhfuil bogadh ar bith i dtreo sos cogaidh nó stad a chur leis na hionsaithe.

A mhalairt ar fad a chreideann cuid mhaith daoine, mar tá sé soiléir go bhfuil an saineolas agus an trealamh ag na grúpaí easaontacha le níos mó ionsaithe marfacha a dhéanamh ar an PSNI agus rachadh sé lena gcuid aidhmeanna na hionsaithe sin a dhéanamh anois nuair a bheas súile an domhain ar an tír seo agus Banríon na Breataine ar cuairt anseo.

Sluán ar bhalla ar Shráid Chorcaí i mBaile Átha Cliath roimh theacht Bhanríon Shasana 17 Bealtaine. I measc na rudaí ar an chlár aici, cuirfidh an tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, fáilte roimpi go foirmiúil, beidh searmanas an ag an nGairdín Cuimhneacháin agus dinnéar Stáit leis an Taoiseach. (PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND)

Taighde ar ghastacht intinne na nGael

Ar lean ó leathanach a haon

"De réir mar a bhaintear níos mó úsáide as teicneolaíochtaí úra digiteacha chun foghlaim agus chun cumarsáid a dhéanamh, is amhlaidh a bheas níos lú daoine ag úsáid Ghaeilge na hAlban sa dóigh thraidisiúnta seo agus muna ndéanann muid an taighde seo anois tá seans ann nach mbeidh freagra na ceiste againn a choíche."

Beidh an tUasal Kirk ag tabhairt cuairte ar Inse Ghall ag tús mhí na Bealtaine agus cuirfear torthaí an taighde ar chainteoirí Gaeilge i gcomparáid le fianaise idirnáisiúnta ar an nasc idir dátheangachas agus gastacht mheabhrach.

ESRI ag iarraidh gás na Coirbe a thabhairt i dtír gan mhoill

Danny Brown

TÁ an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ag iarraidh gás na Coiribe a thabhairt i dtír chomh luath agus is féidir.

Sa tuarascáil a d'eisigh siad an tseachtain seo, deir an eagraíocht go bhfuil géarghá leis an ghás de thairbhe go bhfuil muid ag brath ar phíblíne go hAlbain le 95% den ghás a úsáidtear sa tír seo a fháil agus nach bhfuil sé sin go maith do shlándáil fuinnimh na tíre.

Níl tagairt ar bith sa tuarascáil don chonspóid atá ag baint leis an tionscnamh gáis, nó leis na téarmaí atá socraithe ag na comhlachtaí taiscéalaíochta, cé go bhfuil eagraíochtaí eile timpeallachta agus polaitíochta ag éileamh ar an rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta cánach agus dleachtanna ón ghás agus ón ola atá amach ó chósta thiar na hÉireann.

Sa tuarascáil, déantar plé ar riachtanais fuinnimh na tíre agus tá moltaí ann ar fhuinneamh gaoithe agus tonnta, chomh maith leis an ghás nádúrtha.

Molann siad don rialtas deireadh a chur le deontais do threalamh fhuinneamh tonnta agus fuinneamh gaoithe ar an fharraige, cé go bhfuil go leor saineolaithe den bharúil go bhfuil féidearthachtaí móra ag an tír seo san earnáil sin ach na comhlachtaí cuidiú airgid a fháil anois nuair atá an taighde agus tástáil á dhéanamh ar na córais nua.

Molann an ESRI na muilte gaoithe ar tír mór, a rá go gcuidíonn siad le fuinneamh na tíre a sholáthar.

I measc na moltaí eile a bhí ag an ESRI, deir siad gur chóir an dara idirnascaire gáis a thógáil mar go bhfuil muid ag brath barraíocht ar an cheann amháin atá ann idir Éirinn agus Albain.

Rialtas na Poblachta ag cuidiú le hArm na Breataine chun Éireannaigh a earcú : Conradh Ceilteach

Anton Mac Cába

DHEIMHNIGH urlabhraí thar cheann Choimisiún na Scrúduithe Stáit (State Examinations Commission) go ndéanann siad comhoibriú le hearcaigh Éireannacha atá ag liostáil i bhfórsaí armtha na Breataine.

Dúirt urlabhraí go gcaitheann siad le hiarratas ar shonraí ó fhórsaí na Breataine "ar an bhonn céanna agus a chaitear le hiarratais ar bith eile."

Is le cead an earcaigh amháin a scaoiltear na sonraí.

Dar leis an Chonradh Ceilteach, áfach, tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag sárú an dlí.

Is dlíthe a bhaineann le hearcú in airm eachtrannacha agus cosaint sonraí atá i gceist. Dúirt Bernard Moffatt, urlabhraí an Chonartha, go bhfuil sé dochreidte go ndéanfadh eagraíocht stáit sa Phoblacht a leithéid. "Tá siad ag comhoibriú i ngníomhartha go bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ag baint an bhoinn de dhlíthe an Stáit," ar seisean.

"Samhlaigh go raibh saoránach Éireannach gur mhaith leis liostáil in arm na Libia. An dtabharfadh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an t-eolas sa chás sin?"

"Shocraigh Rialtas na hÉireann Acht Cosanta a rith leathchéad bliain ó shin le cosc a chur ar dhaoine cuidiú le hearcú in airm eachtrannacha. Anois, ní fheiceann eagraíochtaí stáit go bhfuil rud ar bith cearr leis sin."

Tá na céadta Éireannach i ndiaidh máirseáil isteach in arm na Breataine thar na blianta.

(PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND)

An tSúil Dhomhanda

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

"Comhartha al-Qaida" : Uaireadóir Casio!

GUANTANAMO : Glacadh leis an uaireadóir saor, an Casio F-91W, mar "fhianaise" go raibh traenáil i ndéanamh buamaí faighte ag amhrasáin Guantanamo!

Cé go bhfuil an t-uaireadóir seo ar fáil ar fud fad an domhain, shíl lucht curtha ceisteanna in Guantanamo gur "comhartha al-Qaida" é agus baineadh úsáid as mar fhianaise chun daoine a choinneáil faoi ghlas ann.

Tuigtear go mbaineann breis agus 50 tuairisc ar chimí leis na huaireadóirí seo, 32 acu leis an cheann dubh agus 20 ceann leis an cheann airgid. Ní fios, áfach, cé acu a mheastar a bheith níos contúirtí.

Nach leor a bheith neamhchiontach?

SAM : Cé go maíonn foireann dlí Troy Davis go bhfuil fianaise láidir acu go bhfuil sé neamhchiontach i ndúnmharú, diúltaíonn Stát Georgia éisteacht leis an chás agus tá siad ag ullmhú chun é a chur chun báis.

Ciontaíodh é sa bhliain 1991 as oifigeach geal de chuid na bpéas a mharú; fear dubh é Davis.

Tuigtear go bhfuil duine eile i ndiaidh a admháil gur eisean an scaoil an t-oifigeach ach diúltaíonn an chúirt éisteacht leis an fhianaise sin.

Cé go bhfuil Davis ar shraith an báis, níl aon dáta báis socraithe dó ar an ábhar nach bhfuil go leor den druga a úsáidtear chun príosúnaigh a mharú ag Georgia faoi láthair.

Bliain gan rialtas - ach an geilleagar ag fás!

AN BHEILG : Tá an Bheilg anois bliain gan rialtas mar is ceart mar ní féidir leis na Pléimeannaigh agus na Vallúnaigh teacht ar chomhréiteach.

D'ainneoin easpa rialtais, d'fhás geilleagar na tíre 1.6% faoi dheireadh na bliana seo caite agus thit an t-easnamh sa bhuiséad faoi 5%.



Deir Uachtarán Chomhairle na hEorpa, Herman Van Rompuy, áfach gur "truacánta ar fad" an fál go haer polaitiúil seo agus go mbeidh rialtas lán de dhíth orthu go luath chun polasaithe eacnamaíochta a shocrú.

Ionsaíonn diongónna girseach 3 bliana d'aois

AN ASTRÁIL : Gortaíodh girseach 3 bliana d'aois nuair a d'ionsaigh diongónna (dingos) í in Oileán Fraser amach ó chósta Queensland, an Astráil.

Maraíodh an dá dhiongó, cineál de mhadadh fiáin, a rinne an t-ionsaí. Is speiceas faoi chosaint iad sa pháirc náisiúnta a chlúdaíonn oileáin Fraser ar fad, áit a bhfuil breis agus 200 acu ina gcónaí.

Tá sé á rá ag saineolaithe go raibh an t-ádh dearg ar an chailín cé nach minic a ionsaíonn diongónna daoine.

Maraíodh buachaill 9 mbliana d'aois san oileán siar in 2001.

Príomh-Aire nua tofa ag deoraithe na Tibéide

AN TIBÉID : Tá deoraithe Tibéadacha ar fud an domhain tar éis léachtóir leis an dlí in Harvard (SAM) a thoghadh mar phríomh-aire ar an rialtas ar deoraíocht acu.

Bronnfar cumhachtaí polaitiúla an Dalai Lama ar an Dr. Lobsang Sangay. Fuair sé 55% den vóta.

Tá ráite ag an Dr. Sangay go dtacaíonn sé le polasaí "an lár-bhealaigh" de chuid an Dalai Lama, is é sin féinriail, seachas neamhspleáchas iomlán, a bhaint amach don Tibéid.

Leanfaidh an Dalai Lama ar aghaidh mar cheannaire spioradálta ar na Tibéadaigh.

3,000 Post agus Sláinte an Phobail i mBaol

Ciarán Mac Fhearghusa

DAR le Comhlachas na Siopaí Sláinte in Éirinn (*Irish Association Of Health Stores*) ní bheidh teacht ag an bpobal ar fhormhór na gcógas luibhe atá ar fáil i siopaí sláinte agus ar an idirlíon ón Domhnach beag seo ar aghaidh nuair a thiocfaidh dlí nua i bhfeidhm.

Ar 1 Bealtaine tiocfaidh píosa reachtaíochta i bhfeidhm in Éirinn agus i dtíortha uile an Aontais Eorpaigh a mbeidh impleachtaí tromchúiseacha aici do shiopaí sláinte agus, go deimhin féin, do chúrsaí sláinte an phobail i gcoitinne.

De réir an rialacháin seo, an Treoir um Tháirgí Traidisiúnta Íocshláinte Luibhe, caithfear a bheith in ann a chruthú go bhfuil an cógas luibhe in úsáid san Aontas Eorpach (AE) le 30 bliain anuas, nó le 15 bliana anuas san AE agus le 15 bliana anuas in áit éigin eile, chun ceadúnas a fháil chun é a dhíol go dleathach.

Tá i bhfad níos mó i gceist ná an cruthúnas sin amháin ach is bac-chúrsa é an próiseas clárúcháin a thógann an-chuid ama agus a bhfuil costas idir €90,000 agus €170,000 ag baint leis. Creideann foinsí in earnáil na dtáirgí nádúrtha sláinte go bhfuil na costais seo ag feidhmiú mar bhac d'aon ghnó ar rogha tháirgí a bheith ar fáil.

Dar leis an Dr Robert Verkerk PhD, Príomhfheidhmeannach agus Comhordaitheoir Eolaíochta na Cónaidhme Idirnáisiúnta um Sláinte Nádúrtha "gurb í fírinne an scéil ná go bhfuil sé dodhéanta na riachtanais atá leagtha síos faoin scéim a chomhlíonadh go háirithe nuair atá raon leathan d'fhoirmlí luibhe i gceist. Níltear in ann íoc as na costais mhóra a bhaineann leis an bpróiseas in an-chuid cásanna."

Is próiseas é atá "an-chasta agus mí-oiriúnach" más meascán de luibheanna atá i gceist dar leis an Dr Verkerk.

Táthar á maíomh gur drochscéal é seo go háirithe dóibh siúd atá ag brath ar chógais Ayurveda ón India agus ar chógais thraidisiúnta Shíneacha, cógais a bhfuil antóir orthu i dtíortha iarthair le blianta beaga anuas.

Meastar go mbaineann breis agus 50% de dhaonra na hÉireann úsáid as táirgí nádúrtha sláinte go rialta le bheith folláin agus mar chuid d'aiste bia cothrom. Faoin rialachán seo beidh cosc ar chuid mhór luibheanna, vitimíní agus mianraí atá in úsáid againn go laethúil do chúrsaí leighis agus eile.

Tuigtear go bhfuil éileamh mór ar an-chuid de na táirgí seo sna siopaí sláinte toisc nach mbeidh teacht orthu i limistéar an Aontais Eorpaigh tar éis cur i bhfeidhm na reachtaíochta seo. Tá na mílte táirgí i gceist.

Ach cé go bhfuil méadú suntasach tar éis teacht ar ghnó na siopaí sláinte tuigtear nach amhlaidh a bheidh cúrsaí amach anseo. Maítear go gcuirfidh an reachtaíocht nua suas le 3,000 post agus 50% de shiopaí sláinte na tíre i mbaol.

Seachtain na dTeangacha i mBaol 2011

Ciarán Mac Fhearghusa

CUIRFEAR tús le Seachtain na dTeangacha i mBaol 2011 Dé Luain 9 Bealtaine i Londain chun aird a tharraingt ar an meath atá ag teacht ar éagsúlacht theangeolaíoch an domhain.

Meastar go bhfuil breis agus 6,800 teanga á labhairt inniu ach go bhfuil os cionn leath acu sin díbheo. Is é sin le rá nach bhfuil siad á dtabhairt ar aghaidh chuig an nglúin is óige agus go mbeidh a rás rite chomh luath is a gheobhaidh cainteoirí reatha na dteangacha sin bás.

Is tionscnamh é atá mar chuid de Thionscadal Hans Rausing ar Theangacha atá i mBaol in Ollscoil Londan a thugann tacaíocht le taighde, oiliúint agus cartlannú na dteangacha atá i mbaol ar fud na cruinne. Tá borradh ag teacht ar an tionscadal le blianta beaga anuas.

Gheofar an deis léargas a fháil ar an gcineál oibre atá á déanamh faoin tionscnamh trí cheardlanna, léiriúcháin, físeáin agus díospóireacht ar na saincheisteanna.

Cainteoir 'Monchak' sa Mhongóil ag caint leis an teangeolaí David Harrison (PIC KELLY J. RICHARDSON)

Ní amháin é sin ach dar leis an teangeolaí Éireannach, James McCloskey, ceaptar anois go bhfuil 3,000 teanga eile i gcontúirt agus nach bhfuil ach 600 teanga a bhféadfaí a bheith dóchasach go mairfidh siad beo go deireadh an chéid seo chugainn.

Níl aon dabht faoi ach go bhfuil teangacha an domhain ag imeacht ón saol níos tapúla agus níos líonmhaire ná riamh i stair an chine dhaonna. Dar le teangeolaí amháin, David Harrision, ciallaíonn ráta an bháis go n-imíonn teanga ón saol gach 10 lá. Is í sprioc na rannóg éagsúil ná na teangacha seo a dhoiciméadú agus aird a tharraing ar an gcruachás a bhfuil siad.

Mar chuid de ghníomhaíochtaí na seachtaine beidh cur i láthair á thabhairt ar roinnt de na teangacha atá i mbaol a mbáis chun tuiscint a thabhairt ar na cultúir a bhaineann leis na teangacha sin agus ar na cúiseanna go bhfuil siad i mbaol, chomh maith le roinnt frásaí agus nathanna cainte a mhúineadh.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cómoradh 25 bliain ar thubaiste núicléach Shearnóbail ag Camp Claddagh

Caroline Ní Chualáin

CATHAIR NA GAILLIMHE : Tráthnóna Dé Luain seo caite bhí bigil ar siúl ar an bhFaiche Mhór i nGaillimh ag Grúpa Camp Claddagh de chuid Chernobyl International (eagras Adi Roche) chun comóradh a dhéanamh ar 25 bliain ó bhí tubaiste núicléach Shearnóbail ann. Bhí grúpaí eile as fud fad na tíre a thugann leanaí ó Shearnóbail go hÉirinn ar saoire i láthair freisin. Eagraíodh an ócáid agus lasadh coinnle chun cuimhneamh ar na daoine a d'fhulaing de dheasca na tragóide nuair a phléasc an t-imoibreoir núicléach i Searnóbail, ag scaoileadh ábhar radaighníomhach isteach san aer. Lasadh coinnle ar fud na hEorpa ag an am céanna mar chuid den chomóradh.

I láthair ag an ócáid bhí Méara na Gaillimhe, Michael Crowe agus baill de choiste Camp Claddagh, Joe Curran, Paul Murphy, Catherine Murphy, Lorretta Croke, Michael Walsh, Mary Conlon, Dymphna Cahill, Rosanne Barrett agus Neansaí Ní Choisdealbha.

Bhí cathaoirleach an ghrúpa, Fiona Conneely, in Áras an Uachtaráin Déardaoin seo caite, ag searmanas speisialta do dhaoine a bhfuil sár-obair dheonach déanta acu ar son Pháistí Shearnóbail le 25 bliain anuas. Tá feachtas bailithe airgid ar siúl ag Camp Claddagh faoi láthair chun íoc as costais a bhaineann leis an 30 páiste a bheidh ag teacht go ceantar na Gaillimhe i mí Iúil seo chugainn. Tá €650 ar thicéad do pháiste amháin ó Bhealarúis go hÉirinn. Tá coinnle á ndíol timpeall na Gaillimhe faoi láthair ar chostas €5 agus beidh roinnt daoine ag glacadh páirte sa tsiúlóid urraithe a bheas ar siúl i nGaillimh Dé Luain seo chugainn, 2 Bealtaine. Tá Camp Claddagh ar cheann de na carthanachtaí a ghlacann páirt sa tsiúlóid seo chuile bhliain.

Gaeilge ina cosaint ar Cúirt Dhoire an Fhéich -ach deacracht í a thuiscint ansin!

Máirtín Ó Catháin

CHUIR dlíodóir in iúl do Chúirt Dhoire an Fhéich i gConamara an tseachtain seo nach raibh sé in ann tuiscint cheart a fháil ar fhianaise a bhí Garda a chur i láthair na cúirte i nGaeilge.

Fiafraíodh den Gharda - a chuireann a chuid fianaise i láthair i nGaeilge i gcónaí - ar mhiste leis leagan Béarla den fhianaise a chur os comhair na cúirte ach níor tugadh ordú dó é sin a dhéanamh. Stop an Garda ar feadh scaithín agus rinne a mhachnamh ar an scéal; thoiligh sé athrú go Béarla ag an bpointe sin.

Tá an breitheamh don cheantar, Mary Fahy, in ann Gaeilge a labhairt go maith. Ag an dlíodóir a bhí na deacrachtaí tuisceana.

Níl seirbhís aistriúcháin ar fáil sa chúirt.

Tharla na himeachtaí seo i dtaobh na Gaeilge i gCúirt Dhoire an Fhéich tráth a bhfuil Seirbhís na gCúirteanna in Éirinn ar tí tús a chur le staidéar ar a bhfuil i ndán do Sheirbhís na gCúirteanna i nDoire an Fhéich.

Beidh ceist na Gaeilge agus láthair na cúirte i nGaeltacht Chonamara ar cheann de na hábhair a chuirfear san áireamh sa mheasúnú. Tá an t-adhmad le baint as litir a fuair Teachta Dála as Gaillimh Thiar ó Phríomhfheidhmeannach Sheirbhís na gCúirteanna go bhféadfadh an stádas Gaeilge agus Gaeltachta cuidiú le cás Chúirt Dhoire an Fhéich.

Tharraing an Teachta Dála Seán Kyne cás sheirbhísí na cúirte seo anuas sa Dáil le gairid agus dúirt sé gur cheart í a choinneáil ag imeacht ar mhaithe le pobal na Gaeltachta agus seirbhísí cúirte trí Ghaeilge.

Tá tuairimíocht go háitiúil go bhféadfadh sé tarlú go n-athrófaí obair na cúirte go Gaillimh.

Baineann an scrúdú ar Chúirt Dhoire an Fhéich le sraith scrúduithe atá ar bun ar sheirbhísí na Cúirte in áiteacha éagsúla ar fud na tíre. Ceaptar go mbeidh dúnadh roinnt seirbhísí cúirte á mholadh de bharr na scrúduithe seo.

I litir chuig an Teachta Dála Seán Kyne (FG) le gairid dúirt Príomhfheidhmeannach na Seirbhísí Cúirteanna, Brendan Ryan, go dtuigeann sé féin go bhfuil Doire an Fhéich lonnaithe i gceantar Gaeltachta agus go gcuirfear é sin san áireamh go láidir le linn an mheasúnaithe ar Chúirt Dhoire an Fhéich.

Lá amháin sa mhí a bhíonn Cúirt Dhoire an Fhéich ina suí. Rinneadh láimhseáil ar 782 ábhar ansin in 2009 - an bhliain is deireanaí a bhfuil staitisticí ar fáil lena haghaidh. Oibríonn cléireach cúirte atá lonnaithe i nGaillimh ansin trí lá sa tseachtain.

Tá beirt chléireach ag roinnt poist eatarthu i dTeach na Cúirte i nDoire an Fhéich.

Tá sé ar cheann den bheagán ionaid chúirte dúiche i nGaeltacht iarthar na Gaillimhe anois.

Dúnadh na cúirteanna a bhíodh i gCarna agus sa Mám cúpla bliain ó shin.

BÓTHAR CLOCHACH! Rachel Ní Fhionnáin, sa lár chun cinn, i measc rothaithe eile ar an Spidéal, Co. na Gaillimhe. Bhí an grúpa, ar as Luimneach agus Ciarraí iad, ar a mbealach ó Dhún na nGall go Ciarraí ar son Oispís Chiarraí agus iad ag tarraingt airde ar Fhéile na Bealtaine ar an Daingean an deireadh seachtaine seo. Ba é athair Rachel, Mícheál Ó Fionnáin, a bhunaigh an fhéile. Aon duine gur mian leis tacaíocht a thabhairt dóibh is féidir leo dul go www.mycharity.ie/event/Donegal_to_Dingle_Cycling_Challenge (Pic: Seán Ó Mainnín)

Fear as Ros an Mhíl ag mealladh turasóirí go hÉirinn i míreanna físe idirlín de chuid *Discover Ireland*

Caroline Ní Chualáin

TÁ fear as Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe ina láithreoir ar mhíreanna físe idirlín (*webisodes*) de chuid Discover Ireland. Rinne Pádraic Ó Conghaile, nó Pádraic Phaitín an Tailliúra mar is fearr aithne air go háitiúil, taifead ar na míreanna físe turasóireachta le gairid le haghaidh suíomh idirlín Discover Ireland. Rinne Pádraic taifead ar mhír amháin anuraidh bunaithe ar Iarthar na hÉireann agus iarradh air i mbliana taifead a dhéanamh ar thuilleadh míreanna.

Deir Elma Kileen ó Discover Ireland, "Bhreathnaigh breis agus 1.2 milliún duine ar mhíreanna Discover Ireland ar an idirlíon. Bhí éileamh go háirithe ar cheann Phádhraic agus d'iarr muid ar ais i mbliana é chun taifead a dhéanamh in áiteanna eile sa tír."

Tá taifead déanta ag Pádraic ag Aillte an Mhothair, i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath chun turasóirí a mhealladh chuig an tír. Sna míreanna cuireann Pádraic na háiteanna is áille sa tír i láthair don lucht féachana. Tá na míreanna físe le feiceáil ar shuíomh Discover Ireland agus ar YouTube.

"Bhain mé an-taitneamh as taifead a dhéanamh ar na míreanna. Tá sé tábhachtach go meallann muid turasóirí chuig an tír. Tá na míreanna le feiceáil ar fud an domhain. Bhí cara liom ag siúl síos an tsráid sa tSeapáin agus chonaic sí fógraí de chuid Coca Cola agus a leithéid ar an scailéan agus ansin chonaic sí mise. Dúirt sí liom gur thit sí as a seasamh beagnach nuair a chonaic sí Pádraic Phaitín an Tailliúra ar an scailéan."

Liz agus Yvonne Kane as Leitir Fraic, Conamara a bheidh ag glacadh páirt i gceolchoirm Fhéile Joe Éinniú i gCarna Dé Sathairn.

Damhsoirí Gaelacha as Connachta buacach ag Oireachtas Rince na Cruinne 2011

Caroline Ní Chualáin

BHÍ damhsoirí Gaelacha as Connachta buacach an tseachtain seo caite ag Oireachtas Rince na Cruinne a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath.

Bhain Rónán Kelly ó Scoil Damhsa Sylvan an chéad áit amach i gcomórtas do bhuachaillí faoi 11; Ba é Cathal Keaney ó Scoil Damhsa Hession a tháinig sa chéad áit i gcomórtas na mbuachaillí faoi 19 agus thug Claire Greaney an chraobh léi i gcomórtas na mban faoi 21.

Is é seo an cúigiú huair as a chéile ag Claire Greaney as Baile Chláir Craobh na Cruinne a bhuachan. Is iad na daoine a bhí buacach ag leibhéal réigiúnach a bhí in ann dul ar aghaidh chuig Oireachtas Rince na Cruinne. Deir Claire, atá ina scoláire in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo, "Tá go leor traenála i gceist. Ag teacht aníos go dtí an comórtas bhí mé ag traenáil idir 5 lá agus 6 lá sa tseachtain ar feadh 2-3 huaire an chloig sa lá." Bhuaigh Claire trófaí atá urraithe ag Michael Flatley, bonn óir agus fuair sí sais agus coróin.

Bhí 4500 damhsóir páirteach sna comórtais éagsúla agus níos mó ná 15,000 duine ann le tacaíocht a thabhairt do na damhsóirí, idir gaolta, múinteoirí agus cairde. Tháinig damhsóirí as 32 tír ar fud an domhain chun páirt a ghlacadh sa chomórtas.

Imeachtaí Chonnacht

Féile Náisiúnta Drámaíochta: Amharclann Chois Fharraige (Seanscoil Sailearna), 29/04/2011 - 01/05/2011

Féile Siúlóidí Acla: Turasóireacht Acla, An Caiseal, Acaill, Co. Mhaigh Eo, 29/04/2011 - 02/05/2011

Noel agus Aisling Hill: Áras Éanna, Inis Oírr, 30/04/2011

Féile Chois Cuain: Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo, 29/04/2011 - 02/05/2011

Mion-Mharatón na mBan in Iarthar na hÉireann: Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo, 01/05/2011

Taispeántas Pictiúr: Áras Éanna, Inis Oírr, 01/05/2011

4ú Léacht Comórtha Paddy Ryan: Téatar 1000, GMIT, 05/05/2011

Féile Joe Éinniú: Carna, 29/04/2011 - 01/05/2011

Féile Cheol Aireagail Dhroim Chliabh: Séipéal Naomh Columba, Droim Chliabh, Co. Shligigh, 30/04/2011 - 02/05/2011

Seoladh Oifigiúil Albam nua Danny O'Mahony

CARNA : Beidh albam nua Danny O'Mahony "In Retrospect" á sheoladh an Domhnach beag seo ag Féile Chomórtha Joe Éinniú in Óstán Chuan Charna ag 2.00.

Is boscadóir é Danny ó cheantar Bhaile Dubh i dtuaisceart Chiarraí. Tá céim bainte aige sa cheol in Ollscoil Luimnigh agus tá Craobh na hÉireann ag an bhFleadh Cheoil buaite go minic aige. Déanann sé teagasc ar an mbosca ceoil ag Scoil Éigse go rialta agus is minic leis a bheith ag moltóireacht ag Fleánna Ceoil na hÉireann le blianta beaga anuas. Is craoltóir agus léiritheoir ceoil é le Radio Kerry.

Déanfaidh an boscadóir clúiteach as Roisín na Mainiach, PJ Ó hIarnáin an chaint ag an seoladh. Beidh roinnt aoicheoltóirí ón albam nua i láthair chomh maith, ina measc Patsy Broderick (pianó), Johnny Ringo McDonagh (bodhrán) agus Cyril O'Donoghue (basúcaí).

Tá Danny páirteach i bhFéile Joe Éinniú le roinnt mhaith blianta anuas. Tá fáilte roimh chách ag an ócáid speisialta seo agus tá saorchead isteach ann. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil ghlaoigh ar Áine Ní Chuaig ag 086 3778055 nó cuir ríomhphost chuig ainenichuaig@yahoo.ie

Danny O'Mahony a bheidh ag seoladh a albam nua 'In Retrospect' ag Féile Joe Éinniú i gCarna an Domhnach seo, 1 Bealtaine 2011.

Ciorcail chomhrá Chonnacht

Claire Fitzpatrick

GAILLIMH

Cupán Tae agus Gaeilge - Lohan's, Bóthar na Trá, Gaillimh. Gach Luan ag 20:00. Glaoigh ar Patricia Lohan ar 091-522696 nó seol ríomhphost chuig goodtimes@lohans.ie chun breis eolais a fháil.

Is Leor Beirt - **Báicéir Hopes, Baile Locha Riach**. Gach Céadaoin ag 11:00 ar maidin. Glaoigh ar 091-870718 le haghaidh breis eolais.

Is Leor Beirt - **Café Mocha, Sráid Dominic**, Gaillimh. Gach Máirt ag 10:30 ar maidin. Glaoigh ar Ghráinne Ní Chonghaile ag 091-567824 nó seol ríomhphost chuig conradh@bradan.iol.ie.

Is Leor Beirt - **The Hub, Ollscoil na hÉireann**, Gaillimh. Gach Máirt ag 11:00 ar maidin. Glaoigh ar Ghráinne Ní Chonghaile ag 091-567824 nó seol ríomhphost chuig conradh@bradan.iol.ie.

Is Leor Beirt - **An Ceaintín, GMIT**, Bóthar Átha Cliath, Gaillimh. Gach Máirt ag 15:00. Glaoigh ar Ghráinne Ní Chonghaile ag 091-567824 nó seol ríomhphost chuig conradh@bradan.iol.ie.

Is Leor Beirt - **Club Áras na nGael**, 45 Sráid Dominic, Gaillimh. Gach Céadaoin ag 20:00. Glaoigh ar Ghráinne Ní Chonghaile ag 091-567824 nó seol ríomhphost chuig conradh@bradan.iol.ie.

Is Leor Beirt - **Áras Éanna, Inis Oírr, Árainn**. Gach Domhnach ag 14:00 - 16:00. Seol ríomhphost chuig Bríd Ní Chualáin, ccteo@eircom.net.

MAIGH EO

Gaeilge do Thuismitheoirí - Ionad Pobail Bhéal Átha hÉin, Maigh Eo. Gach Luan ag 20:00. Glaoigh ar 094-9030913 le haghaidh breis eolais.

Ciorcal Comhrá - **Tigh McCarthy, Sráid an Droichid**, Caisleán an Bharraigh. Gach Céadaoin ag 21:00. Glaoigh ar 087-6972922 le haghaidh breis eolais.

Ciorcal Comhrá - **Tigh Matt Molloy, Cathair na Mart**. Gach Máirt ag 21:00. Glaoigh ar 094-9022444 nó seol ríomhphost chuig eolas@conradhmhaigheo.ie chun breis eolais a fháil.

Club Ógras Millview - Béal an Átha, Maigh Eo. Gach Céadaoin 16:00 - 18:00 le haghaidh páistí 8-12 bhliain, agus 18:00 - 20:00 le haghaidh páistí 12-18 mbliana. Glaoigh ar 091-564376 / 087-927015 nó seol ríomhphost chuig gaillimh@ogras.ie chun breis eolais a fháil.

Club Ógras Saoirse - Dún Ibhir, Acaill, Maigh Eo. Gach Aoine 19:00 - 20:30. Glaoigh ar 091-564376 / 087-927015 nó seol ríomhphost chuig gaillimh@ogras.ie chun breis eolais a fháil.

Club Óige Eachléim - Halla Bhreandáin, Eachléim, Co. Mhaigh Eo. Gach Déardaoin 18:00 - 19:45. Glaoigh ar 097-85727 nó seol ríomhphost chuig comhardeirbhile@gmail.com chun breis eolais a fháil.

Is Leor Beirt - **Óstán McWilliam, Clár Chlainne Mhuiris**. Gach Luan ag 21:00. Glaoigh ar Bhrídín Ní Cheallaigh ar 087-9781166 chun breis eolais a fháil.

Is Leor Beirt - **Ionad Deirbhile, Ionad Oidhreachta, Eachléim**, Béal an Mhuirthead. Gach Máirt ag 20:30. Glaoigh ar 094-9022444 nó seol ríomhphost chuig comhardeirbhile@gmail.com chun breis eolais a fháil.

Is Leor Beirt - **Linenhall Arts Centre, Caisleán an Bharraigh**. Gach Céadaoin ag 11:00 - 12:00. Glaoigh ar Bhrídín Ní Cheallaigh ar 087-9781166 chun breis eolais a fháil.

Is Leor Beirt - **Tara Café, Ionad Siopadóireachta Chaisleán an Bharraigh**, Caisleán an Bharraigh. Gach Déardaoin ag 11:00 - 12:00. Glaoigh ar Bhrídín Ní Cheallaigh ag 087-9781166 chun breis eolais a fháil.

ROS COMÁIN

Is Leor Beirt - **Coffee @ Keogh's**, Ionad Oidhreachta Cruachan Aí, Tuilsce, Co. Ros Comáin. Gach Máirt ag 11:00 - 12:00. Glaoigh ar 071-9639268 nó seol ríomhphost chuig enquiries@cruachanai.com.

SLIGEACH

Is Leor Beirt - **Wheat's Café, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh**. Gach Céadaoin ag 10:30 - 11:00. Seol ríomhphost chuig Eileen Curley, curley.eileen@itsligo.ie chun breis eolais a fháil.

Is Leor Beirt - **Ósta (taobh thiar de Barton Smiths ar bhruach na habhann), Sligeach**. Gach Aoine ag 17:30 - 18:30. Glaoigh ar Sheosamh Mac Muirí ar 087-2754402 chun breis eolais a fháil.

LIATROIM

Is Leor Beirt - **Stanford's, Droim Dhá Thiar**, Liatroim. Gach Satharn ag 11:30 - 12:30. Glaoigh ar Bhríd ag 086-0580034 chun breis eolais a fháil.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Forbairtí an tSiopa Leabhar

Tomaí Ó Conghaile

TÁ an Siopa Leabhar i mBaile Átha Cliath beagnach 40 bliain ar an fhód ach níl lucht a bhainistithe ag luí siar mar go bhfuil forbairtí suntasacha beartaithe acu don tréimhse amach romhainn.

Cé go bhfuil an bhliain acadúil ag teacht chun deiridh - is sciar mór de mhargadh na leabhar Gaeilge iad múinteoirí agus daltaí scoile - tá pleananna á gcur i dtoll a chéile faoi láthair a chuirfidh go mór le seirbhísí an tSiopa amach anseo, suíomh ríomhtráchtála agus veain seachadta san áireamh.

"Sa lá atá inniu ann ní mór do ghnónna láithreacht idirlín bheith acu agus le tamall anuas tá muid féin ag obair ar shuíomh nua ar a mbeidh daoine in ann leabhair a ordú agus a cheannach ar líne," arsa Daragh Ó Tuama, bainisteoir ar an Siopa Leabhar.

"Bíonn an-chuid daoine ag úsáid an idirlín anois le heolas a fháil ar earraí éagsúla agus tá mé sásta a fhógairt go seolfar suíomh úrnua s'againn féin gan mhoill.

"Is minic a bhíonn sladmhargaí agus tairiscintí speisialta ar siúl againn - tá lascainí áirithe ar fáil ar leabhair go dtí an Satharn mar shampla - mar sin is modh eile é an suíomh chun nuacht an tsiopa a scaipeadh agus chun teagmháil a dhéanamh lenár gcustaiméirí."

Forbairt eile ar a bhfuil Daragh ag obair ná veain bheith ag an Siopa le taisteal amach go scoileanna chun leabhair a thaispeáint agus a dhíol.

"Chuirfeadh veain ar ár gcumas i bhfad ní ba mhó daoine a bhaint amach mar go mbeadh sé ní b'fhusa dóibh féin theacht ar leabhair Ghaeilge," ar sé.

"Mar sin má tá suim ag aon scoil nó eagras eile úsáid a bhaint as an tseirbhís seo iarraim orthu teagmháil a dhéanamh linn ag an Siopa chun na féidearthachtaí a phlé."

Le cuidiú le cur i gcrích na bpleananna seo tá cúntóir nua á lorg ag an Siopa i láthair na huaire agus tá sonraíochtaí an phoist le fáil ach ríomhphost a chur chuig siopa@cnag.ie

Beidh an cúntóir lonnaithe ag uimhir 6 Sráid Fhearchair agus is é an spriocdháta le haghaidh iarratas 5in, Déardaoin 5 Bealtaine 2011.

Bíonn an Siopa féin oscailte 9.30rn - 5.30in Luan go hAoine agus 10rn - 4in gach Satharn.

3ú Scoil Scairte Larkin

Tomaí Ó Conghaile

BÁC : Baileoidh cuid de na ceoltóirí, damhsóirí agus filí is iomráití dá bhfuil sa tír le chéile i lár Bhaile Átha Cliath an tseachtain seo chugainn le haghaidh Scoil Scairte Larkin.

Féile cheoil, amhránaíochta, filíochta agus rince í an Scoil atá á reáchtáil den tríú huair ag an Chlé Club in éineacht le grúpaí eile ar nós an chlub amhránaíochta, An Góilín, agus Aisteoirí Chrónáin.

I mbliana tosóidh imeachtaí na Scoile Déardaoin 5 Bealtaine, ar 8.30in sa Flowing Tide, Sráid na Mainistreach, nuair a dhéanfaidh an t-amhránaí Barry Gleeson ceiliúradh ar Bhaile Átha Cliath bheith roghnaithe mar chathair litríochta UNESCO.

Cuirfidh sé amhráin a shamhlaítear leis an chathair i láthair le mórscríbhneoirí mar Joyce agus Kavanagh, chomh maith le hábhar le baird eile atá imithe i ndearmad.

Oíche Aoine i gClub na Múinteoirí, Cearnóg Pharnell, tabharfaidh an file Duibhlinneach Gerard Smyth léargas filíochta ar a chathair dhúchais féin sula gcuirfidh Gerry O'Connor, Martin Quinn, Gabriel McArdle, agus ansin an t-amhránaí clúiteach Niamh Parsons, scoth an cheoil ar fáil.

Tá rogha leathan imeachtaí ar siúl Dé Sathairn fosta, ó Cheiliúradh na Bealtaine i Halla na Saoirse go seisiún ar chumhacht an amhráin le Tommy Sands agus ar 7.45in léireofar Amhrán an Phréacháin Ghlais, meascán tarraingteach de cheol, amhránaíocht agus drámaíocht ag ceiliúradh traidisiún litríochta Sean O'Casey.

Cuirfear bailchríoch le clár na Scoile an oíche sin ar 9.15in nuair a bheas Ceolchoirm na Saoirse ann le The People's College Choir, Cathal McConnell agus ardcheoltóirí eile as gach cuid den tír.

Beidh ranganna agus ceardlanna éagsúla ar an fhidil, amhránaíocht/scríbhneoireacht, damhsa seit agus ar an ghiotár le linn an lae Dé Sathairn chomh maith.

Is é €20 an costas atá ar phas na féile uile, nó €10 ar thicéad lae, agus tá breis eolais faoin Scoil le fáil ag www.cleclub.wetpaint.com

Caifé na Gaeilge in Áth Buí

Tomaí Ó Conghaile

A suíomh idirlín é languagecafe.eu a chuireann eolas ar fáil faoi dheiseanna a sholáthar do dhaoine chun teangacha a labhairt agus a chleachtadh i gcomhthéacs sóisialta.

Tá gréasán de 'chaiféanna teanga' á bhunú ar fud na hEorpa atá ag glacadh teangacha amach as timpeallacht an tseomra ranga agus isteach chuig áiteanna neamhfhoirmiúla ar nós beáranna, bialanna, caiféanna, siopaí leabhar, pictiúrlanna agus eile.

Bíonn na caiféanna seo á reáchtáil ag a lucht úsáidte agus tá fás mór orthu i gcathracha in oirthear na hEorpa, sa Fhrainc, sa Bheilg agus i Sasana, i measc tíortha eile.

Tá an cineál seo de chiorcal comhrá in úsáid ag Conradh na Gaeilge i mBaile Átha Buí, Contae na Mí, áit a mbíonn Caifé na Gaeilge ar siúl gach coicís i dTeach Frankville.

Oíche aréir bhailigh idir chainteoirí líofa agus iad siúd atá ag foghlaim na teanga le chéile chun a gcuid Gaeilge a úsáid go sóisialta agus beidh an chéad chaifé eile ann Déardaoin 12 Bealtaine ar 8.30in.

Ar bharr an chomhrá bíonn ceol agus amhráin le cluinstin ag an chaifé agus cuirtear fáilte roimh chách bualadh isteach chuige.

Ceol na n-éan i gCeatharlach

Tomaí Ó Conghaile

IS áit álainn shuaimhneach iad Gairdíní Altamont, gar do Bhalana i gContae Cheatharlach, agus beidh deis ar leith ann chun an t-atmaisféar sin a bhlaiseadh nuair a bheas ceol binn na n-éan le cloisteáil ann go moch ar maidin, Dé Domhnaigh 8 Bealtaine.

Is luibheolaí í Éanna Ní Lamhna agus roimh éirí na gréine beidh turas treoraithe á thabhairt aici tríd na gairdíní ar 4.30rn le sult a bhaint as an dúlra, cór maidne na n-éan go háirithe.

Tá fáilte roimh chách freastal ar an ócáid Ghaeilge seo agus beidh céadphroinn éadrom ar fáil ina dhiaidh i mbialann An Forge atá suite taobh leis na gairdíní, mar a mbeidh ceol agus cúpla amhrán le cloisteáil chomh maith.

Is eispéireas speisialta atá geallta ag breacadh an lae agus moltar é go hard do dhaoine ar suim leo tarraingt agus draíocht an nádúir.

Anita Woods as Béal Feirste, ag léamh leabhair i mBaile Átha Cliath ag seoladh Fhéile na Scríbhneoirí 2011. Tá 43 scríbhneoir as 12 thír ag glacadh páirte san fhéile 23 - 29 Bealtaine. Tuilleadh eolais ar dublinwritersfestival.com. (PIC: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND)

Imeachtaí Laighean

Comhdháil Bhliantúil Chomhaltais (60bl): Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, 29/04/2011 - 01/05/2011

Féile Ealaíona SoGo Bhaile Átha Cliath: Sráid Sheoirse Íochtarach, Baile Átha Cliath, 30/04/2011 - 02/05/2011

Ceolchoirm Shamhraidh: Eaglais na hÉireann, an Uaimh, Co. na Mí, 01/05/2011, 19:00 - 21:00

Féile Ealaíona Dhroichead Átha: Droichead Átha, 29/04/2011 - 02/05/2011

Bray Jazz: Bré, Co. Chill Mhantáin, 29/4/2011 - 01/05/2011

Féile Smithwick's Rhythm & Roots, Cill Chainnigh: Cill Chainnigh, 29/04/2011 - 02/05/2011

Féile Bhliantúil Shiúlóide Shliabh Bladhma: Comharchumann Forbartha Tuaithe Shliabh Bladhma, Ionad Pobail, Cionn Eitigh, Co Uíbh Fhailí, 29/04/2011 - 03/05/2011

Féile Drámaíochta na hÉireann ag RTÉ: Amharclann agus Ionad Ealaíona Dean Crowe, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, 29/04/2011 - 07/05/2011

Féile Náisiúnta Rásaí Bhaile Phúinse: Ráschúrsa Bhaile Phúinse, An Nás, Co. Chill Dara, 03/05/2011 - 07/05/2011

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Taispeántas ealaíne

BHAINEAS lán mo shúl as an taispeántas ealaíne, 169 iarracht de chuid Fhéile na Cásca a d'eagraigh Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus a sheol an Comh. Séamus 'Chosaí' Mac Gearailt i Halla Fhionn Trá ar an Domhnach seo caite.

Mar a bhí tuartha ag stiúrthóir na hOidhreachta, Máire Uí Shíthigh sa cholún seo an tseachtain seo caite bhí ealaín mhaith i bhfad níos saoire i mbliana ná blianta eile. Dar liom go raibh, ach ní pinginí beaga a cheannódh go leor d'obair na n-ealaíontóirí aitheanta. €2,000 a bhí luaite le 'Na Blascaoidí, ón gCeathrú,' le Cathal Póirtéir, €4,000 ar 'Anfa Mara' le Carol Cronin, €2,750 ar 'Ar an Speal' le Liam Ó Néill; €1,250 ar 'Jimmí' le Joss Liefkens; €2,950 E an luach a bhí luaite le 'Solas Soilseach' agus €2,800 le 'Sruth Trá le fáinne an lae', dhá cheann le Tomás Ó Cíobháin, agus €1,500 le hiarracht Sheáin Sweeney, 'Red Shoreline'. Mar a deir na saineolaithe má tá ealaín de shárchaighdeán uait caithfear díol as.

Is ealaíontóirí aitheanta iad seo agus tharlódh ná raibh aon mhórfhonn ar chuid acu iad a dhíol ach bhí ealaíontóirí a mbeadh meas maith luaite leo go raibh iarrachtaí dá gcuid a bhí ar fheabhas ar shladmhargadh. Seo samplaí d'ealaín thaitneamhach a bhí ar taispeáint: 'Drúcht na Maidne' le Francis Boland ar €180; 'Ráiseanna Bhéal Bán' le Marc Feirtéar ar €250; 'Cam Dhíneoil' le Vincent Gromail ar €150; 'Sruthán Íle' le Clíodhna Cussen ar €240; 'Ealaíon na nÉan 4' le Bob Ó Cathail ar €300; 'An Claí', criadóireacht le Linda Ní hAinifín ar €225 agus grianghrafanna áille le Marcas Ó Dómhnail, 'Idir dhá Shaol' agus 'Ar an dTeorainn' ar €80 an ceann. Bhí píosa dealbhóireachta greanta le Ken Bolger ar €250. Óna bhfaca agus a gcuala, bhí an-éileamh ar go leor dá raibh ar taispeáint.

'Máire Mhaith'

IS é an tAire Rialtais Jimmy Deenihan TD a d'oscail taispeántas de shaothar ealaíne le Maria Simmons-Gooding in Ionad an Bhlascaoid i nDún Chaoin tráthnóna Dé Luain seo caite. Tá aithne go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar Maria de thoradh feabhas a cuid ealaíne.Tá an deich agus trí fichid sroichte ag Maria ar a dtugtar 'Máire Mhaith' mar leasainm i nDún Chaoin. Tháinig Maria chun cónaithe i nDún Chaoin sa bhliain 1968 agus tá cuid maith dá saol ó shin caite aici sa pharóiste is giorra do Mheiriceá.

Labhair Peadar Ó Riada, go bhfuil aithne aige ar Maria le blianta, faoi thábhacht na n-ealaíon. 'Tá,' ar sé, 'trí shaghas aigne ag an duine: an aigne fhisiciúil, an aigne spioradálta agus an aigne chruthaitheach. Is cosúil iad le stól tríchosach ach go mbíonn ceann de na cosa níos sia nó níos giorra ná a chéile, ó dhuine go duine. Ní as airgead ná tréithe eile a eascraíonn ealaín ach as an aigne chruthaitheach,' arsa Peadar.

Ag tagairt do dhaoine a bhíonn ar a ndícheall ag iarraidh a n-éifeacht cheardaíochta cruthaithí a fhorbairt dúirt Peadar, 'Ná mól agus ná dímhól daoi, mar ná faightear saoi gan locht'.

Tá súil againn go mbeidh athghábhail ar dhea-chliú na hÉireann go hidirnáisiúnta de thoradh saothar ár n-ealaíontóirí,' arsa an tAire Jimmy Deenihan. 'Dar liom nuair a thionscnófar bealach teilifíse na n-ealaíon sa tír seo go dtuillfidh an tír moladh, aitheantas agus ómós de thoradh feabhas ár n-ealaíontóirí,' mheas sé.

Mhol an cathaoirleach Mícheál de Mórdha éirim, tuiscint agus feabhas saothar Maria Simmons-Gooding a bheidh ar taispeáint go dtí mí Dheireadh Fómhair in ionad an Bhlascaoid. 'Turas saoil ealaíne 'Mháire Mhaith' é seo,' arsa Mícheál, Bainisteoir Ionad an Bhlascaoid. Dúirt sé gurb é téama na bliana seo do chomóradh bliantúil Fhondúireacht an Bhlascaoid ná 'An Blascaod agus Ealaín' a bheidh ar bun in Ionad an Bhlascaoid san fhómhar seo chugainn.

Gadaithe agus daoine macánta

TÁ gadaithe i gCorca Dhuibhne chomh maith le haon cheantar eile, ach níl an líon coireanna in aon chor gar don mheán náisiúnta. Deirtear linn gur de thoradh gur leithinis atá i gceist agus nach bhfuil ach dhá bhóthar amach agus isteach ann nach mbíonn aon fhonn mór ar ghadaithe a ngairm a chleachtadh. Ní hionann é sin agus gur naoimh atá ann agus a thagann isteach. Tá goid fearas feirme agus tógala, mar aon le goid íle teaghlaigh coitianta go leor.

Bhí fear óg ó Lios Póil ag sumadáil codlata le déanaí nuair a chuala sé glór amuigh. Nuair a d'fhiosraigh sé, bhí triúr fear ag goid a leantóra, ceann do chapaill. Bhí sé leathuair tar éis a dó san oíche ach ba ghearr go raibh fear Lios Póil sa tóir orthu. Ghlaoigh sé ar na Gardaí. Bheir sé suas leis na gadaithe. Ghéilleadar. Thugadar a leantóir ar ais dó. Bhíodar, más fíor, ag dul le quad le fear áitiúil a aistriú, dúradar. I lár na hoíche! Cinnte bhíodar, mar go raibh eochair an quad goidte acu an lá roimhe sin. Bhí na Gardaí ag fanacht leo ach nuair a thréigeadar an leantóir, níorbh fhios d'aon duine cá dtugadar a n-aghaidh mar gur ghlanadar leo agus níl tásc ná tuairisc orthu ó shin.

Ach tá go leor daoine i mbaile mór an Daingin an-mhíshásta le hiompar daoine a bhíonn coitianta timpeall ar Shráid na Daighthe agus Bóthar an Spá sa Daingean, tar éis rincí agus iamh tábhairní, go mór mhór i rith deireadh seachtainí. Dúirt bean linn go bhfuil damáiste déanta arís agus arís eile dá gluaisteán agus do ghluaisteáin eile ag lucht dí agus mioscaise.

"Measann siad gur an-spórt é bheith ag rince ar bharr gluaisteán agus ag briseadh fuinneoga gluaisteán," ar sí.

"Cuireadh fuinneog mo dhorais isteach i lár na hoíche," arsa fear aosta ón gceantar sin liom an lá cheana. "D'fhéadfadh duine a bheith gortaithe go holc ag an gcith de ghloine bhriste dá mbeadh sé laistigh den fhuinneog," ar sé. "Caithfear deireadh a chur leis an ráistéireacht seo óir tá daoine bréan, cráite, ciaptha, agus daoine atá ina n-aonar nó aosta, scanraithe le tamall de bhlianta ag an iompar gránna gan ghá seo," ar sé go díomách.

Ach tá daoine macánta ar an saol chomh maith. Ar an Satharn seo caite bhí sé de mhí-ádh orm m'fhón póca a chailliúint i dTrá Lí. Ní raibh a fhios agam go raibh sé caillte agam gur cuireadh glaoch ar an dtigh. Le scéal fada a chiorrú d'fhág an fear óg a fuair an fón in Óstán é mar a dúradh leis. Thána suas leis tar éis an fón a bhailiú. Fear óg gealgháireach ón Tansáin san Afraic ab ea é agus níor theastaigh uaidh aon sórt luach saothair a thógaint. Tá an t-ainm céanna air agus a bhí ar mhór-réalta cáiliúil scannán gur ón Eigipt dó ó dhúchas.

Ceol, amhráin agus rince

THÁINIG 36 duine ón mBriotáin go dtí Corca Dhuibhne an tseachtain seo caite maraon le Méara Plésidy. Bhí coirm cheoil acu oíche Dé Domhnaigh i Séipéal Bhaile an Fheirtéaraigh. Bhí daoine antógtha leis an ócáid go mór mhór leis an gcór gur daoine óga thart ar fhiche bliain d'aois a bhformhór.

Ina dhiaidh sin bhí oíche mhór cheoil, amhránaíochta agus rince acu i dtábhairne Bric ar an Riasc mar a raibh ceoltóirí áitiúla mar na Coileánaigh, Louis agus Uinseann, agus Liam Lewis ag casadh ina dteannta. Ócáid fíorthaitneamhach.

An tAthair Diarmuid Ó Ríordáin 1929 - 2011.

Múscraí

Misinéir agus ealaíontóir ar shlí na fírinne - An tAthair Diarmuid Ó Ríordáin

Seán Ó Loingsigh

BHÍ searmanas sochraide ar leith i Séipéal Chúil Aodha tráthnóna Luain Cásca seo caite nuair a cuireadh an misinéir agus an t-ealaíontóir, an tAthair Diarmuid Ó Ríordáin, i gcré na cille.

Sagart de chuid Mhisinéirí an Chroí Ró-Naofa ab ea an tAthair Diarmuid Ó Ríordáin a rugadh i gCúil Aodha in 1929. Tar éis dó a chuid bhunscolaíochta d'fháil i Scoil Náisiúnta Chúil Aodha d'fhreastail sé ar Choláiste an Chróí Ró-Naofa ar Bhóthar an Iarthair i gCorcaigh agus ina dhiaidh san ar chliarscoileanna de chuid an oird sa Léim in iarthar Chorcaí agus i bPáirc na Maighne, Co na Gaillimhe.

Oirníodh é i 1953 agus an bhliain dár gcionn chuaigh sé go dtí an Afraic Theas mar chaith sé suas le 37 bliain ag obair ar mhisiúin éagsúla. Bhí sé ar mhisiún san Indinéis leis ar feadh cúpla bliain go luath sna 1960í go dtí gur éirigh sé go dona tinn le malaire, dinnireacht agus heipitíteas. D'fhill sé ar Éirinn go dtí go raibh sé ar fónamh arís chun aghaidh a thabhairt ar an Afraic Theas don dara huair.

Ba san Afraic Theas a thosnigh sé ag cruthú saothair dhealbhadóireachta adhmaid agus chuir sé tionscail bheaga ar bun ionas go mbeadh na bochtáin in ann a gcuid snoíodóireachta a dhíol. D'fhoghlaim sé teangacha dúchasacha na ndaoine agus bhí an dúchas a bhain le Naomh Gobnait Bhaile Bhúirne i gcroílár a chreidimh agus a chuid ealaíne.

Tá dealbhadóireacht adhmaid de Naomh Gobnait leis an Athair Diarmuid i Séipéal Chúil Aodha agus i nDún Chaoin leis mar a thugtar deabhóid don naomh ó Chontae an Chláir ó dhúchas. Foilsíodh leabhar leis le blianta beaga anuas - Gobnait, Teachtaire Dé - inar chuir sé síos ar an scéal a bhaineann le Naomh Gobnait agus ina bhfuil pictiúir a phéinteáil sé agus véarsaíocht Gaelainne mar gheall ar a haistear go hInis Oirr, Luimneach, ceantar Mhala, Dún Garbhán, Dún Chaoin agus Baile Bhúirne.

Bhí a chéad thaispeántas ealaíne ag an Athair Diarmuid san Afraic Theas in 1972 agus tá saothair snoíodóireachta dá chuid scaipithe i measc lucht bailithe ealaíne in Éirinn agus thar lear.

Nuair a d'éirigh sé as na misiúin ar chúiseanna sláinte in 1989 d'fhill sé ar Éirinn mar a chuir sé ceardlann oibre dá chuid obair snoíodóireachta ar bun i gColáiste an Chroí Ró-Naofa i gCarraig na bhFear, Corcaigh. Ball den ghrúpa ealaíontóirí - Ealaíontóirí Mhúscraí - ab ea é agus ghlac sé páirt i dtaispeántais ealaíne dá gcuid i gCorcaigh, Baile Bhúirne agus i dTrá Lí.

Nuair a theip ar a shláinte le blianta beaga anuas chaith sé na blianta deireanacha dá shaol i dTeach Altranais Eochaille mar a d'imigh sé ar shlí na fírinne ar an nDéardaoin Naofa seo caite.

Bhí a chomhmhisinéirí i láthair ag Aifreann speisialta don Athair Diarmuid Ó Ríordáin i Séipéal an Chroí Ró-Naofa i gCorcaigh tráthnóna Dé Domhnaigh, mar a labhair na sagairt Pat Courtney agus Joe McGee faoina gcara. Bhí an greann ann go láidir leis mar ba léir san seanmóir a thug sagart paróiste Bhaile Bhúirne-Chúil Aodha, an t-Athair Dónal Ó Briain, ag Aifreann na Sochraide i Séipéal Cúil Aodha. B'iontach an comhluadar é an tAthair Diarmuid agus cuireadh san in iúl chomh maith i dteachtaireacht a tháinig ó Shiúracha an Chroí Ró-Naofa atá lonnaithe san Afraic Theas.

Chan Cór Chúil Aodha le linn an Aifrinn agus bhí an t-iomann suaimhneasach Salve Regina le cloisint óna chomhmhisinéirí agus an tAthair Diarmuid á chur i gcré na cille lasmuigh, nós atá acu ag sochraidí do shagairt an Chroí-Ró-Naofa. Cuireadh é le hais uaigh an Athar Aindrias Ó Céilleachair, sagart ó Chúil Aodha a d'imigh ar shlí na fírinne in 1954. Níl ann ach an dá uaigh i gclós an tSéipéil agus an tAthair Diarmuid ar a shuaimhneas anois le hais an leacht dealbhadóireachta de Sheán Ó Riada a rinne a chomhdheabhadóir Mike Kenny in 2008.

Aisteoirí Mhúscraí, Seán Ó Muimhneacháin, Noel Ó Ceallaigh, Eibhlín Ní Lionáird agus Áine Uí Chuill a léirigh an scéaldráma Fear na mBataí Croise le Conchubhar Ó Deasúna ag Féile Drámaíochta Chúil Aodha. (PIC: AN COMHLACHAS)

Múscraí

Teip eile do ghadaithe i sacraistí Séipéal Bhaile Bhúirne

Seán Ó Loingsigh

THARLA eachtra gadaíochta i Séipéal Bhaile Bhúirne ar oíche Dhomhnach Cásca seo caite nuair a deineadh iarracht airgead a ghoid ón dtaisceadán i sacraistí an tSéipéil.

Briseadh isteach trí fhuinneog cois tí coirí an tSéipéil agus tugadh faoi dhoras an taisceadáin d'oscailt le huirlisí gearrtha. Gearradh timpeall an taisceadáin chomh maith ach theip ar na hiarrachtaí an doras d'oscailt agus an taisceadán féin a bhogadh ón bhfalla.

Cé gur cuireadh rudaí trína chéile sa sacraistí meastar nár tógadh aon rud agus níor deineadh aon damáiste sa séipéal féin. Is amach trí an fhuinneog a thángadar isteach a d'éalaigh na gadaithe.

Tugadh faoi deara gur tharla an briseadh isteach nuair a chuaigh an sagart paróiste, an tAthair Dónal Ó Briain, chun an séipéal d'oscailt ar a 9.00 maidin Luain Cásca.

"Bhí a lán airgid sa taisceadán ach níor thógadar pingin rua," a dúirt an tAthair Ó Briain.

Thárla eachtra gadaíochta dá leithéid i Séipéal Bhaile Bhúirne i mí Eanair 2008, uair gur theip ar ghadaithe airgead a ghoid ón dtaisceadán sa sacraistí chomh maith. Tá Gardaí Mhaigh Chromtha i mbun fiosraithe maidir leis an eachtra is déanaí.

Siúlóid Lá Bealtaine go Cathair Chrobh Dearg

Seán Ó Loingsigh

DÉ Domhnaigh seo chugainn beidh an siúlóid bhliantúil ó Chill na Martra i Múscraí go Cathair Chrobh Dearg faoi scáth Dá Chíoch Danann ar theorainn Chorcaí-Chiarraí, oilithreacht thraidisiúnta ar an gcéad lá de mhí Bealtaine.

'Sé an siúlóir sléibhe Seán Ó Cróinín ó Chloch Aidhneach i gCill na Martra a d'athbhunaigh an siúlóid seo in 2003, nós a bhíodh ag a athair Risteárd Ó Cróinín blianta roimhis. Cuirfear tús leis an siúlóid ó chlós feirme Sheáin ar a 8.30 maidin Dé Domhnaigh, agus táthar ag súil go mbeidh 50 siúlóir ag glacadh páirte sa turas trí Bhaile Bhúirne agus suas trí Chúm na Cloiche agus siar trí Chlaodach.

Siúlóid 14 míle atá ann ó Chill na Martra ach is féidir le daoine tosnú ón Muileann i mBaile Bhúirne ar a 9.45 ar maidin, nó is féidir tiomáint go Dá Chíoch Danann agus an ceithre mhíle deireanach a shiúl go Cathair Chrobh Dearg, daingean ársa go bhfuil stair Neoiliteach ag baint leis. Tá sé mar nós ag feirmeoirí an oilithreach bhliantúil seo a dhéanamh ar an gcéad lá de mhí Bealtaine ionas go mbeannófaí a mbeithígh agus go mbeadh rath ar a gcuid oibre feirme.

Éacht eile do Nemeton ar TG4

Seán Ó Loingsigh

AN RINN : Tá éacht eile déanta ag an gcomhlacht léiriú teilifíse Nemeton atá lonnaithe sa Rinn i bPort Láirge, agus an lucht féachana is airde fós do TG4 i mbliana fachta ag léiriú spórt dá gcuid.

De réir Nielsen, áiritheoirí oifigiúla d'fhéachaint teilifíse in Éirinn, d'fhéach 307,000 duine ar an meán ar TG4 don mbua a bhí ag Corcaigh in aghaidh Bhaile Átha Cliath i gcluiche ceannais na Sraithe Náisiúnta Peile i bPáirc an Chrócaigh Dé Domhnaigh seo caite.

B'é Nemeton a bhí i mbun léirithe don gcluiche ina raibh Corcaigh go mór chun deiridh ag tráth amháin sa dara leath.

Meastar go raibh duine as gach triúr a bhí ag féachaint ar an dteilifís in Éirinn tráthnóna Dé Domhnaigh, ag féachaint ar TG4, an sciar náisiúnta ab airde ag aon bhealach teilifíse ag an am agus trí oiread an sciar a bhí ag aon bhealach eile.

Bhí beo-chlúdach an Domhnaigh seo caite ar an dara craoladh ab airde riamh maidir le líon lucht féachana ag TG4. Níor sáraíodh é cheana ar TG4 ach amháin an craoladh a deineadh ar chluiche ceannais na Sraithe Iomána a bhuaigh Port Láirge in aghaidh Chill Chainnigh in 2007.

Dúirt Ardstiúrthóir TG4, Pól Ó Gallchóir, go raibh sé thar a bheith sásta leis an dtoradh féachana.

"Tá cáil ar chlúdach an chainéil ar na cluichí Gaelacha le fada agus is cúis áthais dúinn gur chruthaigh Domhnach Cásca 2011 chomh maith sin dúinn. Léiríonn TG4 go leanúnach go bhfuil meas ar dhea-chlúdach spóirt agus ar dhea-thráchtaireacht agus nach aon bhac í an Ghaeilge do lucht leanta spóirt - fuaireamar cruthúnas eile ar sin ar an Domhnach," a dúirt Pól Ó Gallchóir.

Ciorcail chomhrá na Mumhan

Claire Fitzpatrick

Ciorcail Chomhrá i gCiarraí

Ciorcal Comhrá - **Tigh McCarthy, An tSráid Mhór Uachtarach, An Daingean**. Gach Céadaoin ag 20:00 - 21:30. Glaoigh ar Greg ar 087-8252861 chun breis eolais a fháil.

Ciorcail Chomhrá i Luimneach

Is Leor Beirt - Scholar's Bar, Aontas na Mac Léinn, Ollscoil Luimnigh, Caladh an Treoigh, Luimneach. Gach Céadaoin ag 19:00. Glaoigh ar Chríostóir Ó Faoláin ar 087-6225725 nó seol ríomhphost chuig tirganan-im@gmail.com chun breis eolais a fháil.

Ciorcail Chomhrá i gCo. an Chláir

Is Leor Beirt - Café Potter's Hand, Cill Rois, Co. an Chláir. Gach Céadaoin ag 20:00 - 21:00, agus gach Satharn ag 15:00 - 16:00. Glaoigh ar Mháire Hamilton ag 086-3455961 chun breis eolais a fháil.

Is Leor Beirt - Old Bar, Wolfe Tone Shionainne, Sionainn, Co. an Chláir. Gach Céadaoin ag 20:15. Glaoigh ar 061-368194 nó seol ríomhphost chuig lodonnghaile@hotmail.com chun breis eolais a fháil.

Ciorcail Comhrá i bPort Láirge

Is Leor Beirt - Gingerman Bar, Lána Arundel, Port Láirge. Gach Déardaoin ag 21:30 - 22:30. Glaoigh ar Sheán Ó Briain ag 086-3086661 nó seol ríomhphost chuig seanuabri-ain@gmail.com chun breis eolais a fháil.

Ciorcail Chomhrá i dTiobraid Árann

Is Leor Beirt - Tigh Skeahan (Teach Kickham), Cearnóg na Saoirse, Durlas, Co. Thiobraid Árann. Gach Déardaoin ag 21:00 - 23:00. Glaoigh ar Laoise Ní Cheallaigh ar 087-6187089 nó seol ríomhphost chuig lnicheallaigh@stpats.ie chun breis eolais a fháil.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cairde ag ceiliúradh na hilchulthúrthachta

Tomaí Ó Conghaile

IS fada ócáidí a nascann an cultúr Gaelach le cultúir eile bheith ar siúl i gcathair Ard Mhacha agus Dé Sathairn 14 Bealtaine neartófar an ceangal sin arís nuair a eagrófar oíche mhór shiamsaíochta sa Northern Bar.

Is é an grúpa teanga Cairde Teo atá ag reáchtáil an fhéasta cheoil agus bhia ina mbeidh ceoltóirí agus damhsóirí as Éirinn, as an Pholainn agus as an Liotuáin uilig ar an ardán.

Amhránaithe áitiúla agus an rapcheoltóir iomráiteach as Tiobraid Árann, Bubba Shakespeare, a bheas ag déanamh ionadaíochta ar son na nGael ar an oíche agus beidh cuideachta acu ó ealaíontóirí éagsúla as oirthear na hEorpa.

Beidh banna Liotuánach ag cur meascán bríomhar de phopcheol, rac-cheol agus amhráin thraidisiúnta a dtíre féin i láthair, beidh taispeántas ann de rince traidisiúnta na Liotuáine agus ceolfaidh grúpa as an Pholainn a gcuid amhrán féin chomh maith.

"Tá Cairde Teo ag déanamh iarrachta le tamall de bhlianta anuas ceangal a dhéanamh le mionlaigh eile sa cheantar," arsa Seán Ó Maoilsté, oifigeach leis an eagraíocht.

"Chuir muid ranganna Gaeilge ar fáil do Pholannaigh mar shampla, agus bhí cainteoirí Gaeilge ag foghlaim na Polainnise chomh mhaith, agus chuidigh sé sin go mór le tuigbheáil a chothú idir an dá phobal.

"Ba rud nádúrtha é dúinn tógáil air sin agus tá an-áthas orainn anois go mbeidh ócáid spleodrach nua-aoiseach ar siúl againn sa chathair gan mhoill.

"Ní amháin go dtaispeánfaidh an oíche seo d'Éireannaigh áitiúla go bhfuil beocht ar leith sa Ghaeilge, go bhfuil na traidisiúin dhúchasacha beo taobh le nósanna úra na teanga, ach tugann sé deis do na daoine sin ó áiteanna eile atá anois ag cur fúthu anseo eolas níos fearr a fháil ar chultúr na hÉireann.

"Is sciar measartha suntasach den phobal in Ard Mhacha iad daoine as

oirthear na hEorpa agus b'iontach an rud é níos mó aithne a chur ar an chultúr s'acu féin chomh maith - tabharfaidh an ócáid seo an deis sin dúinn."

Mar aon leis an cheol agus leis an damhsa beidh bia traidisiúnta na Polainne agus na Liotuáine le blaiseadh fosta ar an oíche.

Tosóidh an chraic ar 8.30in sa Northern Bar agus beidh saorchead isteach ann do chách.

Cianrás Bhéal Feirste chugainn

Tomaí Ó Conghaile

BEIDH luthchleasaithe as gach cearn d'Éirinn agus níos faide i gcéin ag tarraingt ar Bhéal Feirste an Luan beag seo, 2 Bealtaine, le páirt a ghlacadh i maratón na cathrach.

Seo an 30ú bliain den chianrás a thosnaíonn ag Halla na Cathrach agus a théann tríd an mhórchuid den chathair, Bóthar na bhFál agus Bóthar na Seanchille san áireamh, sula gcríochnaíonn sé ag Páirc Ormeau ar an taobh theas den Lagán.

Is iad Macmillan Cancer Support agus Transplant Sport an dá chumann carthanachta oifigiúla i mbliana ach bíonn daoine ag rith ar son cúiseanna éagsúla agus tá Spraoi-Rith ann, atá 3 mhíle ar fad, dóibhsean nach bhfuil fonn orthu an bealach iomlán a reáchtáil.

Táthar ag dreim le breis agus 20,000 reathaí bheith ar an líne thosaithe ar an Lá Saoire Bainc agus ina measc beidh roinnt Gael ag cur orthu na mbróg reatha chomh maith.

Tá Stiofán Ó Coinne, múinteoir Gaeilge in Ardscoil Naomh Pól ar an Sruthán i gcontae Ard Mhacha, i mbun traenála don dúshlán le ceithre mhí anuas.

"Seo an tríú huair domh páirt a ghlacadh i maratón agus tá na hullmhúcháin ag dul ar aghaidh go maith go dtí seo," ar sé.

"Tá mé féin agus Gael eile, Wayne Mac Feilimí, ag díriú isteach ar an traenáil ó bhí tús na bliana ann, ag déanamh trí rith in aghaidh na seachtaine, agus tá mé ag súil leis an lá mór anois.

"Ní mór duit bheith an-tiomanta agus tú ag ullmhú do rás den chineál seo ach is fiú go mór an tairbhe an trioblóid.

"Ó thaobh an taispeántais ar an lá féin de, braitheann go leor ar an aimsir ach tá iarracht mhaith curtha isteach agam le roinnt míonna anuas agus tá mé i ndóchas go gcuirfidh mé feabhas ar na hamanna a bhí agam roimhe seo."

Agus tá spreagadh breise ann do na reathaithe i mbliana mar go bhfuil duais £2,000 ann don chéad fhear agus don chéad bhean a n-éiríonn leo na curiarrachtaí reatha, a rinne Marty Deane in 1985 agus Marashet Jumma in 2008 faoi seach, a shárú.

Slí Cholmcille le plé sa Ghleann

Tomaí Ó Conghaile

IS tionscnamh nua turasóireachta, oidhreachta agus cultúrtha é Slí Cholmcille a dhéanann ceiliúradh ar shaol an naoimh chlúitigh agus a leagann béim ar na ceangail stairiúla agus teangeolaíochta atá ann idir Éirinn agus Albain.

Tá gné idirlín agus gné fhisiciúil araon leis an togra agus Dé Céadaoin 4 Bealtaine beidh deis ag muintir Dhún na nGall a dtuairimí faoin tSlí a chur in iúl nuair a bheas cur i láthair oscailte ar siúl in Oideas Gael, Gleann Cholmcille, ar 6in.

Tá comhairliúchán ag dul ar aghaidh i láthair na huaire ar ábhar an tsuímh idirlín - a chuirfear ar fáil i nGaeilge na hÉireann, i nGaeilge na hAlban agus i mBéarla - agus ar na bealaigh éagsúla turasóireachta a chuimsíonn 9 gceantar ar fad ó Dhún na nGall agus na Speiríní ar an taobh seo de Shruth na Maoile ar aghaidh go hEarra Ghàidheal agus Innse Gall in Albain.

Mar chuid den chur i láthair, atá saor in aisce, tabharfaidh Brian Lacey, seandálaí agus saineolaí ar Cholmcille ón Chlár Fionnachtana i mBaile Átha Cliath, cuntas ar stair an naoimh agus is í Lucy Harland ó Phròiseact nan Ealan a thabharfaidh léiriú ar an suíomh gréasáin agus ar na conairí féin.

Chomh maith le heolas a scaipeadh faoi oidhreacht Cholmcille, tá sé mar sprioc ag an tSlí, atá páirtmhaoinithe ag an Chrannchur Oidhreachta agus ag an eagras Colmcille, naisc a chothú idir pobail dhifriúla na Gaeilge maidir le tíreolaíocht, le déantúsaíocht agus le míreanna eile den chultúr atá bunaithe ar theanga.

Tá tábhacht shiombalach ag Naomh Colmcille ó thaobh an chultúir Ghaelaigh in Éirinn agus in Albain de mar ba Chonallach é a d'imigh as Doire sa bhliain 563 agus a bhunaigh mainistir chumhachtach ar oileán Í.

Ba ón mhainistir sin a leathnaigh an Chríostaíocht agus léann na Gaeilge amach ar fud na hAlban.

Beidh teacht, ar bhealach úr nuálach, ar an eolas uilig faoi thionchar an naoimh nuair a sheolfar an tSlí níos moille an samhradh seo.

Más mian le haon duine freastal ar an chur i láthair i nGleann Cholmcille, atá saor in aisce, is féidir teagmháil a dhéanamh le Noeleen Ní Cholla ar 074 95 58121 nó nnicholla@forasnagaeilge.ie

Turais Ghaeilge ar Halla na Cathrach, Béal Feirste

Tomaí Ó Conghaile

TÁ cinneadh stairiúil déanta ag Halla na Cathrach i mBéal Feirste turais treoraithe den fhoirgneamh a chur ar fáil as Gaeilge.

Is fada an cruinneachán mór i lár na cathrach bheith ina shiombail daingean ar an Aontachtas ach tá comhdhéanamh na n-údarás sa chathair ag athrú de réir a chéile agus bíonn impleachtaí ann don Ghaeilge dá bharr.

Gach lá le linn na seachtaine cuirtear trí thuras treoraithe den Halla ar fáil i mBéarla ach, i ndiaidh dóibh roinnt iarratas a fháil ón phobal, tá sé beartaithe anois ag oifigigh an Halla seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil nuair a iarrtar í.

Is comhairleoir cathrach de chuid Sinn Féin é Caoimhín Mac Giolla Mhín a bhí páirteach sa phróiseas chun tús a chur le soláthar na dturas Gaeilge.

"Fuair Halla na Cathrach iarratais ó dhaoine éagsúla i bpobal na Gaeilge a bhí ag iarraidh theacht isteach chuig an fhoirgneamh agus turas a fháil ina dteanga féin," arsa an tUasal Mac Giolla Mhín.

"Phléigh muid na féidearthachtaí le lucht riaracháin an Halla agus anois tá sé aontaithe acu go gcuirfidh siad turais Ghaeilge ar fáil chomh maith.

"Is é an rud is tábhachtaí anois ná go dtapaíonn cainteoirí Gaeilge an deis seo agus go mbaineann siad úsáid as an tseirbhís."

Dar leis an Uasal Mac Giolla Mhín go mbeidh na turais an-oiriúnach do Ghaelscoileanna agus moltar d'aon ghrúpa a bhfuil spéis acu iontu teagmháil a dhéanamh le Comhairle Chathrach Bhéal Feirste le cur in iúl dóibh go bhfuil éileamh ann d'áiseanna Gaeilge.

"Is í an teachtaireacht ba mhaith linn a scaipeadh ná gur le gach duine Halla na Cathrach agus nach mbaineann sé le taobh amháin den phobal," ar sé.

"Áit stairiúil mhaorga í agus ba cheart go mbeadh cainteoirí áitiúla Gaeilge, mar aon le turasóirí, in ann cuairt a thabhairt ar an Halla agus eolas a fháil faoi ina dteanga dhúchais féin."

Tá treoraí le Gaeilge cheana féin aimsithe ag an Chomhairle ach má bhíonn go leor éileamh ann le haghaidh an dturas Gaeilge meastar go mbeadh orthu próiseas earcaíochta a thosnú le treoraí a fhostú ar bhonn níos buaine.

Cé gur céim shuntasach chun tosaigh don Ghaeilge iad na turais seo aithnítear chomh maith go bhfuil cuid mhór eile go fóill le déanamh ar son na teanga sa chathair, ag leibhéal na Comhairle san áireamh.

I mí Feabhra na bliana seo thosaigh comhairleoirí de chuid an DUP ag screadaí agus béiceadh le linn don chomhairleoir Mac Giolla Mhín labhairt as Gaeilge ag cruinniú Comhairle agus an mhí seo caite vótáil an Chomhairle i gcoinne moltaí chun comharthaí Gaeilge, ná Albainis Uladh, a chur in airde i gceantair áirithe.

Tháinig na mílte poblachtach le chéile thar an deireadh seachtaine fada chun comóradh 95 bliain a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca agus orthu siúd a fuair bás i 1916. Léigh Michelle Doherty, thuas, an Rolla Onóra thuas i mBun Chranncha i nDún na nGall mar chuid de chomóradh a bhí ag Sinn Féin.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Baill de Camp Claddagh ag bigil a bhí ar siúl Dé Luain mar chomóradh ar 25 bliain ó bhí tubaiste núicléach Shearnóbail ann.

Vincie 'John' O'Donnell as Mín an Chearrbhaigh, Anagaire le Banna Fífeanna agus Drumaí Anagaire Domhnach na Cásca. Bhí sé ag ceiliúradh 60 bliain den mháirseáil le bannaí ar Dhomhnach na Cásca. (PIC: EOIN MC GARVEY)

Brian Ó Broin (Ollscoil William Paterson, Nua Gheirsí), Ciarán Ó Coigligh (Coláiste Phádraig, Droim Conrach), Brian Ó Conchubhair (Ollscoil Notre Dame, Indiana), agus Liam Ó Dochartaigh (Cumann Merriman), a ghlac páirt sa seisiún "Treonna Nua i Litríocht na Gaeilge" ag Comhdháil Mheiriceánach an Léinn Éireannaigh in Madison, Wisconsin, ar 31 Márta, 2011.

An ceoltóir óg Seán Hill, a athair Noel gur bronnadh Gradam Ceoil TG4 2011 air, an píobaire Tommy Fagan agus an boscadóir Oliver O'Connell ag ócáid na nGradam in Áras Ceoldráma Loch Garman. Craoladh an cheolchoirm oíche Dhomhnach na Cásca ar TG4. Bhí fear an chonsairtín le feiceáil ar stáitse i dteannta na mbuaiteoirí eile: Muireann Nic Amhlaoibh (Amhránaí na Bliana); Ben Lennon (Gradam Saoil); Micheál Ó Súilleabháin (Gradam na gCeoltóirí); Liz Carroll (Cumadóir na Bliana) agus Pádraic Keane, píobaire as Meáraí, Gaillimh (Ceoltóir Óg na Bliana). (PIC: Ó LOINGSIGH)

Craoltóir agus deileadóir, Máirtín Davy, Indreabhán le deileadóir agus stairí áitiúil Ruaidhrí Ó Conceannain, Inis Meáin ag Aonach Ealaíon agus Ceardaíochta Chonamara sa Conamara Coast an le déanaí

Aisteoirí na hÓmaí a bhí páirteach in oíche dhrámaíochta a bhí ar siúl in Ionad Ealaíon na Sruthla le déanaí. Ó chlé: Cairín Ní Loinn, Maighréad Nic Cealla Bhuí, Nioclás Ó Casaide, Aoife Loughran, Piaras Mac Bhloscaidh, Bernadine Nic Shamhrain agus Caoimhín Mag Uiginn.

TRÁCHTAIREACHT

Bua ag an bhás?

Alan Mac Eochagáin SJ

SIN céist mhór na Cásca. An é an bás an focal scoir? Go deimhin? Go críochnaitheach?

Tá freagra soiléir ag an Soiscéal: i ndiaidh bhás Aoine an Chéasta tháinig an Cháisc agus beatha úrnua. Más rud é go gcreidimid in Aiséirí Íosa níl ansin ach an chéad chéim. Níor tharla a mhacasamhail d'aon duine eile agus mar sin de tá sé deacair orainn é a shamhlú. Caithfimid an creideamh teibí sin a fhréamhú ó lá go lá. Is mór an cuidiú an analach, mar bíonn an bheatha agus an bás in adharca a chéile an t-am ar fad.

Mar shampla cúpla mí ó shin chuala mé caint leis an Athair Michael Lapsley, sagart Anglacánach a ghlac seasamh láidir san Afraic Theas leis an ANC i gcoinne na cinedheighilte. Cé gur fear geal é de bhunadh na hAstráile bhí sé ina sheiplíneach don ANC. Roimh i bhfad bhí iomrá an rebeiliúnaigh air agus sa deireadh thiar thall bhí air teitheadh chun na Siombáibe sna hochtóidí. In Aibreán 1990, cúpla lá i ndiaidh do rialtas na hAfraice Theas Nelson Mandel a scaoileadh saor ón ghéibheann tháinig dhá irisleabhar tríd an phost chuig Michael Lapsley in Harare na Siombáibe. Buamaí a bhí iontu. (Is cosúil gur tháinig siad ó dhaoine de chuid fhorsaí rialtas Pretoria nach raibh ar aon intinn leis an athrú meoin a bhí ag teacht ar na ceannairí.)

Nuair a d'oscail Lapsley iad stróiceadh an dá lámh de, fágadh ar leathshúil agus i mbéal a bháis é.

I dtús baire bhí sé go hiomlán leis féin, briste brúite ina anam chomh maith lena chorp. Cén saol a bheadh aige? Chuaigh ualach na heagla, na feirge agus an éadóchais thar a acmhainn agus chonacthas dó nach dtiocfadh sé choíche as an lionn dubh a bhí ina cheo tiubh anuas air.

An t-Athair Michael Lapsley

Labhraíonn Lapsley go spreagúil agus go simplí ar an phróiséas fhadalach ar tháinig sé tríd ina dhiaidh sin. Deir sé féin go bhfuil sé tar éis aistear iontach tábhachtach a chur de. Thosaigh sé amach ina 'íospartach'. Ina dhiaidh sin 'duine a tháinig slán' a bhí ann. Anois is 'buaiteoir' é, a deir sé.

Tá dhá phionsúr miotail aige anois san áit a raibh na lámha, agus é breá aclaí á láimhseáil. Tá loinnir sa leathshúil a tháinig slán agus aoibh an gháire ar an aghaidh atá breactha le coilm ón ionsaí, a thugann le fios go bhfuil rud iontach speisialta in anam an duine sin.

Seo an dóigh a gcuireann sé síos ar an eispéireas a bhí aige: "Go ceann ceithre mhí i ndiaidh an ionsaithe bhí mé chomh hanbhann le naíonán nuabheirthe - ní raibh mé in inmhe faic a dhéanamh dom féin. Tháinig pictiúr i mo chuimhne d'Íosa, ó thraidisiún an Oirthir. Ní raibh corp foirfe an fhir bháin aige mar is iondúil, ach bhí cos aige a bhí níos gairide ná an ceann eile. Íomhá atá ann ó Íseáia go mbeadh máchail ar an Mheisias. Chuidigh an pictiúr go mór liom, go raibh míchumas coirp i ndán dom anois. Thuig mé gur dual don chine daonna ar fad an míchumas, an mháchail agus an neamhiomláine: le go mbeimid daonna go hiomlán bíonn Dia de dhíth orainn agus bímid de dhíth ar a chéile. Leis sin bhí mé ag tabhairt turas úr orm féin. Cé go raibh mé briste brúite mhothaigh mé Dia i mo theannta."

Agus é ag dul i neart, nuair a chuaigh sé chun cainte leis an easpag faoi dheireadh, bhí ionadh ar an easpag. "Is duine le míchumas thú anois. Cad é is féidir leat a dhéanamh?"

"Is é a dúirt mé leis," a deir Lapsley, "gur fearr an sagart a bheidh ionam gan lámha ná leis an dá lámh. Tá an míchumas le feiceáil ar an taobh amuigh i mo chás-sa. Bíonn sé ar an taobh istigh de ghnáth."

Ón lá sin ar aghaidh tá Michael ag obair ar son daoine a d'fhulaing de dheasca an fhoréigin agus an chéasta. Óna thaithí féin tuigeann sé go bhfuil géarghá ag daoine le cabhair ar leibhéal na síceolaíochta, na mothúchán agus an spioraid. Tá obair níos fearr agus níos mó á déanamh aige anois mar shagart ná mar a bhí riamh. Aiséirí beag atá ann, a deir sé, a bhuíochas do Dhia. Ní raibh an bua ag an bhás.

Is é an tAthair Alan Mac Eochagáin SJ, an t-eagarthóir ar an iris Ghaeilge, An Timire.

B'fhearr liom leabhar maith ná obair tí!

Bernie Ní Fhlatharta

CHUIR comharsa liom ceist orm cúpla seachtain ó shin - an ndéanann tú aon obair tí?

Chuir sí an cheist tar éis a bheith ag éisteacht liom ag caint ar an méid leabhar a léim. Níor chreid sí go mbeadh an oiread sin ama ag aon duine le caitheamh ina shuí ag léamh leabhar.

An freagra, nach ndéanaim mar go bhfuil an saol róghearr le bheith ag níochán agus ag sciúradh.

Caithfidh mé a admháil anois nach bhfuil sé sin fíor - déanaim obair tí b'fhéidir uair sa mhí agus tá sé sin sách minic. Cén mhaith an teach a bheith glan agus néata agus gan aon duine ag bualadh isteach ar an teallach.

Agus cén mhaith daoine ag tabhairt cuairte orm muna bhfuil aon cheo le plé agam leo?

Tá an iomarca daoine ag cur ama amú ag cúlchaint faoi na comharsana agus muintir an bhaile. Níl locht ar bith agam ar roinnt de mar níl aon duine againn nach mbíonn ag cúlchaint corruair, ach i ndáiríre níl aon suim agam sa chaitheamh aimsire seo.

Dúirt an t-údar Shirley Conran blianta ó shin, "Life is too short to stuff a mushroom," agus aontaím ar fad léi.

Dúirt an t-údar Shirley Conran blianta ó shin, "*Life is too short to stuff a mushroom*," agus aontaím ar fad léi.

Ach leis an fhírinne a insint, níl mé in ann an dusta a sheasamh rófhada agus i ngan fhios dom féin thosaigh mé ag glanadh an tí Aoine an Chéasta. Is cosúil go bhfuil obair tí déanta agam ar an lá sin le tríocha bliain anuas, dar le mo chara buan.

Is dócha gur beag eile is féidir a dhéanamh ar an lá sin muna bhfuil tú páirteach sna seirbhísí sa séipéal, cosúil liomsa agus chomh fada agus is cuimhin liom is ag níochán fuinneog is mó a chaith mé an lá beannaithe sin.

Mar sin bhí sé san fhuil, is dócha, gur thosaigh mé ag glanadh an tí Dé hAoine seo caite. Bhí meangadh gáire orm agus mé ag smaoineamh ar mo chomharsa.

Dá bhfeicfeadh sí mé! Ach creidim go bhfuil mise in ann an oiread obair tí a dhéanamh in aon uair an chloig agus a thógann cúpla uair an chloig ar dhaoine eile.

Dá bhrí sin, bíonn níos mó ama agamsa suí i gcúinne éigin den teach agus mo leabhar a oscailt.

Tá toitíní ag daoine eile, nó alcól, nó siopadóireacht ach is é an léitheoireacht atá agamsa.

Tugann sé mé ar fud an domhain agus isteach i scéalta daoine eile i bhfíorscéalta nó in úrscéalta.

Agus sin rud nach féidir a dhéanamh agus tú ag níochán fuinneog. . . muna bhfuil an leabhar curtha ar do iPod.

Anois, sin an-smaoineamh!

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Aibreán, 2011

TV3, €10.6 milliún agus Nuacht TG4

Conall Ó Móráin

Ceanncheathrú TG4, Baile na hAbhann, Conamara

TÁ a chuid peataí ag Colm McCarthy, mar atá againn go léir, ach níl TG4 ina measc. Ní hé go bhfuil sé i gcoinne seirbhís teilifíse as Gaeilge, go bhfios dom, ach is amhlaidh gur tugadh post dó dul agus breathnú go fuarchúiseach ar gach aon eagras Stáit chun a fheiscint an bhféadfaí airgead a dhéanamh as trí é a dhíol nó an bhféadfaí na seirbhisí a chuireann sé ar fáil a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtaí.

Tá an tír bancbhriste agus níl aon dul as ach roinnt de na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair a chúngú nó a chur ar ceal go hiomlán.

Dúirt McCarthy gur chóir na seirbhísí a chuireann RTÉ ar fáil do TG4 a dhíol le muintir Bhaile na hAbhann ar bhonn tráchtála.

Dá bharr, thomhais McCarthy gur fiú €10.6 milliún sa bhliain an uair an chloig teilifíse in aghaidh an lae a sholáthraíonn RTÉ do TG4.

Níl mioneolas agam ar bhainistíocht TG4 ach tá taithí agam sa chraoltóireacht agus tá roinnt tuisceana agam ar an méid a chosnaíonn cláracha teilifíse.

Easpa eolais ar chostais TG4

An chéad rud ná gur chuir sé ionadh orm nach raibh TG4 sásta, nó b'fhéidir ábalta, bheith cruinn maidir leis an méid airgid go díreach gur fiú, dar leo, an méid a chuireann RTÉ ar fáil dóibh. Mura bhfuil greim láimhe sárdhaingean ag bainisteoir ar a chostais ghnó ní fada a mhairfidh sé i ngnó. Bhí plé agam le deireanas le daoine ó TV3 agus ba chuma cén chuid dá ngnó a luaigh mé bhí na costais ar eolas acu ar bharr a gcinn.

Níl aon speisialtóireacht ag McCarthy i gcúrsaí craoltóireachta seachas nach bhfuil sé cúthaileach ós comhair ceamara. Caithfidh go bhfuair seisean an figiúr a d'úsáid sé ó dhuine éigin, agus is dócha gur figiúr ó RTÉ atá ann. Más ea, bheadh sé nádúrtha, i síceolaíocht an mhargaidh, go mbeadh an figiúr is airde á lua ag RTÉ.

Cuid mhór den mhéid a léiríonn RTÉ do TG4 ná cúrsaí nuachta. Anois, tá dhá bhealach gur féidir breathnú ar céard is fiú an tseirbhís seo. Is féidir breathnú air go lom agus a rá dá mbeadh craoltóir tráchtála chun nuacht laethúil a chur ar fáil do chliant, chuirfidís na costais ar fad san áireamh, idir fhoireann agus fhoinsí nuachta agus b'fhéidir go mbeidís in ann teacht ar fhigiúr chomh hard le €10.6 milliún.

Ach ní mar sin atá.

Tá seomra nuachta in RTÉ atá ag plé leis an nuacht i mBéarla. I dtéarmaí nuachta idirnáisiúnta is córas aistriúcháin a bhíonn ar siúl ag 'Nuacht' – ní haon drochrud é seo, seo mar a tharlaíonn sé ar fud na cruinne.

Tá an méid seo á dhéanamh ag Nuacht RTÉ dóibh féin cheana féin agus níl sé cothrom costas iomlán aistriúcháin a ghearradh ar TG4 mar tá mé cinnte go bhféadfaí é a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar phraghas i bhfad níos saoire. Dá ndíolfadh RTÉ (Béarla) a gcuid nuachta i mBéarla le TG4, a chuirfeadh Gaeilge uirthi trí aistritheoirí san iarthar, bí cinnte go mbeadh sé i bhfad níos saoire ná an córas reatha.

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Fiontar

Rinne RTÉ cinneadh na blianta fada ó shin nach mbeadh ar a gcuid iriseoirí bheith dátheangach; bhí am ann nuair a d'fhéadfadh an comhfhreagraí céanna an tuairisc chéanna a thabhairt i mBéarla agus ansin i nGaeilge.

B'fhéidir go raibh deacrachtaí ann daoine maithe a fháil go raibh cumas Gaeilge acu ach tá an saol athraithe go hiomlán anois ó shin. Le fás na nGaelscoileanna tá na mílte daoine óga go bhfuil líofacht, nó gar di, acu a d'fhéadfadh dul le craoltóireacht dhátheangach. Níos fearr ná sin tá céimithe á réiteach gach aon bhliain i gcúrsaí iriseoireachta i nGaeilge (agus beidh Béarla acu ar ndóigh) ar chúrsa Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'fhéadfadh RTÉ athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí earcaíochta atá acu chun an dátheangachas a chur chun cinn arís san eagras. Dá mbeadh Béarla agus Gaeilge ag a gcuid iriseoirí (mar atá cheana féin ag muintir Nuacht) d'fhéadfadh siad ardú táirgíochta suntasach a sholáthar ar chostas neamhní.

Ach, agus bíonn 'ach' ann i gcónaí, maidir le cúrsaí nuachta teilifíse is gá teacht ar fhístéipeanna nó ar phictiúir má táthar chun craoladh teilifíse d'ardchaighdeán a léiriú. Ag deireadh an lae is córas amhairc an teilifís. Gan phictiúir níl ann ach raidió ar an scáileán. Tá sé i bhfad níos deacra teacht ar fhoinsí neamhspleácha de scannáin nuachta mar gur gnó mór domhanda atá inti agus tá sé thar a bheith daor pictiúir mhaithe nuachta a cheannach.

Rugbaí Beo

Dream ceannródaíochta i gcónaí iad muintir TG4. Is minic a fheicfidh tú léirmheastóirí Béarla ag fiosrú cén fáth nach féidir le RTÉ 1 cláracha de chaighdeán agus den leibhéal céanna spéise a bhíonn ag TG4 a sholáthar don phobal Béarla. Tá TG4 tar éis rudaí eile spéisiúla a dhéanamh thar na blianta. Sholáthair siad faisnéis aimsire a bhí níos cruinne ná an fhaisnéis a bhíonn ar fáil ar RTÉ. Nuair a bhí Sky ag iarraidh monaplacht a fháil ar an sacar i Sasana chuir TG4 sacar Albanach ar fáil agus anois tá lucht féachana nua faighte ag TG4 lena gclár Rugbaí Beo, cluiche nach raibh mórán téarmaíochta i nGaeilge ann lena aghaidh go dtí gur thosaigh TG4 á chraoladh.

TV3 sa phictiúr?

Má deir RTÉ gur fiú €10.6 milliún in aghaidh na bliana an méid a sholáthraíonn siad, chuirfinnse geall go mbeadh TV3 in ann seirbhís bhreá nuachta teilifíse a chur ar fáil ar an gceathrú cuid den phraghas sin agus go mbeadh fonn orthu, b'fhéidir, earcaíocht a dhéanamh, thar achar ama, ar iriseoirí dátheangacha. Is briseadh mór cultúrtha corparáide a bheadh sa mhéid seo ach ní raibh eagla ar TG4 a leithéid a dhéanamh roimhe seo.

Bheadh an-spéis agam aghaidheanna na mbainisteoirí nuachta in RTÉ a fheiscint dá gcaillfeadh siad an conradh le TG4. Cé gur cinnte go mbeadh roinnt acu sásta go raibh dealg TG4 as a dtaobh bheadh na hardbhainisteoirí ar mire go mbeadh bob buailte ag TV3 orthu. Agus ar ndóigh chuirfeadh sé le saol cultúrtha na tíre go raibh dhá fhoinse nuachta teilifíse ar fáil agus d'fhéadfadh sé cabhrú chun meon bhainisteoirí na gclár ar TV3 a athrú freisin.

Sharon Ní Bheoláin ó RTÉ, bean atá ábalta an nuacht a léamh i nGaeilge agus i mBéarla.

1974 - Bliain an Bhua?

Eoghan Ó Néill

Comóradh na Cásca 1916 de chuid an '32 County Sovereignty Movement' ag Reilig na Cathrach, an Creagán, Doire - Léann ball den 'fíor' IRA ráiteas amach ar son na heagraíochta sin ag cur in iúl go leanfaidh siad leo ag iarraidh baill den PSNI a mharú (Pic : Laura Hutton/Photocall Ireland)

AM nárbh aoibhinn a bheith beo, '74, Year of Victory.'

Bhí sé sin péinteáilte ar gach dara balla i mBéal Feirste in 1974 agus an tIRA den bharúil go raibh an cogadh buaite acu nach mór.

Agus bhí cúis acu lena chreidbheal.

Bhí na scórtha mílte duine ag diúltú cíos ná rátaí a íoc mar gheall ar imtheorannú.

Ó Bhaile Uí Mhurchú go hArd Eoin , ó Ard Mhacha Theas go Tír Eoghain Thoir bhí cuid mhór den tuaisceart imithe ó smacht na n-údarás.

Ba chuid den saol ag gach duine againn na cathanna gunna a mhair feadh an lae, gártha mholta na bpáistí ar chloisteáil fuaim toll pléascáin, na círéibí is an dódh busanna.

Bhí aithne ag gach duine againn ar chomharsanaigh nó ar chairde nó ar ghaolta a bhí i mbraighdeanas gan triail.

Bhí an pobal náisiúnach sna Sé Chontae i mbun 'intifada' agus in ainneoin ar dúradh ansin agus ó shin i leith bhí tacaíocht nach beag ag an IRA.

Eagras é a bhí ar na eagrais treallchogaíochta is éifeachtaí ar an domhan agus ar na heagrais is mó tacaíochta.

Agus is marfaí.

Ach go fiú agus an mórthacaíocht sin acu, go fiú agus an tIRA rí-éifeachtach, de réir a téarmaí féin, bhí lucht péinteáil na mballaí mícheart.

Níorbh bliain na bua é 1974.

Ní raibh ann ach bliain fhuilteach eile agus faoina dheireadh bhí an tIRA i mbaol a bhriste.

Seachas bua tháinig scór bliain fuilsmeartha danartha duairc eile.

20 bliain fada de scaoileadh páistí le piléir plaisteacha agus luaidhe, de mharú ban 'de thaisme' agus d'aonturas, de fir neamharmtha scaoilte chun báis ag an SAS i lánaí uaigneacha agus iarbhaill den UDR criathraithe le piléir faoi leac an dorais.

Agus go fiú agus an 20 bliain fada eile sin curtha dínn, níorbh bliain na bua é 1994.

Seachas bua bhí comhghéilleadh ann.

Comhghéilleadh a d'fhág gach taobh míshásta mar nach bhfuair siad an bua a bhí uathu.

Ach comhghéilleadh a thug oiread dóibh uilig is a choinneodh iad ó dhul ar ais i mbun troda.

Cibé duine a deir leat gurb iad blianta sin na cogaíochta an t-am arbh fhiú a bheith beo bíodh is a fhios agat go bhfuil rud éigin ar strae ann.

Anois, nuair a fheicim fear faoi chochall i reilig Dhoire Dé Luain ag fógairt go bhfuil ceann de na mion-eagrais is lú riamh, An 'Fíor' IRA, ag dul a dhéanamh an rud ar theip ar an IRA a dhéanamh an t-am a ba láidre iad, ar fearr dom caoineadh nó gáire?

Thógfadh sé blianta blianta fada ar an 'Fíor' IRA ná a macasamhail a bheith inchurtha leis an IRA mar eagras.

Agus go fiú dá mbeadh siad in ann dó bheadh orthu lena chois glúin de dhaoine óga sna Sé Chontae a mhealladh le dul i muinín an ghunna.

Ní fheicim go bhfuil sin ag tarlú ná go bhfuil sé ag dul a tharlú.

Ar dhá chúis.

Sa chéad dul síos cionn is nárbh é aontú na tíre a thug go leor náisiúnach i dtreo an ghunna sna 1970í.

Ba é dódh Shráid Bombay, imtheorannú, Domhnach na Fola, céasadh is sléachtú arm na Breataine agus a leithéidí a rinne amhlaidh.

B'iad na coinníollacha ar na sráideanna a chruthaigh an tacaíocht don IRA agus a chuir bonn faoi cheannairc na náisiúnach sna 1970í.

Sna 1980í ba é an stailc ocrais agus Margaret Thatcher a chuir glúin nua de náisiúnaigh óga I dtreo an Phoblachtanachais.

Tá lochtanna go leor ar na Sé Chontae inniu ach easnamhach is atá, ní féidir na Sé Chontae inniu a chur i gcomparáid leis na Sé Chontae mar a bhí in 1971. Agus níl náisiúnaigh mar a bhí.

Tá lochtanna go leor ar na Sé Chontae inniu ach easnamhach is atá, ní féidir na Sé Chontae inniu a chur i gcomparáid leis na Sé Chontae mar a bhí in 1971.

Agus níl náisiúnaigh mar a bhí.

Tá roghanna acu anois nach raibh acu in 1974.

Straitéisí réadúla chun an stát seo a dhéanamh níos Gaelaí agus níos cothroime agus níos daonlathaí.

Agus chun an tír a aontú.

Roghnaigh náisiúnaigh sracadh neamharmtha agus tá siad cumhachtach is eagraithe is muiníneach go leor chun an rogha sin a chur chun cinn.

Beag beann ar an 'Fíor' IRA ná Óglaigh na hÉireann, an tIRA Leanúnach, nó an dream a mharaigh Ronan Kerr.

An t-am a bhí an tIRA i mbun a bhfeachtas bhí riamh scair nach beag de náisiúnaigh a bhí iomlán ina gcoinne.

Amanna tromlach an phobail náisiúnaigh, amanna mionlach.

Ach in 2011 tá an líon sin de náisiúnaigh atá i gcoinne lucht an ghunna míle oiread níos mó ná mar a bhí in 1974.

Mar sin is beag is fiú do dhuine gan aithne a fhógairt i reilig Dhoire go bhfuil siad chun feachtas a reáchtáil a bhfágfaidh feachtas an IRA in áit na leathphingine.

Bunaíodh an 'Fíor' IRA in 1997.

Tá siad ar an fhód le 14 bliain anois.

I ndiaidh 14 bliain dá bhfeachtas an bhfuil siad oiread is orlach níos cóngaraí d'Éire Aontaithe?

Agus cad é mar a dhéanfaidh siad toil phobal na hÉireann a chur i gcrích ar neamhchead phobal na hÉireann?

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Aibreán, 2011

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An mbeidh deireadh choíche leis an chur i gcéill?

IS í an Ghaeilge príomhtheanga oifigiúil Phoblacht na hÉireann ach ní hionann an stádas oifigiúil ag rud ar bith agus fíorstádas in Éirinn. Tá an cur i gcéill mar chuid dár gcultúr faraor.

An dtuigfeadh ár gcairde Eorpacha sin agus iad ag smaoineamh cén fáth nach bhfuil muid ag leanúint treoir ón Aontas Eorpach - atá ina dlí - go gcaithfear lipéid ar dhrugaí a bheith i dteanga oifigiúil na tíre lena mbaineann agus gan muid ag déanamh leithscéil fiú?

Cén fáth a mbeadh tír ar bith ar domhan ag iarraidh gan ceangal a chur ar chomhlachtaí go gcaithfear lipéid srl a bheith i dteanga oifigiúil na tíre sin?

Cén fáth a dtugtar neamhaird ar ár mBunreacht féin chomh fada agus a bhaineann lenár dteanga féin?

Tuigeann muid ar fad cén fáth - níl i stádas oifigiúil na Gaeilge ach cur i gcéill agus is mar sin a bhíodh i gcónaí.

Tuigeann an Roinn Sláinte go gcaithfidh siad iachall a chur ar chomhlachtaí lipéid dhátheangacha a chur ar a dtáirgí, ach déanann siad neamhaird air sin.

Tá siad buartha faoi chostais.

"Ach bheadh costas air sin," a déarfadh lucht cáinte na Gaeilge agus corr-Ghaeil fiú lena gcois.

Tá an ceart acu, bheadh costais air. Ach sin costas an neamhspleáchais féin.

Thuigfeadh ár gcairde Eorpacha go mbainimis tairbhe as infheistíocht a dhéanamh inár gcultúr agus inár dtír féin sa deireadh. Is é an cheist ná an bhfuil muintir ná hÉireann sásta fás aníos agus glacadh leis sin?

Is cinnte go gcosnaíonn an dátheangachas airgead. Ach tá buntáistí ann, buntáistí cultúrtha, sóisialta agus sláinte fiú, nach féidir praghas a chur air.

In Éirinn, ba cheart go mbeadh gach rud dátheangach. Sin an t-aon léamh loighciúil ar an Bhunreacht agus ba cheart go mbeadh comharthaíocht agus pacáistíocht dátheangach i gcónaí.

Maidir le stádas na Gaeilge san Eoraip féin, arís tá fimíneacht i gceist agus poist á gcoinneáil ó Ghaeilgeoirí mar gheall air sin.

Más fiú stádas a bheith ag an Ghaeilge san Eoraip - agus dar le Gaelscéal is fiú - b'fhiú fíorstádas a bheith ann, ní stádas bréagach mar atá anois.

Mar theanga oifigiúil na hÉireann tá stádas iomlán tuilte ag an Ghaeilge san Eoraip. Déanfaidh na poist a chruthófar mar thoradh air sin maitheas don tír seo agus do phobal na Gaeilge agus déanfaidh an traenáil agus na cáilíochtaí atá ag na haistritheoirí maitheas don Ghaeilge mar theanga.

Cuirtear deireadh leis an mhaolú ar stádas na Gaeilge san Eoraip anois.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Mí-shásta le CLG faoi chuairt na banríona

A Chairde,

Is le neamhaird agus dímheas iomlán ar stair, cultúr agus eiteos Chumann Lúthchleas Gaeil a ghlac ceannaireacht an chumainn an cinneadh polaitiúil scoilteach chun cuireadh oscailte a thabhairt do bhanríon Shasana go Páirc an Chrócaigh.

Ar ghlacadh an cinneadh seo le comhairliúcháin agus tacaíocht le pobail náisiúnta ár gcumainn ar an oileán? Cé chomh fada agus atá eagraíocht chultúrtha agus spóirt neamhspleách s'againn á threorú ag miantaí na n-aicmí pholaitiúla in Éirinn agus iarrachtaí s'acu stair na tire a athscríobh agus teipeanna eacnamaíochta s'acu a chur i bhfolach?

Nuair a bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael in 1884 ag Michael Cusack agus a chomhghleacaithe, bhí Éirinn ar na glúine mar gheall ar an choilíniú is cuimsithí a chur impireacht na Breataine i gcrích i stair na hilchríocha Eorpaí.

Bhí tír na hÉireann san 1880óidí i lár claochlú daonra gan comparáid i stair na hEorpa. Bhí an Ghaeilge i mbaol a bháite agus cluichí Ghaelacha s'againn ag dul i dtreo an bhealóidís. Chuir Éireannaigh a bhí domheanmnaithe ag na céadta bliana don choilíneachas, an locht orthu féin don chruatán a bhí tuillte ag cine bharbartha cosúil linne. Dar le dioscúrsa na linne sin, ní raibh impireacht na Breataine ach ag iarraidh 'sibhiliú' agus 'oideachas' a chur ar mhuintir fiáin nach dtiocfadh smacht a chur orthu féin.

Mar sin, is nuair a bhí muintir na hÉireann ro-náiriste le hadmháil gur labhair siad Gaeilge agus nuair a bhí sacar, rugbaí agus leadóg féir mar phríomhspóirt na tire gur ghlac Cusach et al an cinneadh króga chun Cumann Lúthchleas Gael a bhunú. An chéad chéim i bpróiseas díchoilínithe a bhí ann; ag athghabháil an méid a bhí á chailleadh; ag spreagadh daoine chun dul i mbun eagrúcháin arís agus seasamh ar na cosa athuair; ag atógáil intinn agus coirp do phobail a bhí faoi chois.

In 1893, bunaíodh Conradh na Gaeilge chun athbheochan na Gaeilge a spreagadh. Spreag seo Éirí Amach na Cásca ag 1916 agus bhí sé mar inneall ar a d'fhorbair an ghluaiseacht réabhlóideach sa tréimhse céanna.

Seo an fáth a d'ionsaigh Rialtas na Breataine, le tacaíocht ón monarcacht, ceannasaíocht CLG ar Domhnach na Cásca ag déanamh slad ar bhaill s'againn. Rinne an bhunaíocht chéanna neamhaird iomlán ar mhiantaí daonlathacha mhuintir na hÉireann sa bhliain chéanna nuair a chur said críochdheighilt i gcrích le teorainn teibí a dhaingnigh spriocanna coilíneacha santacha s'acu in Éirinn.

Seo an bhunaíocht an Breataine céanna a d'úsáid oileán bheag s'againn mar mhuc ghuine to chur chuige coilíneach níos brúidiúla ar fud an domhain. Bíodh is gur ísligh tionchar agus cumhacht na bunaíochta seo le blianta beaga anuas agus é ag teacht fá scáth na himpireachta nua-Mheiriceánaí, tá páirt leanúnach acu go fóill i bhforéigean pholaitiúil gan truamhéil ar scala domhanda agus iad ar lorg tuilleadh acmhainní eacnamaíochta ar mhaithe leis an impireacht shantach úd.

Cuspóir eile atá leis an chuairt seo ná 'deireadh an staire Éireannaí' a fhógairt fríd an 'Tuaisceart Éireann nua' a phoibliú; áit atá muid 'fásta aníos' agus 'aibí' go leor le haithint gur rud iontach é an chríochdheighilt, ar eagla go gcuireann éinne dúshlán roimhe. Forbraíonn seo an dioscúrsa is coitianta sa lá inniú gur rud 'normálta' é go bhfuil pobail scartha, teorainn bhréagacha, trúpaí suite, agus airgeadraí difriúla taobh istigh d'achar cúpla míle.

Dar leis seo, is bróicéirí neodracha, ionraice iad an Bhreatain a shocraigh an coimhlint sean-aosta idir an dá threibh seicteacha. Bhog muid uilig ar aghaidh an iomarca chun tuigbheáil go raibh miantaí s'againne i gcónaí i gcroíthe bhunaíocht agus córóin na Breataine.

Níl deireadh leis an stair. Ní raibh aon idir tréimhse ann nuair a aithníodh firící tromchúiseacha na staire le cúitimh nó leithscéalta chuí mar gheall orthu. D'fhorbair an sclábhaíocht agus an coilíneachas isteach sa nua-choilíneachas agus domhandú.

Níl a dhath le baint ach an iomarca le cailleadh againn mar eagraíocht pobal-bhunaithe spóirt agus cultúrtha má chomhlíonann muid an ról mar chrann taca ag cuspóirí suaracha an comhghuaillíocht de móruaislí Angla-Éireannacha. Cothaíonn cluichí s'againn rannpháirteacht, cumhachtú agus féinchuidiú mar ghléas díchoílínithe go fóill ar fud an tíre is níos faide araon. Seo eiteos agus príomhsprioc s'againn. Déanann an chuairt ríoga seo a mhalairt go cruinn agus saraíonn sé bunús CLG.

Mar Ghaeil, ní mór dúinn macántacht agus neamhspleáchas s'againn a chosaint in ionad bheith sásta ligint do fhórsaí polaitiúla muid a úsáid chun stair s'againn a athscríobh, cruatan eacnamaíochta a chur faoi cheilt agus ceiliúradh a dhéanamh ar impireacht neamhthrócaireach a leanann an clár géarleanúna céanna. Caithfidh go bhfuil muid aibí go leor chun seo a dhéanamh?

Le meas,
Feargal Mac Ionnrachtaigh,
Cumann Lúthcleas Gael, Gort na Móna,
Béal Feirste,

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Íobairt na nÍobartach

Páidí Ó Lionáird

TÁIM cinnte go bhfuil ábhar uchtaigh ann do Sheán Quinn an tslí inar ghlac a fhórsa oibrithe seilbh ar oifigí an iar-úinéara le linn na seachtaine.

Uchtach ach náire agus fearg air chomh maith, cheapfainn.

Seo fear faoina mbíodh sé á mhaíomh go minic go gcaitheadh sé an tráthnóna i dteannta a chomharsana i dtithe tábhairne na mbailte beaga máguaird dó i bhFear Manach ag imirt cártaí.

Gnáthdhuine mar sin. Gnáthdhuine a rinne gach ní ceart. Gach uile ní ceart. Bhí na mílte teaghlach ag brath ar an tslí ina ndeachaigh sé i mbun a chuid gnóthaí sa Quinn Group, stroighin, gloine agus óstáin. Agus ar feadh i bhfad, bhí Seán Quinne cosúil le lóchrann laochúil i measc a mhuintire Ultacha.

Ansin thug sé údar bróid agus buíochais do mhuintir thuaisceart Chorcaí in 2007 nuair a chinn sé ar an gcomhlacht árachais sláinte idirnáisiúnta BUPA a cheannach i ndiaidh don chomhlacht Breatnach beartú ar an margadh a fhágaint ina ndiaidh.

I measc na ngeallúintí a thug Quinn i mí Eanáir na bliana sin, dúirt sé nach n-ardódh sé costas na bpolasaithe árachais sláinte, go mbeadh an 300 post i Mainistir Fhear Maí slán agus mar chúiteamh ar an méid sin, fuair sé geallúint ón rialtas ar dhíolúine 3 bliana ó chothromú riosca (risk equalisation), an chúis gur fhág BUPA an margadh ar deireadh thiar thall.

Mar sin, bhí go maith agus ní raibh go holc. Bhí impireacht Quinn ag méadú, bhí a "luach" ag méadú dá réir agus bhí sé féin fós ag imirt cártaí lena chomharsana, beag beann ar a chuid saibhris nó ar an amhras a bhí á léiriú ag corr-iriseoir agus tráchtaire eacnamaíochta faoina fhíorshaibhreas nó na múnlaí ar a raibh a chuid saibhris bunaithe.

Mar sin, cad a tharla? Conas a chaill an té ba shaibhre sa tír, a raibh luach níos mó na ceithre mhíle milliún Euro luaite leis in 2008, conas a chaill sé é seo ar fad? Duine de na fir ghnó is cúramaí sa tír, cúramach agus coimeádach agus 2,600 fostaí ag brath air?

I ráiteas a d'eisigh Seán Quinn ag an deireadh seachtaine, thug sé léargas éigin, óna thaobh siúd de, ar conas a tharla an méid a tharla. Sa ráiteas, dúirt sé gur chuir sé an iomarca béime agus an iomarca stóir i gcóras baincéireachta na hÉireann. Dúirt sé gur ghlac sé le comhairle ó chuid de na comhairleoirí airgeadais is iomráití sa tír.

Bhí na mílte teaghlach ag brath ar an tslí ina ndeachaigh sé i mbun a chuid gnóthaí sa Quinn Group, stroighin, gloine agus óstáin. Agus ar feadh i bhfad, bhí Seán Quinn cosúil le lóchrann laochúil i measc a mhuintire Ultacha.

Lean sé air a ra gurb ionann an lá is measa aige féin agus ag a chlann i mbun gnó agus an lá a cheap na cúirteanna glacadóir scaireanna le dul i gceannas ar a chuid gnóthaí.

Bhí bliain caite aige, a dúirt sé, ag réiteach plean tarrthála dá ghnóanna, plean a thabharfadh a chuid comhlachtaí ar ais chun oibriú ar bhonn brabúsach agus, níos tábhachtaí fós, plean a ghlanfadh a chuid fiach le muintir na hÉireann.

Agus an bhfuil a fhios agat seo, creidim é. Creidim é de bharr na nithe a scríobhas faoi sa chéad chúpla abairt. Ní raibh Seán Quinn i measc na dtógálaithe siúd a chaith na milliúin nó na mílte milliún i mbun cearrbhachais ar thailte na tíre. Ní raibh sé ina measc siúd a bhí ag caitheamh a chuid ama ag eitilt ó rás-chúrsa go rás-chúrsa, ag ól seaimpéine agus ag tionlacan mná óga, dathúla ó chóisir go cóisir.

Cinnte, baineann ceannach na scaireanna i mBanc Angla-Éireannach le cearrbhachas ach táim cinnte de dá mbeadh a fhios aige faoin gcaimiléireacht a bhí ar bun idir an Banc Angla-Éireannach agus Irish Life & Permanent ar feadh na mblianta nach mbeadh cuid de na fadhbanna atá againn anois ann in aon chor.

Ach tá, agus níl aon dul as.

Tabharfaidh taispeántas dána a chuid oibrithe uchtach dó cinnte. Ach cé chomh fada agus a bheidh siad ag tacú leis? Tá an eangach ag teannadh orthu ar fad. Tá na bainc ag díriú ar chomhnascadh, cuid acu a bhainfear ón tírdhreach baincéireachta go síoraí.

Cosúil le gach teaghlach eile a bhfuil fiacha morgáiste, iasachtaí gluaisteáin, cártaí creidmheasa agus eile orthu, táimidne ag lorg na mbealaí is fusa le déileáil leis na dúshláin aisíocaíochta a bhaineann leo ar fad. Chuige sin, bhíomar ag caint le duine de na fostaithe sa bhanc Irish Nationwide, fear meánaosta a bhfuil a shaol gairmiúil caite aige sa bhanc, é ag déanamh dul chun cinn go réidh agus go socair le scór bliain agus lena chois anuas.

Fear a bhfuil na fiacha céanna air ach a bheidh ag fáil greim ar an seic deireanach tuarastail óna fhostóir inniu. I ndiaidh dó na blianta a chaitheamh ag tabhairt seirbhíse don phobal, na céadta morgáistí curtha le chéile aige, seo é anois, gan phost, gan mórán dóchais ná uchtach aige.

Agus sin an fíorchostas agus an t-údar náire is mó a bhaineann le teip agus le saint Sheán Quinn. Ní hiad na Seán Fitzpatricks ná na Michael Fingletons a bhíonn ag fulaingt in aon chor. Is iad na gnáthdhaoine a bhíonn thíos leis, daoine cosúil le lucht tacaíochta Sheán Quinn, daoine cosúil leis féin.

Dumpaire mór fágtha taobh amuigh de gheata cheanncheathrú an Quinn Group i bhFear Manach an tseachtain seo chuaigh thart mar agóid.

Seán Quinn

CEIST na Seachtaine

Tá clú na Gaeilge i measc Bhéarlóirí na hÉireann níos tábhachtaí ná cearta na nGael: Léitheoirí Ghaelscéal

Claire Fitzpatrick

BHÍ tuairimí láidre ag léitheoirí Gaelscéal an tseachtain seo maidir le Ceist na Seachtaine.

Deir 54.5% agaibh go bhfuil clú na Gaeilge i measc Bhéarlóirí na tíre níos tábhachtaí ná cearta na nGael.

Mar a dúirt léitheoir amháin ar Facebook, Seán Mór Ó Daimhín, "Is tábhachtaí agamsa clú na Gaeilge i measc Béarlóirí mar sa deireadh thiar thall, ní fiú cearta a bheith againn mar Ghaeil mura bhfuil fágtha againn ach líon beag daoine scoite ón mhórphobal gan aon tsuim ná meas ag muintir na hÉireann i gcoitinne ar an Ghaeilge."

Cheap 18.2% díbh a mhalairt sin áfach agus gur tábhachtaí cearta na nGael.

D'fhág sé sin 27.3% a bhí idir dhá chomhairle maidir leis an ceist.

Má bhíonn tú ag iarraidh do bharúil a thabhairt ar Cheist na Seachtaine seo chugainn, níl le déanamh ach labhairt linn ar ár ngrúpa Facebook. Clóscríobh "Gaelsceal" sa bhosca cuardaigh chun muid a aimsiú. Bí linn ar Twitter freisin: www.twitter.com/gaelsceal. Tapaigh an deis do thuairimí a chur in iúl anois. Bí ag breathnú amach do Cheist na Seachtaine ar www.gaelsceal.ie. Bíonn sí le fáil laistigh de **níos tábhachtaí**na scéalta ar an suíomh.



Ceist na Seachtaine seo:
Ar cheart go mbeadh ról ag an tSeanad sa todhchaí

CÚRSAÍ SAOIL

An iad na seansmaointe

Tóstal na Gaillimhe ar ais arís tar éis os cionn leathchéad bliain.

Treasa Bhreathnach

I 1953 a shocraigh Bord Fáilte teacht ar sheift chun Meiriceánaigh agus turasóirí a mhealladh go hÉirinn. An bealach a thug siad faoi ná le sraith féilte dar teideal 'An Tóstal'. Cé go bhfuil taithí mhaith againn ar fhéilte sa lá atá inniu ann, b'annamh an ócáid a bhí ann ag an am.

Spreagadh gach baile sa tír coistí Tóstail a bhunú agus clár imeachtaí a eagrú, ach ba í an Tóstal a reáchtáladh i nGaillimh an príomhimeacht le suas le 60,000 duine ag freastal ar an bhféile. Ba é an comórtas is mó sa tír é ag an am.

Shocraigh Bord Fáilte díriú ar mhargadh na Meiriceánach go príomha agus iarracht á déanamh acu spotsolas a chur ar oidhreacht agus ar chultúr na tíre, idir cheol, theanga, spórt agus dhamhsa. Plean margaíochta a bhí sa Tóstal agus Bord Fáilte ag iarraidh an ócáid a úsáid, ní hamháin chun turasóirí a mhealladh, ach chun airgead a dhéanamh. Dá bharr dhíol siad stampaí Tóstail, cártaí poist, fáinní eochracha, bratacha agus ábhar eile a bhain leis an Tóstal. Cé gur thosaigh sé amach mar phlean margaíochta Bhord Fáilte, d'iompaigh an Tóstal i nGaillimh ina ainmhí eile agus tá cuimhní cinn iontacha draíochtúla ag muintir Chonamara agus níos faide i gcéin ar an Tóstal i mBóthar na Trá i gContae na Gaillimhe.



Tóstal na Gaillimhe in1960

Bhuel, tá sí ar ais! Cé nár reáchtáladh an Tóstal i nGaillimh ó bhí 1960 ann, tá sé i gceist go ndéanfar aiséirí ar an bhféile chlúiteach seo, tar éis di codladh de bhreis agus leathchéad bliain a bheith aici. Amárach a chuirfear tús leis an Tóstal agus is iad an fhoireann bhuacach i gCraobh na hÉireann de Rásaí na gCurrachaí i 1955, a sheolfaidh an fhéile go hoifigiúil amárach ag meán lae in Óstán Galway Bay. Is iad Pádraig Darba Ó Flátharta, a dheartháir Beartla Darba Ó Flátharta agus Réamonn Jimmy Mac Donnacha as an gCeathrú Rua a bhuaigh an rás an bhliain sin. B'iomaí rás a bhí acu le muintir Sheoige as Inis Bearacháin a raibh cliú agus cáil bainte amach acu as an iomramh agus as an iomaíocht ghéar idir an dá fhoireann ar feadh na mblianta. Ach ar airigh foireann na Ceathrú Rua riamh go raibh beag déanta dá n-éachtaí féin de bharr an méid cáile atá ar mhuintir Sheoige mar iomróirí?

"Bhuaigh muid féin an Tóstal faoi dhó agus bhuaigh siadsan é faoi dhó, ach bhí an oiread clár raidió agus píosaí sa pháipéar fúthu gur dócha gurb é sin an fáth go bhfuil cuimhne chomh mór sin orthu. Bhíodh dochtúir i Leitir Mealláin ag déanamh sórt PR dóibh agus ag rith go dtí na páipéir i gcónaí fúthu, an Connacht Tribune agus iad sin," a deir Beartla Darba Ó Flátharta.

Bhí foireann na Ceathrú Rua iontach óg ag an am ach mar a deir Beartla, "Bhí muid lán le misneach." Bhí Beartla Darba 15 bliana go leith d'aois, Pádraig bliain níos sine ná sin agus Réamonn bliain níos sine arís.

"Bhí muid ag déanamh trialacha amach ó Inis Mhic Cionnaith i Leitir Mealláin agus as sin chuaigh trí cinn de churrachaí isteach go dtí an Tóstal. Bhí an lá go dona agus ní raibh súil ar bith linne mar go raibh muid chomh hóg agus mar gheall gurbh é seo an chéad uair dúinn a bheith sa rás, ach bhí go leor traenála déanta againn agus bhí muid lán le misneach. Bhuail muid muintir Sheoige an lá sin chomh maith le foirne eile as an bhFód Dubh, an Clár agus Ciarraí. Cúrsa an-fhada a bhí ann timpeall 3 mhíle, ón diving board i mBóthar na Trá, go Seapoint agus ansin amach sa chuan píosa agus bhí orainn é sin a dhéanamh faoi dhó," arsa Beartla Darba. Is iad muintir Hernon as Bearna a rinne an currach buacach d'fhoireann na Ceathrú Rua, dream a raibh cáil faoi leith orthu mar shaoir bháid.

Bhí an fhoireann óg i mbun neart traenála roimh an lá mór agus comhairle á fáil acu ó laoch mór dornálaíochta an lae, Máirtín Thornton. Ní iomramh amháin a bhíodh á dhéanamh ag foireann na Ceathrú Rua chun iad féin a réiteach do Chraobh na hÉireann,."Bhíodh muid ag cycláil píosa mór chuile lá le dul ag traenáil agus is dócha go ndearna an cycláil maitheas dúinn chomh maith. Ansin bhíodh Máirtín Thornton ag breathnú orainn ag traenáil agus ag tabhairt tips dúinn." Ba dhornálaí aitheanta den scoth é Máirtín Thornton as an Spidéal a raibh aithne air mar an Connemara Crusher agus a bhí mar sheaimpín trom-mheáchain i 1944.

Deir Beartla Darba, "Bhíodh sé ag

Foireann bhuacach na Ceathrún Rua in 1955

B'iomaí rás a bhí acu le muintir Sheoige as Inis Bearacháin a raibh cliú agus cáil bainte amach acu as an iomramh agus as an iomaíocht ghéar idir an dá fhoireann ar feadh na mblianta. Ach ar airigh foireann na Ceathrú Rua riamh go raibh beag déanta dá n-éachtaí féin de bharr an méid cáile atá ar mhuintir Sheoige mar iomróirí?

Foireann bhuachach na Seoige as Inis Bearacháin in 1958

nós*

iris ghaeilge don nua-aois

BLAISEADH DE BHEIRLÍN
Cuairt ar mhórchathair na Gearmáine

AG TROID LEO I gCÓNAÍ
Albam nua na Foo Fighters

AERÁID AG ATHRÚ
Tionchar an róthéimh dhomanda

aibreán 11 eag. 21

feallmharú

mórscannán nua samúraí



fáilte

Lá éigin go luath

Ní minic a bhíonn arm de chineál ar bith le feiceáil ar chlúdach na hirise seo ach shíl muid go ndéanfadh muid eisceacht den eagrán atá á léamh agat anois as siocair an léirmheasa atá istigh ar scannán úrnua ón tSeapáin faoin samúraí. Scannán eipiciúil a thugann léargas maith, más fuilteach, ar na trodaithe bródúla seo agus ar shaol a linne. Agus muid ag caint anseo in oifigí nós* ar an saothar a tháinig chugainn ón taobh eile den domhan fiafraíodh cén fáth nach ndearnadh scannán Gaeilge riamh ar eipicí s'againn féin? I ndiaidh tús a chur le radharc catha le scuaba mar chlaimhte agus cásanna ríomhaire glúine mar sciatha, chinn muid ar an jab a fhágáil ag na proifisiúnaigh... Ach is ceist mhaith í i ndáiríre mar tá scannóirí den chéad scoth againn in earnáil na Gaeilge anois agus níl aon easpa scéalta ón bhealoideas ach an oiread. Cú Chulainn ar scáileán mór gar duit? Lá éigin go luath...

I measc na n-ábhar eile atá againn an mhí seo tá spléachadh ar an albam is úire de chuid na Foo Fighters, léirmheasanna eile scannáin, léargas ar an téamh domhanda agus alt taistil ar Bheirlín na Gearmáine. Beidh níos mó alt taistil againn sna míonna amach romhainn leis na laethanta saoire ag teacht aníos agus daoine ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar áiteanna, idir shean agus nua, le sult a bhaint as a n-am féin. Beidh go leor daoine ag triall ar Éirinn chomh maith, mórán acu ag cuartú eispéireas úr ar leith, agus ar ndóigh tá ról an-lárnach ag an Ghaeilge i gcruthú na huathúlachta sin. Mar sin coinneoidh muid orainn ag cur chun cinn na teanga inár mbealaí éagsúla féin, ní ar mhaithe leis na turasóirí amháin ar ndóigh, ach ar mhaithe linn féin agus leis an todhchaí nua atá á cruthú againn. Ach is dócha gur alt é sin do lá eile...

Beir bua,

Tomaí Ó Conghaile
Eagarthóir nós*

TÓG AMACH MÉ!
forlíonadh speisialta le gaelscéal

nós*

EAGARTHÓIR
Tomaí Ó Conghaile

RANNPHÁIRTITHE
Seanán Ó Coistín, Cillian de Búrca,
Nainsí Nic an Tiompánaigh
Colin Ryan, Ian Mac Murchaidh

TEAGMHÁIL
www.nosmag.com
eolas@nosmag.com

FÓGRA
Is é nós* atá freagrach as gach ábhar san fhorlíonadh seo.

FOO FIGHTERS 3.5/5
Wasting Light

Tá 15 bliain ann anois ó chuir iar-dhrumadóir Nirvana, Dave Grohl, tús leis na **Foo Fighters** ach, lena seachtú albam eisithe acu an mhí seo, tá an chuma ar an scéal go bhfuil beocht fágtha sa bhanna go fóill.

Is léir chomh maith nach bhfuil eagla orthu triail a bhaint as cur chuige úr agus iad i mbun ceoil mar gur thaifead siad **Wasting Light** ar théip analógach i ngaráiste beag, ní díreach an gnáthrud do ghrúpa a bhfuil na milliúin éisteoirí acu ar fud an domhain.

Mhínigh Grohl cén fáth ar fhág siad teicneolaíocht an stiúideo mhóir ina ndiaidh an babhta seo.

"Tá rud éigin faoi bheith mar bhanna atá in ann staid mhór a dhíol amach agus ansin do chéad albam eile a dhéanamh istigh i ngaráiste, agus ar théip chomh maith, tá sé sin *badass* dar liomsa," ar sé.

"Tá mé cinnte go rachadh an mhórchuid de dhaoine isteach chuig an stiúideo is fearr agus na trilliúin a chaitheamh le díreach rianta a dhéanamh ar ríomhaire éigin.

"Is maith liomsa gur banna muid a bhíonn ag seinm beo gan ríomhairí ná giuirléidí ar ár gcúl.

"Agus an bhfuil a fhios agat? In amanna bíonn muid go holc. In amanna bíonn an glór as gléas, nó an giotár as gléas… ach is maith liom sin, mar domsa, sin rac 's roll."

Tá an spiorad sách garbh sin le mothú ar an eisiúint is déanaí seo acu, ón tsingil **Rope** go dtí an **White Limo** crua gasta, is albam é atá lán fuaime agus cumhachta.

Tá níos mó fiántais le brath sna rithimí ach tá vaib uathúil an ghrúpa fós ann agus tá an lucht éisteachta ag glacadh leis go réidh nó d'aimsigh an t-albam áit uimhir a haon i gcairteanna ar fud an domhain ina chéad seachtain, cairteanna SAM ina measc.

"Smaoineamh s'agam féin a bhí ann an t-albam ar fad a dhéanamh ar théip agus nuair a luaigh mé ar dtús é d'fhiafraigh gach duine an féidir sin a dhéanamh?," arsa Grohl.

"Dúirt mise gurbh é sin an córas a bhí againn tráth agus an léiritheoir atá againn, Butch Vig, léirigh seisean Nevermind, 20 bliain ó shin, agus bhí sé sin ar théip.

"Nuair a thaifead muid an chéad amhrán áfach thit an téip as a chéile le linn na heagarthóireachta agus bhí gach duine ag iarraidh dul ar ais ar na ríomhairí.

"Ach ní raibh mé sásta ríomhaire ar bith a ligean isteach agus lean muid leis an téip an bealach ar fad."

Tá fáth eile ann áfach a raibh Grohl chomh tugtha sin le bheith ag obair ina gharáiste féin.

"B'aoibhinn liom dá mbeadh gach albam mar sin, ní raibh orm athrú amach as mo chuid pitseámaí!"

FOCAIL **NAINSÍ NIC AN TIOMPÁNAIGH**

Beirlín Bheoga!

Dá mba rud é gur mhian leat cuairt a thabhairt ar chathair a bhfuil a lán staire ag baint léi agus, mar aon leis sin, atá beoga agus corraitheach agus ina bhfuil neart le déanamh go háirithe do dhaoine ar suim leo ragairne agus spraoi, tá Beirlín gan sárú!

Is cathair ollmhór í príomhchathair na Gearmáine agus caithfear ar a laghad seachtain a chaitheamh ann chun na hiontais go léir a fheiceáil agus aithne cheart a chuir uirthi.

Ní fiú dul ann ar feadh lae nó dhó mar ní thig le duine ar dhroim an domhain cuairt cheart a thabhairt ar an gcathair ársa seo sa tréimhse ghar sin.

Iontais

Tá Beirlín ag cur thar maoil le hiontais arbh fhiú a fheiceáil.

Geata Brandenburg, an Reichstag, an Tiergarten, an Balla, Checkpoint Charlie – sin na cinn is mó aithne ach tá i bhfad Éireann, nó i bhfad Beirlín ba chóir a rá, níos mó ná sin ann.

Tá siad gan chuimse.

Is dóigh gurb é **Geata Brandenburg** an t-iontas is mó aithne sa chathair.

Is comhartha na cathrach é agus is áille an geata é.

I bhfochair an gheata, tá an **Reichstag** (Arás an Bundestag).

Bíonn sluaite móra i gcónaí ag triall ar an Reichstag chun siúl timpeall an chruinneacháhn ghloine agus na feisirí a fheiceáil ann. Bí ag súil le bheith ag feitheamh tamaill chun cead isteach a fháil, mar sin, ach is fiú é.

Sa cheantar céanna tá an **Denkmal für die ermordeten Juden Europas** (Cuimhneachán do na Giúdaigh Eorpacha a Dúnmharaíodh).

Seo machaire ar a bhfuil breis agus 2,700 leacán tógtha air chun na milliúin Giúdach ar dhúnmharaigh na Naitsithe iad i rith an Dara Cogadh Domhanda a chomóradh.

Tá roinnt de na leacáin íseal ach éiríonn roinnt eile acu chomh hard le ceithre mhéadar. Tá na leacáin leagtha amach i dtreasa agus is féidir siúl eatarthu.

Shílfeá gur ait an bealach é chun na daoine a dúnmharaíodh a chomóradh mar go bhfuil cuma ghruama dhuairc ar na leacáin agus téann an duairceas sin i bhfeidhm ort agus tú ag siúl tríd.

Tá ionad eolais faoi thalamh ar an suíomh agus ba chóir cuairt a thabhairt air chun tuilleadh eolais a fháil ar cad a tharla san Uileloscadh.

Níl **Checkpoint Charlie** rófhada ón séadchomhartha sin.

Buail trasna chuig an taobh thoir den chathair chuig an **Fernsehtrum** atá lonnaithe gar do Alexanderplatz a fheiceáil.

Thóg rialtais an DDR (Poblacht Dhaonlathach na Gearmáine) sna 1960í é chun a léiriú cá mhéad dul chun cinn a bhí déanta acu agus freisin chun a gcumhacht a thaispeáint d'iarthar Bheirlín mar ba é, agus is é fós, an foirgneamh is airde sa chathair.

Is éard is brí le Fernsehtrum ná túr cianamharcaíochta.

Cianamharcaíocht an chéad fhocal a bhí ann i nGaeilge ar theilifís agus is crann an-ard tarchurtha teilifíse é seo maille le

hionad inar féidir Beirlín ar fad a fheiceáil ó ard san aer.

Is féidir dul suas chuig ardán breis agus 200m ar airde chun amharc ar an gcathair agus ar lá geal is féidir rudaí i gcéin agus i gcóngar a fheiceáil.

Dá bhrí sin is oiriúnach an cur síos é túr cianamharcaíochta mar feidhmíonn sé mar chrann tarchurtha teilifíse agus mar ionad faire ag an am céanna.

Tabhair faoi deara gurb é an Fernsehtrum ceann de na hionaid is mó éileamh i mBeirlín.

Tugann breis agus milliún daoine cuairt air gach bliain mar sin, arís, bí ag súil le feitheamh i scuaine fhada chun dul isteach ann.

Agus tú i bhfochair an Fernsehtrum, siúl chuig **Alexanderplatz** agus féach ar an gclog spéisiúil atá ann.

Glaoitear **Weltzeituhr** air agus is aisteach agus iontach an clog é!

Is cineál dealbh é ar a bhfuil aimneacha cathracha éagsúla ar fud na cruinne scríofa.

Taispeántar an t-am sna háiteanna sin ar an gclog neamhghnách seo agus ar mhullach na deilbhe tá cnuasach de chruinneáin atá mar léiriú de na plainéid agus iad ina bhfithis.

Is nós do mhuintir na cathrach coinní a dhéanamh bualadh ag an gclog.

I measc na n-iontais eile ar chóir cuairt a thabhairt orthu ná an **Tiergarten**.

Is fearann ollmhór é seo i lár na cathrach ina bhfuil garraí na n-ainmhithe agus an **Siegessäule** (Colún an Bhua).

Sin an séadchomhartha ar a bhfuil aingeal órga ar a mhullach a bhí le feiceáil sa bhfíseán don amhrán 'Stay' de chuid U2.

Is fiú go mór dul chuig **Schloss Charlottenburg** in iarthar na cathrach freisin, bruíon nó pálás gleoite í seo le seomraí agus garraí galánta ann.

Iarsmalanna

Is deacair é a shamhlú ach tá 180 iarsmalann éagsúla i mBeirlín - Conas a thig le duine ar bith cuairt a thabhairt orthu uile riamh?

Tá oileán acu darbh ainm **Museumsinsel**

Bhí Seanán Ó Coistín i bpríomhchathair na Gearmáine le déanaí. Seo a thuairisc ar a thuras...

(Oileán na nIarsmalann) ar a bhfuil cúig iarsmalann agus dánlann bailithe le chéile in aon cheantar amháin.

Is iad na hiarsmalann is tábhachtaí agus is mó i mBeirlín.

Tá na hiarsmalanna seo ag cur thar maoil le hiarsmaí ársa ó shuíomhanna éagsúla ar fud na cruinne.

B'fhéidir gurb é **Pergamonmuseum** an ceann is iomráití de bharr an altóir ghalánta ón Tuirc ann agus an Geata Ishtar ón Bhablóin.

Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar **Iarsmalann an DDR** atá suite in oirthear na cathrach (ar ndóigh).

Is iarsmalann nua-aimseartha é seo chun tuiscint a fháil ar conas mar a bhí an saol ag daoine i bPoblacht Dhaonlathach na Gearmáine sular theip uirthi in 1989.

Tá sí lán le léaráidí, mionsamhlacha agus taispeántais idirghníomhacha chun an phoblacht seo, a shíl go leor bheith urchóideach, a léiriú.

Tá lán cead ag daoine a láimhe a leagadh ar na taispeántas agus nithe a bhraith. Taitneoidh sé go mór le cách.

Bia

Má tá tú chun seal a chaitheamh i mBeirlín, is fiú béile ceart Gearmánach a chaitheamh.

Moltar go mór duit bualadh isteach sa bhialann Nante-Eck ar an tsráid mhór **Unter den Linden** i gceartlár na cathrach.

Caitheann na freastalaithe feistis dhúchasacha agus is bia Gearmánach amháin a dháiltear.

Tá an bia breá folláin agus líonfaidh sé go draid thú!

Ba chóir freisin buidéal de **Zille's Fassbrause** a cheannach agus a ól.

Is deoch neamhmheisciúil é agus is deacair an blas a mhíniú ach beidh fonn ort é a ól arís agus arís eile!

Siamsaíocht Oíche

Más mian leat dul ag damhsa istoíche tá neart roghanna agat.

Glac leis an gcomhairle seo: Is club iontach é **Matrix**.

Tá sé suite in oirthear na cathrach agus tá seacht seomra ann le ceol éagsúil i ngach ceann acu. Bainfidh cách sult as.

Más fearr leat ceol damhsa, ba chóir dul chuig **Waterfront** atá tógtha cois abhann.

Agus ionas nach mbeidh díomá ort, ná téigh in aice leis an gclub **Tresor** – is áit uafásach í.

Is cuma má mholann daoine go spéir é nó má mholtar é i bhfoilseacháin eile, ná téigh ann.

Fanann na clubanna ar oscailt go dtí moch ar maidin.

Iompar

Tá córas iompair den scoth ar fáil i mBeirlín, mar a bheifeá ag súil leis.

Is iomaí cineál iarnróid atá ar fáil – S-Bahn, U-Bahn, riancharranna mar aon le busanna agus báid!

Tá iarnród timpeall lár na cathrach ar a dtugtar an Ringbahn (an Fáinne) agus is féidir taisteal anonn is anall air.

Moltar go mór duit **Berlin WelcomeCard** a cheannach nuair a shroicheann tú an chathair iontach seo mar bheidh tú in ann taisteal ar na córais éagsúla ar fad gan ticéid a cheannach i dtólamh.

Cathain le cuairt a thabhairt

An tráth ceart den bhliain chun cuairt a thabhairt ná anois, mí Aibreáin nó Bealtaine, sula mbíonn sé róthe nó i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair sula mbíonn sé rófhuar.



FOCAIL **TOMAÍ Ó CONGHAILE**

13 ASSASSINS 4/5

Takeshi Miike , **16**

Tá an Seapánach Takeshi Miike ar na scannánóirí is bísiúla dá bhfuil ann - tá breis agus 80 scannán déanta aige le 10 bliain anuas.

Is cinnte gur faoi dheifir a dhéanann sé an mhórchuid dóibh, scannáin uafáis a chuireann an lucht féachana ag preabadh ina suíocháin ó thús deireadh, ach dealraíonn sé gur ghlac sé a chuid ama leis an eisiúint is déanaí uaidh, **Jûsan-nin no shikaku**, nó **13 Assassins** mar is fearr aithne air sa tír seo.

Suite i lár an 19ú Céad, leanann an plóta scéal dhá ghrúpa Samúraí, ceann amháin acu a chosnaíonn an tiarna olc Naritsugu agus ceann eile a dhéanann iarracht é a bhriseadh as cumhacht.

Tá tréimhse shíochánta i réim i náisiún feodach na Seapáine ach is marfóir síceapatach sádach é Naritsugu a bhfuil cead a chinn aige ar an ábhar gur deartháir an tSeogain é.

Agus imní ar go leor daoine go scriosfaidh an droch-thiarna seo cibé síochána atá fágtha sa tír, mar aon leis an chumhacht atá ag an Seogan, cinneann oifigigh shinsearacha go gcaithfear é a fheallmharú.

Is é an Samúraí uasal Shinzaemon a roghnaítear le bheith i gceannas ar an bhanda trodaithe atá chun deireadh a chur leis an tiarna agus fios maith acu gur dócha nach dtiocfaidh siad ar ais ón tasc atá rompu.

I ndiaidh na seachtainí de dhiantraenáil agus de phleanáil, tugann na Samúraithe aghaidh ar na sléibhte le luíochán a chur ar bhuíon Naritsugu ach tugann siad faoi deara go luath gur mó i bhfad líon trodaithe an tiarna.

Déanann siad neamhaird den droch-chorrlach áfach agus leanann na Samúraithe lena bplean chun gach iarracht a dhéanamh Naritsugu a mharú, fiú má thuilleann sé a mbás.

Tá réimse duaiseanna buaite ag an scannán cheana féin i macasamhail na Seapáine de na Gradaim Oscar agus i nGradaim Scannán na hÁise ach is é an dúshlán is mó a bheas roimh an saothar thar lear ná breathnóirí a mhealladh thar an chéad leathuair a chloig a bhogann go mall i gcomparáid leis na radhairc níos spleodraí atá le feiceáil níos moille anonn sa scannán.

Seans go bhfuil an iomarca troideanna claimhte ann dóibh siúd nach dtaitníonn a leithéid leo ach tá nósanna na linne léirithe go cruinn ag Miike agus tá roinnt sár-aisteoirí Seapánacha i measc na foirne, rud a chinntigh go raibh ráth mór ar an scannán ina thír dhúchais.

Mar a bheifeá ag súil ó Miike agus ón chúlra scannáníochta atá aige, tá go leor píosaí fuilteacha ann chomh maith le géagaí ar iarraidh i seat nó trí, mar sin ná gabh lena fheiceáil má tá eagla ort roimh dhoirteadh fola, ach ag an am céanna níl aon amhras ann go bhfuil an stiúrthóir seo in ann íomhá agus atmaisféar cumhachtach a chruthú.

Bhí 13 Assassins ag dul i dtreo 3 as 5 ar feadh tamaill ach thug an deireadh, atá ar na radhairc chatha is fearr dá bhfeicfeá i scannán ar bith, an marc breise dó.

Eiseofar é i bpictiúrlanna áirithe in Éirinn ar 6 Bealtaine.

FAST FIVE

CAD É SEO?
Cloígh le foirmle atá ag obair.

Is dócha gurb é sin mana na ndaoine a bhfuil ceithre scannán déanta acu mar chuid den tsraith **The Fast and the Furious**.

D'éirigh go maith leo cheana féin le leithéidí Vin Diesel, Paul Walker, spéirmhná ag caitheadh… beagán éadaí, chomh maith le feithiclí gasta.

Níor cheap duine ar bith riamh gur píosaí ealaíne a bhí sna leaganacha eile den scéal céanna a tháinig amach go dtí seo, ach tá maitheas iontu, go háirithe más gasúr óg tú.

Agus ná bíodh aon iontas ar dhuine agaibh, má thaitin na cinn eile leat, nó munar thaitin, beidh an tsuim chéanna agat in **Fast Five**.

AN SCÉAL
Ag teitheadh ó na húdaráis, téann an t-iar-phoilín Brian agus an t-iar-chime Dom (Diesel) go Rio de Janiero.

Tá plean beartaithe acu airgead a ghoid ó dhíoltóir cumhachtach drugaí acu tá duine de na húdaráis i láthair chun cur isteach orthu.

NA RÉALTAÍ
Vin Diesel, Paul Walker, Dwayne "The Rock" Johnson, Jordana Brewster.

ARTHUR

CAD É SEO?

Is leagan úr é seo de scannán a tháinig amach fiche bliain ó shin agus ina bhfuil Russel Brand sa ról teidil. Tá Brand, ar dheis, caillte arís ina ról cló (*type cast*) díreach mar a bhí John Travolta i ndiaidh aimsir **Saturday Night Fever** ach is cinnte go bhfuil spéis ag daoine ann mar tá na scannáin seo ag teacht amach go minic anois le cúpla bliain anuas, smaoinigh ar **Get Him to the Greek** agus **Despicable Me**.

AN SCÉAL
Tá banaí atá tugtha don ól (Brand) ar tí theacht in oidhreacht ar $950 milliún má phósann sé bean (Jennifer Garner) atá pioctha amach ag a mháthair dó.

Tá go maith go dtí go dtiteann sé i ngrá le Naomi Quinn (Greta Gerwig) agus caithfidh sé rogha a dhéanamh idir airgead agus grá.

NA RÉALTAÍ
Russell Brand, Helen Mirren, Jennifer Garner, Greta Gerwig.

FOCAIL **IAN MAC MURCHAIDH**

Athrú gan Stad

San Astráil – an t-oileán is mó agus is tirime ar domhan – tá an-spéis sa rian a d'fhéadfadh an forthéamh domhanda a fhágáil ar shaol na ndaoine.

Tá taithí ag Astrálaigh ar thriomaigh agus ar thuilte, agus, más fíor, tá a thuilleadh i ndán dóibh.

Ní nach ionadh, cuireann an CSIRO (Commonwealth Scientific and Industrial Research Organisation), ceann d'éagraíochtaí móra taighde an domhain, an-suim san athrú aeráide agus tá neart fianaise bailithe acu.

Admhaítear go bhfuil neamhchinnteacht ag roinnt le cuid de na cúiseanna agus de na torthaí, ach is beag sceipteach atá le fáil ann.

De réir an taighde atá déanta, tá ardú gan choinne faoi astúcháin CO2, faoin teocht agus faoi leibhéal na farraige ar fud an domhain.

Os cionn an talaimh agus sna leithid is airde den leathchruinne thuaidh is mó a tharla an forthéamh.

Ach mhéadaigh teocht na farraige 0.10 °C idir na blianta 1961 agus 2003, chomh fada síos le 700 méadar.

San Astráil tá an meánteocht méadaithe 0.9 °C ón mbliain 1950 i leith, agus tharla na hathruithe aeráide is déanaí níos tapa ná aon athrú den sórt sin atá tite amach le 1,800 bliain ar a laghad.

Ag seo na torthaí:

- Cúlú na n-oighearshruthanna agus an oighir mhara
- Laghdú 10-15% ar an oighear mara Antartach agus laghdú 40% ar a thiús
- Laghdú 40% ar dhoimhne an tsneachta le dhá scór blianta anuas i Sliabh Alpa na hAstráile
- Leibhéal na farraige á ardú 20 mm gach ndeich mbliana le caoga bliain anuas
- Cúpláil agus imirce na n-éan ag athrú
- Plandaí agus ainmhithe ag bogadh leo i dtreo an phoil agus in airde
- Méadú ar bhánú coiréil de bharr an fharraige a bheith níos teo

Níl forthéamh den sórt seo neamhchoitianta ar fad i stair gheolaíoch an Domhain.

Tá oighearaoiseanna agus tréimhsí idiroighreacha ag titim amach leis na milliúin bliain, agus baint acu le fithis (orbit) neamhrialta an Domhain.

San oighearaois mhór dhéanach ní raibh an mheánteocht dhomhanda ach 3-5 °C níos fuaire ná mar atá sí inniu ach bhí leibhéal na farraige 120 méadar níos ísle.

Timpeall 125,000 bliain ó shin ghabh ár sinsir trí thréimhse idiroighreach a raibh na poil 3-5 °C níos teo ná mar ata siad inniu agus leibhéal na farraige timpeall 4-6 méadar níos airde dá bharr.

Tagann toradh mór ar athrú beag.

Fágann sin an scéal mar atá sé againn inniu.

Nuair a éiríonn uisce níos teo téann sé i méid, agus is é an borradh teirmeach seo is cionsiocair le hardú na farraige.

Is í an phríomhchúis eile atá leis leá na n-oighearshruthanna agus na hoighearchaidhpeanna, agus leá oighearchlúideanna an Antartaigh agus na Gríonlainne ag cuidiú leis.

D'éirigh meánleibhéal domhanda na farraige beagnach 20 cm idir na blianta 1870 agus 2007.

D'éirigh an meánleibhéal 1.7 mm in aghaidh na bliana san aois seo caite agus 3.4 mm idir na blianta 1993 agus 2007.

Le caoga bliain anuas, ar fud an domhain, tá níos lú laethanta agus oícheanta fuara ann agus breis laethanta agus oícheanta teo, in éineacht le breis tonnta teasa.

Tá ceathanna troma báistí ag titim níos minice.

Ón mbliain 1900 i leith tá i bhfad níos mó báistí ag titim in oirthear Mheiriceá Thuaidh, i dtuaisceart na hEorpa, i gcuid den Áise agus in iarthuaisceart na hAstráile.

Os a choinne sin, tá níos lú báistí ag titim i lár agus i ndeisceart na hAfraice, sa Mheánmhuir agus i gcuid de dheisceart na hÁise. Ón mbliain 1950 i leith tá oirthear agus iardheisceart na hAstráile ag éirí i bhfad níos tirime.

> Tá cónaí ar Cholin Ryan san Astráil, tír atá an-chleachta le haimsir fhoircneach. Breathnaíonn sé anseo ar an chúis leis an triomach, na tuilte agus an fharraige thar tairseach isteach...

I gCríoch Thuaisceartach na hAstráile faoi láthair tá uisce atá truaillithe le húráiniam i mbaol sceitheadh ó mhianach ollmhór Ranger de bharr a bhfuil de bháisteach ag titim sa réigiún sin le tamall anuas – aimsir nach raibh súil léi.

Tá réigiún fíorálainn Kakadu i gcontúirt mhór. Ní gá go mbeadh baint aige sin leis an bhforthéamh chun a léiriú cén toradh a d'fhéadfadh teacht ón athrú atá romhainn.

Ach tá na treochtaí fadtéarmacha aeráide seo ag titim amach in éineacht le comhathruithe aimsire a thiteann amach go nádúrtha.

Is féidir le rudaí dul i bhfeabhas nó in olcas de réir comhathruithe gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon, agus ní gan dua a gheofaí amach cad is cúis le hathruithe áitiúla teochta agus le sainimeachtaí aimsire.

Tá neamhchinnteacht ag baint le trí rud go háirithe:

- Oibriú na haeráide fisiciúla. Mar shampla, cén tionchar atá ag aerasóil ar an aeráid?
- Samhaltú réamh-mheasta na haeráide. Mar shampla, conas is féidir linn dáileadh na báistí a bheidh ann feasta a shamhaltú?
- Iompar na ndaoine sa saol atá le teacht. Mar shampla, cé chomh luath is a fhásfaidh geilleagair nua agus conas a rachaidh seo i bhfeidhm ar a gcuid gás ceaptha teasa agus aerasól?

I mbliana tá 450 eolaí aeráide ag teacht le chéile i gCairns i gcomhair comhdháil dhébhliantúil chun gach gné den athrú aeráide a chíoradh.

Tá suim acu sa neamh-chinnteacht a bhí ag baint riamh leis an eolaíocht seo, agus ní mór a chuimhneamh go bhfuil os cionn fiche mionsamhail aeráide ann.

Tá leibhéal nua na farraige ag brath ar rud nach bhfuil cinnte – luas leáite na n-oighearchlúideanna.

Pé amhras a bheadh ar dhaoine éigin faoi lorg an duine ar an bhforthéamh, ar éigin is féidir a rá anois nach bhfuil an forthéamh ann. *

Raidió Fáilte

Gaeilge NUACHT ceol craic

107.1fm

www.raidiofailte.com

Foras na Gaeilge

arts council of Northern Ireland

DCAI Department of Culture, Arts and Leisure www.dcalni.gov.uk

Le tacaíocht ó / Supported by the Creative Industries Innovation Fund

na cinn is fearr?

'Tá siad ag teacht!'

Má tá an aimsir go breá, beidh mise sásta. An aidhm atá againn leis an bhféile don chéad bhliain ná chun slua a thabhairt ann. Tá mé cinnte go mbeidh slua againn ó Chonamara agus na Gaeltachtaí eile agus is é an rud atá ann ná an slua a thabhairt ón gcathair féin agus timpeall ar Ghaillimh mar ní bhíonn an oiread de dheis acu féile mar seo a fheiceáil."

insint dúinn go raibh orainn triail a thabhairt do na *muscles* agus rudaí mar sin." Is léir go raibh rath ar an traenáil mar gur bhuaigh an fhoireann Craobh na hÉireann ag Tóstal na Gaillimhe i 1955, ach agus iad chomh hóg sin, cén sórt ceiliúrtha a rinne siad ar an oíche chéanna?

"Bhí na pigineacha gann ag an am sin, agus ní raibh cead óil againn ós rud é go raibh muid chomh hóg, ach d'ól muid. Chuaigh muid chuig an *Hanger* [halla damhsa cáiliúil i mBóthar na Trá] don oíche sin agus bhí an-oíche againn." Is fear pósta anois é Beartla, 72 bliain d'aois le cúigear páistí agus seisear garpháistí agus traidisiún an Tóstail anois ag leanacht ar aghaidh dóibhsean. "Tá mé glad go bhfuil an Tóstal ann arís; seachas aon cheo eile is lá amach é."

Ní as na currachaí amháin atá ainm muintir Darba aitheanta ach iad ar cheann de na teaghlaigh is aitheanta ó thaobh na seoltóireachta i gConamara de agus neart rásaí seoltóireachta buaite acu chomh maith ó shin i leith.

Tá Cumann Húicéirí na Gaillimhe páirteach i dTóstal na bliana seo agus báid thraidisiúnta na hÉireann chun a bheith ag rásaíocht i dtrí cinn de rásaí an deireadh seachtaine seo. Beidh paráid na féile ar siúl ar an Satharn agus ansin ar an Domhnach beidh rás ann do ghleoiteoga beaga agus móra, leathbháid agus báid mhóra. Is iad Coiste Láir na gCurrachaí atá tar éis an cúrsa a leagan amach do rásaí na gcurrachaí agus is cúrsa dhá mhíle ar fad atá i gceist. Den chéad uair riamh ag aon Tóstal, ní hamháin go mbeidh rásaí sinsir do na fir i gceist agus beidh na mná in iomaíocht chomh maith. Beidh 6 cinn de chraobhacha á reáchtáil, rásaí sinsir fear agus ban, naomhóga d'fhir agus do mhná, rásaí do chriú measctha agus rásaí d'fhoirne sóisir.

Deir Diarmuid Ó Conghaile, cathaoirleach choiste an Tóstail, "Tá go leor clubanna ag taisteal don Tóstal i mbliana agus cúpla foireann acu ar fad, mar sin tá sé iontach go bhfuil an seans acu cúpla rás a bhuachan." Is as Inis Mór, Árainn é Diarmuid atá 27 bliain d'aois agus é ag iomramh ó bhí sé óg, mar aon leis an gcuid is mó den dream óg in Árainn agus iad ag fás aníos. Ba iascaire a athair agus tá taithí mhaith aige féin ar na currachaí agus ar an iomramh leis na blianta.

"Is le linn Rás Volvo anuraidh a tháinig an smaoineamh chugam faoin Tóstal. Bhí lá Gaelach ann ag an am agus neart currachaí agus bád seoil le feiceáil istigh i mBóthar na Trá agus neart daoine timpeall na háite ag cur suime iontu. Rinne mé beagán taighde agus smaoinigh mé nach raibh fáth ar bith nach mbeadh muid an ann an Tóstal a dhéanamh arís. Ansin labhair mé le roinnt de na hiomróirí a bhí ann ar an lá, agus chuir siad féin an-suim ann chomh maith, rud ar bith a thabharfadh na rásaí níos gaire don chathair. Tá cuimhne mhaith ag muintir na Gaeltachta uilig ar an Tóstal ach b'fhéidir nach bhfuil an oiread ag muintir na cathrach. Labhair mé leis an gCoiste Láir ansin agus Cumann Húicéirí na Gaillimhe agus chuir muid plean le chéile," a deir Diarmuid.

Ní hamháin go mbeidh imeachtaí ar muir, beidh neart ag tarlú ar thalamh tirim chomh maith idir comórtais tógtha caisleán gainimh agus caitheamh crúite; d'fhéadfaí greim le hithe a fháil nó braon le hól ag an BBQ.

Tá cuimhní cinn ag a lán daoine ar an Tóstal, agus iad siúd nach bhfuil, tá siad tar éis cloisteáil faoi óna sinsir. An raibh Diarmuid in aon chaoi amhrasach agus é i mbun an fhéile chlúiteach a eagrú? "Dá mbeadh mé neirbhíseach faoi ní dhéanfainn é," a deir sé. "Mura

Bóthar na Trá sa lá atá inniu ann

mbeadh dada le déanamh agam an tseachtain seo bheinn imníoch, cheapfainn, ach tá neart le déanamh agam le mé a choinneáil busy. Tá tacaíocht iontach á tabhairt don fhéile, ní hamháin ag Fáilte Ireland ach ag gnólachtaí na Gaillimhe. Má tá an aimsir go breá, beidh mise sásta. An aidhm atá againn leis an bhféile don chéad bhliain ná chun slua a thabhairt ann. Tá mé cinnte go mbeidh slua againn ó Chonamara agus na Gaeltachtaí eile agus is é an rud atá ann ná an slua a thabhairt ón gcathair féin agus timpeall ar Ghaillimh mar ní bhíonn an oiread de dheis acu féile mar seo a fheiceáil."

Tá Diarmuid agus an coiste ag obair ar Thóstal 2011 le bliain anuas agus an t-uafás oibre i gceist, ní hamháin an obair eagraithe ach le hurraíocht a bhailiú do na rásaí féin, na duaiseanna agus na costais uile a bhaineann lena leithéid a reáchtáil. "Fuair muid roinnt urraíochta ó Fáilte Ireland chun roinnt poiblíochta a dhéanamh ar an bhféile ach tá an t-airgead uile eile do na duaiseanna ag teacht ó urraíocht."

Mar aon le comhlachtaí agus gnólachtaí na Gaillimhe atá ag tabhairt a gcuid seirbhísí saor in aisce tá Diarmuid féin ag obair ar an bhféile ina am saor taobh amuigh dá chuid uaireanta oibre lánaimseartha. Is é Conall Ó Céidigh as Sáile Chuanna sa Spidéal a bheidh i mbun na tráchtaireachta beo a dhéanfar ar rásaí na gCurrachaí agus rásaí na mbád seoil agus roinnt comhairle á fáil aige ó Johnny Sheamúis Ó Conghaile a bhfuil taithí na mblianta aige ar na geallta.

Amárach ag 1in a chuirfear tús le rásaí na gcurrachaí agus na mbád agus foirne in iomaíocht le chéile agus iad ag iomramh cúrsaí a ritheann comhthreorach leis an bpromanáid. Beidh iomaitheoirí ann ó Chonamara, Dún na nGall, Maigh Eo, Ciarraí, Corcaigh, Luimneach, an Clár agus Árainn agus iad ar fad in iomaíocht lena chéile agus iad ag iarraidh an chéad áit a bhaint amach agus taisteal abhaile chuig a mbailte dúchais féin mar bhuaiteoirí an Tóstail.

Tá clár na féile ar www.antostalsalthill.com más mian libh spléachadh a thabhairt air agus d'intinn féin a dhéanamh suas cén t-am is fearr le Bóthar na Trá a shroichint chun blaiseadh d'fhéile an Tóstail a bheith agat.

BRONNADH GHLÓR NA nGAEL 2010

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

An Dr Íde Ní Uallacháin, Cathaoirleach Ghlór na nGael le Buaiteoirí Chomórtas G! Chonnacht - Comhairle na nDaltaí, Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, Niamh Ní Ghoill, Julienne Nic Mhathúna, Donna Ni hAnracháin agus an tAire Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD

An Dr Máire Ní Annracháin, iar-Chathaoirleach Ghlór na nGael agus a fear céile Tony in éineacht leis an Dr Íde Ní Uallacháin, Cathaoirleach Ghlór na nGael

Eoghan Mac Cormaic, Lorcán Mac Gabhann, Ceannasaí Ghlór na nGael agus an tAire Donnchadh Mac Fhionnlaoich, TD

An Dr Íde Ní Uallacháin, Cathaoirleach Ghlór na nGael agus an tAire Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD le Bríd de Roiste, Glór Cheatharlach. Bronnadh seic €11,000 ar an eagras mar aon le Duais an Fháinne (€1,500)

Muiris Ó Fiannachta, Bainisteoir Raidió na Life agus Paula Melvin, craoltóir deonach le Raidió na Life.

Gearóid Trimble, Foras na Gaeilge ag bronnadh Duais Cholmcille ar Bhreandán Mac Fhionnghaile, An Clár as Gaeilge

COMHSHAOL

Sa 'tóir-iam' ar bhreosla úr

I gcuid a trí de shraith ar an gcumhacht núicléach, pléann **Conn Ó Muineacháin** breosla núicléach nua agus cineál nua imoibreora nach bhfuaraítear le huisce

Monarcha Shearnóbail mar atá an lá atá inniu ann.

TÁ 25 bliain cothrom na seachtaine seo ann ó phléasc imoibreoir núicléach Shearnóbail ar 26 Aibreán 1986. Mar a tuairiscíodh anseo an tseachtain seo caite, go dtí mí ó shin bhí timpiste Shearnóbail ina aonar ag barr an scála - an t-aon 'mhórthimpiste núicleách' amháin ag leibhéal 7 ar scála na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Adamhach (IAEA). Bhí sé ina aonar go dtí gur sháraigh an fharraige ballaí Fukushima.

Tá dearg-dhíospóireacht lasta ar dhá thaobh cheist na cumhachta núicléaí. Ag croílár na díospóireachta tá easaontas bunúsach faoi thionchar na radaíochta ar an sláinte. Maíonn lucht na hagóide i gcoinne an fhuinnimh núicléaigh gur féidir Searnóbail a chiontú i mbás aon mhilliún duine le 25 bliain anuas. Ar an taobh eile, deir lucht tacaíochta na hearnála nach bhfuair ach 43 duine bás, gur lú go mór a bheadh an figiúr sin dá mba rud é gur láimhseáil na húdaráis cúrsaí mar ba chóir, agus nach bhfuiltear ag súil leis go mbeidh aon impleachtaí tromchúiseacha sláinte de dheasca Fukushima.

Ní dócha go dtiocfaidh an dá champa sin ar réiteach go ceann i bhfad - mar sin b'fhéidir gur fiú aird a thabhairt ar ghné eile den scéal: an bhfuil aon slí go bhféadfaí an teicneolaíocht féin a fheabhsú d'fhonn í a dhéanamh níos sábháilte?

Mar a tharlaíonn sé, tá roinnt eolaithe agus innealtóirí ann a mheasann go bhfuil réiteach an scéil le fáil le breosla eile núicléach seachas an t-úráiniam, agus le cineál eile imoibreora seachas ceann a fhuaraítear le huisce.

Tóiriam an breosla agus imoibreoir salainn leáite atá i gceist.

Cosúil le húráiniam is miotal radaighníomhach é tóiriam a fhaightear go nádúrtha. Ach tá sé i bhfad níos coitianta ná úráiniam agus níos éasca le próiseáil. Ní theastaíonn aon scagadh ar na hiseatóip éagsúla atá aige. Úsáidtear an t-iseatóp is coitianta agus is cobhsaí de: Tóiriam 232.

Is é an chéad bhuntáiste a bhaineann le tóiriam ná an tsábháilteacht. Ní féidir imoibriú slabhrúil a thosú in Th-232 as a stuaim féin amháin. Is cuma cé mhéid atá agat, ní shroichfidh sé mais chriticiúil.

Is amhlaidh go gcaithfear roinnt bheag Úráiniam 233 a chur leis an tóiriam ar dtús d'fhonn neodróin a chur ar fáil chun an t-imoibriú a chur ar siúl. Ach leanfaidh sé as a stuaim féin ansin. Ionsúitear neodrón in adamh tóiriam agus meathann an tóiriam, ag athrú go dtí úráiniam 233, rud a scoilteann ansin, ag saoradh fuinnimh agus tuilleadh neodrón.

Rinneamar cur síos anseo cúpla seachtain ó shin ar oibriúchán an imoibreoir uisce fiuchta atá in úsáid go forleathan ar fud an domhain - agus in Fukushima go háirithe.

I gcás an imoibreora sin feidhmíonn an t-uisce mar mheán fuaraithe, ag baint fuinneamh teasa amach as croílár an imoibreora. Is féidir an t-imoibreoir a stopadh tríd na maidí rialaithe a shá isteach ach ní mór an t-uisce a choimeád ag sreabhadh tríd. Mar a chonaiceamar in Fukushima, bhí córas sábháilteachta i bhfeidhm chun an t-uisce a choimeád ag sreabhadh - ach is í an fhadhb a bhí leis ná go raibh an córas sin féin ag brath ar fhuinneamh leis na caidéil a choimeád ag dul. Nuair a theip ar an bhfuinneamh, nuair a bádh na gineadóirí éigeandála, bhí an t-imoibreoir i gcruachás.

Tá córas sábháilteachta de chineál eile ar fad ag an imoibreoir tóiriam. Sa chás sin, ní uisce atá ag fuarú an imoibreora, ach an breosla féin: an tóiriam tuaslagtha i salann leachtach fluairíde. Bíonn an meascán leachtach in umar agus teocht ard ann ach é faoi bhrú íseal, agus ag bun an umair bíonn reoiteoir a choinníonn cuid den salann fluairíde reoite ina dhallán soladach, rud a choinníonn an tuaslagán seo san umar.

Is í seo an difríocht shuntasach idir an t-imoibreoir tóiriam agus an t-imoibreoir uisce. Nuair a thiteann an lug ar an lag, teipeann ar an gcóras reoite ag bun an imoibreora agus is amhlaidh a thiteann an tóin as - i ndáiríre!

Imíonn an tóriam agus an t-úráiniam agus na táirgí eile le sruth, amach as an imoibreoir agus isteach i roinnt damhcha éagsúla ina mbíonn siad faoi bhun na maise criticiúla agus inar féidir leo fuarú.

Tá go leor buntáistí eile le himoibreoirí tóiriam, mar shampla: gineann siad 300 oiread níos lú fuíollábhair ná imoibreoirí atá in úsáid go forleathan anois, agus rud eile, is féidir iad a úsáid chun fáil réidh le fuíollábhar ó chórais eile.

Agus tá rud eile fíorshuntasach: níl aon mhaith i dtóiriam chun buamaí a dhéanamh. Tá sé sin ina bhuntáiste mór, déarfá - ach b'fhéidir go míníonn sé freisin cén fáth nach bhfuil aon dul chun cinn déanta le 30 bliain i bhforbairt na teicneolaíochta tóiriam? Tá fórsaí láidre a bhfuil infheistíocht déanta acu in úráiniam.

Ach tá dóchas ann. Tá grúpa eolaithe i mbun stocaireachta ar an Uachtarán Obama chun tús a chur le clár taighde ar fhuinneamh tóiriam. Agus tá rialtas na Síne sa rás cheana féin - sheol siad a dtionscnamh taighde féin ag tús na bliana seo.

Má éiríonn leo, d'fhéadfadh go mbeadh fuinneamh núicléach ar fáil atá glan, sábháilte agus síochánta!

Dramh-mhiotal a ghlacadh

Rialacha úra i dtaca le cáin bhreisluacha (CBL)

Ó 1 Bealtaine, 2011 ar aghaidh, beidh rialacha úra i bhfeidhm i dtaca le CBL agus soláthar dramh-mhiotail do dhaoine eile incháinithe.

Ní mór do ghlacadóir an mhiotail an méid CBL atá le híoc a ríomh agus é a chur san áireamh nuair a chuirtear tuairisc CBL chuig na Coimisinéirí Ioncaim don tréimhse a soláthraíodh an miotal.

Tá na sonraí ar fad maidir leis na rialacha úra le fáil ag www.revenue.ie/go/034

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

An féidir leat do iphone a thrust?

Cad iad na scéalta atá d'fhón ag insint fút?

Diarmuid Ó Muirgheasa



MUNA bhfuil tú go mór taobh thiar ó thaobh cúrsaí teicneolaíocht de, tá gach seans ann go bhfuil fón cliste agat, nó ar a laghad go bhfuil tú ag smaoineamh ar cheann a fháil amach anseo. Go háirithe le bliain anuas tá fás dochreidte tagtha ar an margadh úd.

Tá ag éirí go maith leis an *iPhone*, ar ndóigh, agus tá an *Blackberry* ann i gcónaí, agus tá comhlachtaí ar nós Samsung agus HTC ag cothú brandaí láidre dóibh féin le leithéidí an *Galaxy S* agus an *Desire*, faoi seach.

I gcás na bhfón sin uile tá ábhair imní ann, áfach; labhraíonn daoine ar shlí ghinearálta maidir leis an mbaol atá ann do pháistí, agus fiú do dhaoine fásta tá ceisteanna ollmhóra ann maidir le príobháideachas. Nó ar a laghad, bhí ceisteanna ollmhóra ann maidir le príobháideachas - le cúpla lá anuas tá freagra ar fáil, a bhuíochas sin do phéire taighdeoirí slándála, Pete Warden agus Alasdair Allan.

Má tá *iPhone* nó *iPad* agat, agus *iOS 4* ag rith air (sin an leagan is nua den chóras oibriúcháin), tá comhad ar an bhfón a choimeádann eolas cruinn ar chuile áit a dtéann tú le d'fhón.

Glac nóiméad leis sin a athléamh, má tá sé uait.

Tá comhad ar an *iPhone/iPad* a choimeádann eolas iontach cruinn ar chuile áit a dtéann tú, agus ar an am a théann tú ann chomh maith.

Baineann sé úsáid as triantánú idir crainn chraoltóireachta le do shuíomh a ríomh, próiséas a bhíonn iontach iontaofa de ghnáth, agus cé nach bhfuil sé chomh cruinn le GPS is féidir leis do shuíomh ginearálta a ríomh taobh istigh de 50-100 méadar den áit ina bhfuil tú. Má dhéanann tú sioncronú le ríomhaire, déantar cóip den chomhad sin ar an ríomhaire agus den eolas iontach pearsanta ar fad atá ann. Is féidir an t-eolas seo a thaispeáint ar léarscáil. Má tá *iOS 4* faighte agat ó seoladh é, tá eolas a théann siar thart ar bhliain suite ar do iPhone nó iPad.

Tá a fhios acu cá háit a théann muid - cad chuige?

Go dtí seo, ní soiléir cén fáth go díreach a bhfuil Apple ag bailiú eolais dá leithéid.

Níl an comhlacht i ndiaidh freagra ar bith a thabhairt ar an méid atá curtha ina leith ag Warden agus Allan. Deir Warden, agus é ag caint leis an nuachtán '*The Guardian*', go ndéarna sé féin agus Allan iarracht a leithéid de rud a aimsiú i gcóras oibriúcháin Google, *Android*, ach nach bhfuil sé ann.

Ní cosúil go bhfuil an t-eolas á úsáid do rud ar bith ar leith faoi láthair ach, as siocair go n-aistrítear é mar aon le do chuid eolais eile ar fad má cheannaíonn tú *iPhone* nó iPad nua, is léir nach trí thimpiste atá sé á bhailiú.

Mar sin, má tá *iPhone* agat, tá tú buartha, gach seans.

Cad is cóir a dhéanamh? Leis an scéal a shoiléiriú arís, níl aon fhianaise ann faoi láthair go bhfuil an t-eolas seo á sheoladh ar ais ag Apple ach, mar sin féin, as siocair go n-aistrítear an t-eolas chuig do ríomhaire nuair a dhéanann tú sioncronú le *iTunes*, níl rud ar bith ag cur cosc orthu é a bhailiú amach anseo. Is féidir le duine ar bith a bhfuil rochtain acu ar do ríomhaire do ghluaiseachtaí uile a thaispeáint ar léarscáil chomh maith, nó má dhéanann tú sioncronú le *iTunes* ar ríomhaire ar bith eile cóipeálfar an t-eolas sin uile chuig an ríomhaire úd chomh maith.

Má tá iPhone nó iPad agat, agus iOS 4 ag rith air (sin an leagan is nua den chóras oibriúcháin), tá comhad ar an bhfón a choimeádann eolas cruinn ar chuile áit a dtéann tú le d'fhón. Glac nóiméad leis sin a athléamh, má tá sé uait.

Más mian leat tú féin a chosaint, tá rogha in iTunes criptiú a dhéanamh ar an eolas uile a chóipeáltar chuig do ríomhaire, agus déanfaidh sé sin i bhfad níos deacra é do dhuine ar bith an t-eolas a bhaint ó do ríomhaire. Tá réitigh ísealteicneolaíochta ann chomh maith. Má tá coinne agat le duine ar bith in áit nár chóir duit bheith, b'fhéidir gur cheart duit an iPhone a fhágáil sa bhaile?

Réiteach eile ar an bhfadhb úd ná gan dul sa chéad dul síos, ar ndóigh, ach, as siocair gur colún teicneolaíochta é seo seachas colún eitice, ní dhéanfaidh mé a leithéid de mholadh.

Rogha eile teicneolaíochta atá ann ná mód eitilte (flight mode) a úsáid ar an bhfón. Múchann sé seo aerógaí uile an fhóin, idir GPS, WiFi, GSM agus eile, ach ar ndóigh ní féidir an fón a úsáid mar fhón agus an mód seo ar siúl. Réiteach gearrthéarmach eile.

Ní soiléir an bhfuil réiteach níos fadtéarmaí ná sin ar fáil, agus as siocair nach bhfuil Apple sásta labhairt mar gheall air, n'fheadar an nglacann siad leis fiú nach bhfuil sé de cheart acu é seo a dhéanamh. Mar a tharlaíonn sé, as siocair go bhfuil an rianú seo luaite sa chonradh, conradh a nglacann tú leis sula n-úsáideann tú an fón den chéad uair, tá pointe acu.

Muna dtaitníonn sé sin leat, b'fhéidir nach n-oireann Apple duit? In áit *iPhone* nó *iPad*, smaoinigh ar an Samsung *Galaxy S* nó *Galaxy Tab*, nó an HTC *Desire* S, Z nó HD, nó *Blackberry*.

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA nEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA

Scéim na Príomhréimsí 2011

Mar chuid de Straitéis Forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht beidh Ealaín na Gaeltachta Teo ag glacadh le h-iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí leasmhara ar suim leo tionscadail nó seirbhísí ealaíon a fhorbairt nó a sholáthar sa Ghaeltacht sna príomh réimsí forbartha seo a leanas

- Forbairt/ cothú sraith imeachtaí ealaíon do lucht spéise na nEalaíon
- Na hEalaíona a eascraíonn as Traidisiún Béil na Gaeltachta
- Litríocht na Gaeilge
- Ealaíon don Aosach
- Drámaíocht na Gaeilge

Fáilteofar roimh iarratas i rith **Dé hAoine, 06 Bealtaine 2011** ach réamh phlé a bheith déanta leis an Áisitheoir Ealaíon i do cheantar roimh ré.

Foláireamh
Tá an scéim seo ag braith ar mhaoiniú a bheith ar fáil d'Ealaín (na Gaeltachta) Teo. don bhliain reatha 2011..

Breis eolais le fáil ó na hÁisitheoirí Ealaíon, Oifigí Údarás na Gaeltachta nó ó www.ealain.ie

arts council ealaíon

Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

ÚDARÁS NA GAELTACHTA, MAOIRSEOIRÍ LE HEARCÚ.

Soláthróidh "Tús – An Tionscnamh Socrúcháin Oibre Pobail", deiseanna gearrthéarmacha oiriúnacha oibre ar ardchaighdeán dóibh siúd atá dífhostaithe agus ag an am céanna cuirfear réimse leathan de sheirbhísí ar fáil a bheadh tairbheach don phobal agus i suíomhanna pobail éagsúla.

Critéir Cháilitheachta:
Ní mór d'iarratasóirí:
- A bheith dífhostaithe le dhá mhí dhéag ar a laghad as a chéile agus ag 'síniú' ar bhonn lánaimseartha, agus
- A bheith ag fáil Íocaíocht Chuardaitheora Poist ón Roinn Coimirce Sóisialaí le dhá mhí dhéag ar a laghad (Sochar Cuardaitheora Poist san áireamh), agus
- A bheith ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist ag am an iarratais.

Coinníollacha Oibre:
Is gá do mhaoirseoir 39 uair sa tseachtain a oibriú. Beidh tréimhse phromhaidh sé mhí ar a laghad i gceist Is tréimhse bliana a bheidh i gceist leis an gcéad chonradh agus déanfar an conradh a athnuachan faoi réir feidhmíochta sásúla agus maoiniú leanúnach ar Tús. Beidh maoirseoirí fostaithe chun maoirseoireachta a dhéanamh ar an gclár i nGaeltacht Dhún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh/Mí agus Gaeltacht na Mumhan.

Dualgais an Phoist:
Socrúcháin oibre a aithint in eagraíochtaí agus suíomhanna pobail.Cur chun cinn agus riarachán na scéime. Maoirseacht ar rannpháirtithe, monatóireacht ama agus tinrimh san áireamh. Cuntais chuí, scríofa agus ríomhairithe a choinneáil. Maoirseacht ar chomhlíonadh riachtanais sláinte agus sábháilteacht. Ag leagan amach, ag bainistiú agus ag monatóireacht sceideal oibre agus ag baint spriocanna amach. Oiliúint sainiúil don obair a sholáthar. Cinntiú go bhfuil toradh na rannphairtithe ar aon dul le hionchais na bpobal. Aon fhreagrachtaí eile is gá d'fheidhmiú ordúil Tús.

Riachtanais:-
Riachtanais cháilitheachta Tús a shásamh. Bheith ábalta oibriú mar pháirt d'fhoireann. Taithí bainistíochta agus maoirseoireachta (roimhe seo). A léiriú go bhfuil sé ar do chumas tacaíocht agus dáimh a dhéanamh le rannpháirithe. Litearthacht ríomhairí. Eolas ar ghníomhaíochtaí agus obair pobail. Caighdeán maith oideachais. Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta

Seoltar iarratais mar aon le CV roimh **10 Bealtaine 2011** chuig:

An Bainisteoir Forbartha Pobail
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 503100 **Facs:** 091 503101 **Rphost:** eolas@udaras.ie

---

Comhordaitheoir Poiblíochta Cois Life

COIS LIFE
www.coislife.ie

Obair ócáideach phoiblíochta in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge
Sonraí ar an suíomh www.coislife.ie
Spriocdháta: 15 Bealtaine 2011

An Siopa Leabhar

Cúntóir an tSiopa Leabhar

PRÍOMHDHUALGAIS:
- Soláthar agus seirbhís díol leabhar srl. den scoth a chur ar fáil
- Plé le custaiméirí agus fiosrúcháin ar an nguthán
- Gnó ar an idirlíon a fhorbairt
- Dualgais ghinearálta chuntóra

RIACHTANAIS:
- Ardchaighdeán Gaeilge scríofa agus labhartha
- Scileanna ríomhaireachta
- A bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go maith le daoine

Tá sainchuntas poist le fáil ar iarratas r-phoist chuig **siopa@cnag.ie** nó trí ghlaoch ar +353 (0)1 4783814.

Seoltar iarratais, maraon le curriculum vitae chuig **Bainisteoir an tSiopa Leabhar** ag **siopa@cnag.ie** nó ag **An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2**.

Dáta deiridh iontrála: **Déardaoin, 05 Bealtaine 2011, ag 5.00 i.n.**

Is fostóir comhionannais deise é Conradh na Gaeilge.

Conradh na Gaeilge Foras na Gaeilge

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

---

Séala Cáilíochta
do Chóipeagarthóirí Gaeilge 2011

Tá Séala Cáilíochta do Chóipeagarthóirí Gaeilge á thairiscint ag Foras na Gaeilge. Chuige sin, beidh scrúdú cáilíochta ar siúl i gColáiste Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 8, Dé Sathairn 25 Meitheamh 2011 (11am – 1pm).

Déanfar tástáil ar chumas na n-iarrthóirí téacsanna a fheabhsú maidir le beaichte brí, cruinneas gramadaí, úsáid téarmaíochta agus soléiteacht de.

Ardchaighdeán Gaeilge a theastaíonn (leibhéil C1–C2 ar An Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha).

Dáta deiridh iarratais: **06 Bealtaine 2011 (5pm).**

Foras na Gaeilge

FOIRMEACHA IARRATAIS & TUILLEADH EOLAIS
ddavitt@forasnagaeilge.ie • oniraghallaigh@forasnagaeilge.ie

BEATHA

'An Fear sa Ghealach'

Philip Cummings
Coiscéim
€7.50



Léirmheas le Proinsias Mac a' Bhaird


Philip Cummings

SA lá atá inniu ann agus muid ag plé le cúrsaí filíochta labhraímid i dtéarmaí cnuasaigh. Déanaimid measúnú ar fhile agus ar a chuid filíochta bunaithe ar shraith dánta atá scríofa aige, ní ar an aon dán amháin. Rachadh sé deacair ar dhuine cnuasach a thabhairt ar an leabhar seo mar níl ann i ndáiríre ach an t-aon dán fada amháin.

Is deas é seo a fheiceáil.

Tá na foilsitheoirí, Coiscéim, le moladh as a bheith sásta leabhar den chineál seo a fhoilsiú. Dán atá ann a chuirfeadh seanfhilíocht na nGael, na dánta fada a bhíodh ag na baird agus leithéidí Merriman, i gcuimhne don léitheoir.

Tá margadh na léitheoireachta Gaeilge cúng go leor, tá margadh na filíochta Gaeilge níos cúinge arís agus creidim go bhfuil an margadh don aon dán Gaeilge amháin níos cúinge fós. 'Cia do cheinneóchadh dán?' a dúirt an file Mathghamháin Ó hIfearnáin ceithre chéad bliain ó shin agus d'fhéadfá a rá go bhfuil an cás amhlaidh inniu.

Tógann Cummings an léitheoir ar ais chuig traidisiún ársa an dáin fhada, agus nach maith - nach dochreidte - an rud é go bhfuil foilsitheoir ann in Éirinn an lae inniu a thugann dúshlán an mhargaidh chun an traidisiún sin a choinneáil beo.

Turas fir go dtí an ghealach is bonn don leabhar / dán seo. Bronnann buíon eolaithe ticéad singil chuig an ghealach air ar an choinníoll nach bpillfidh sé ar an domhan go deo arís. "Tá malairt atmaisféir de dhíth orm," a deir an fear (an file) agus é ag glacadh leis an tairiscint.

Cad a thugann air an domhan seo a thréigint agus aghaidh a thabhairt ar 'uaigneas gealaí', 'tost cruinne' agus 'machnamh aonair'? Mothaíonn sé go bhfuil an domhan tar éis teip air, nach dtuigtear é. Ar ndóigh is téama é seo atá chomh haosta leis an cheo, ach baineann Cummings go leor castaí cliste as.

Ní féidir leis an léitheoir gan na macallaí láidre ó Cúirt an Mheán Oíche a thabhairt faoi deara anseo. Ní Aoibheal Mherriman atá ag cur cúiseanna troma in éadan an fhile ach an ghealach féin, í ag cur i leith an fhile na coireanna uilig atá déanta aige in aghaidh ban.

Seans go sílfeadh an léitheoir go mbaineann an dán seo go príomhúil leis an tseanchoimhlint idir fir agus mná; baineann ar shlí ach tá an oiread eile istigh ann. Tchítear domhsa gur leabhar é seo a bhaineann le tuiscint. Féinthuiscint, tuiscint ar dhaoine eile, tuiscint saoil agus cibé tuiscint eile atá ann nach bhfuil srianaithe ag an tsaol ná ag an domhan. Thig linn glacadh leis an turas go dtí an ghealach mar mheafar den imeacht a chaithfeas an duine a dhéanamh óna ghnáthóg féin le go mbeidh sé in ann léargas nó tuigbheáil a fháil ar rúin na beatha. Tá fealsúnacht íogair agus smaointeoireacht dhomhain ag baint leis an dán agus mar a bheifeá ag súil agus duine ag dul ar thuras seo na tuisceana, tá an t-uaigneas agus fuacht ann chomh maith.

"Mheall mé thú le m'áilleacht." a deir an ghealach ag pointe amháin, ach "Maróidh mé thú le m'fhuacht." a deir sí san anáil chéanna.

Tugtar aiste dúinn, cineál de apologia, ag tús an leabhair ag míniú don léitheoir an cur chuige atá ag Cummings é féin mar fhile. Tá mé idir dhá chomhairle faoi seo. Bhí sé suimiúil ar leibhéal amháin léargas a fháil ar intinn an fhile i dtaobh a cheirde ach ar an lámh eile is deas ligint don fhilíocht féin iontas a chur ort, geit a bhaint asat. An gá rudaí a bheith mínithe roimh ré? Fágadh mé ag smaoineamh: nach bhfuil muinín ag an fhile as a chuid filíochta féin, nach dtig leis ligint don bhardaíocht shnasta labhairt ar a son féin - nó an é nach bhfuil muinín aige asamsa mar léitheoir?

Bítear i gcónaí ag súil le rudaí móra ó Philip agus é i mbun pinn. Duine mór é ar achan bhealach, pearsantacht, greann, smaointeoireacht agus ceardaíocht. Cé go bhfuil sé ar maos sa traidisiún, tá sé nua-aimseartha.

"Beag beann ar líon na gcairde facebook atá agam, tá an teagmháil dhaonna ag éirí gann agus tearc thíos."

Caitheann Cummings súil ghéar chiniciúil ar chúrsaí polaitíochta, déanann sé a mhacnamh ar an choimhthíos, ar an ghrá agus mórán téamaí eile. Tá an greann agus an íoróin go smior ann. Is iomaí uair le cúpla mí anuas a thóg mé an dán seo agus arís is arís eile léimim rudaí nua amach orm; is iomaí geit a baineadh asam. Is iomaí uair fosta arbh éigean domh an leabhar a fhágáil ar leataobh tamall le go mbeinn in ann smaoineamh a dhéanamh ar a raibh léite agam.

Don léitheoir cúramach, tá pléisiúr ar dóigh sa leabhar seo agus ba chóir léitheoireacht fhairsing a bheith aige.

NUACHT Litríochta

'An Ród go Durlas Éile'

Seán Ó Cearnaigh
Coiscéim
€7.50

Léirmheas le Proinsias Mac a' Bhaird

BHÍ sé deacair orm an leabhar beag seo a rangú nuair a thóg mé a chéad-uair é. Bhí an chuma air ón chlúdach gur leabhar staire a bhí ann a chuirfeadh an duine fásta suim ann ach ba léir domh i ndiaidh cúpla leathanach a léamh go raibh an scríbhneoireacht agus an modh inste scéil dírithe ar an duine óg, an déagóir óg, déar-fainn.

Agus muid ag plé le cúrsaí litríochta bíonn caighdeán na scríbhneoireachta tábhachtach dúinne mar léitheoirí, mar scríbh-neoirí agus mar léirmheastóirí agus sin mar a ba chóir dó bheith. Creidim, áfach, go bhfuil an pacáistiú tábhachtach fosta. Níl aon leid tugtha ar chlúdach an leabhair seo gur leabhar do dhaoine óga atá ann agus níl de léaráid ann ach seanph-ictiúr de Mhícheál Cíosóg. Is trua sin, mar d'fhéadfadh margadh i bhfad níos leithne a bheith ag leab-har den chineál seo dá mbeadh cuma ní ba tharraingtí air do pháistí.

Díríonn an leabhar seo ar an seachtar a chruinnigh le chéile in Óstán Uí Aodha i nDurlas Éile sa bhliain 1884 le tús a chur le Cumann Lúthchleas Gael. Ní stair an chumainn atá i gceist anseo, áfach, ach stair na mbunaitheoirí. Tugtar caibidil do gach bunaitheoir agus tugtar eolas dúinn faoin chúl-ra a bhí acu, an dóigh ar chuir siad suim sna cluichí gaelacha agus an ród a thaistil siad chun a bheith i láthair ag an chruinniú chinniú-nach sin i nDurlas Éile.

Tá an insint simplí agus suimiúil, cé gur bhraith mé go minic go raibh an oiread céanna de shamhlaíocht an údair i gceist sa reacaireacht is a bhí den stair inchruthaithe. Cé nach luífeadh an meascán de chu-madóireacht agus stair le staraí proifisiúnta, tá sé inleithscéil i leabhar den tsórt seo atá dírithe ar an duine óg.

Cineál de bholscaireacht ar son Chumann Lúthchleas Gael agus fís na hÉireann gaelaí atá sa leabhar; chuirfeadh sé duine ag smaoineamh ar shamhlú cáiliúil de Valera agus é ag trácht ar mar a ba mhaith leis óige na hÉireann a bheith. Léirítear na carachtair mar oibrithe crua, fir óga shláintiúla, tugtha don Ghaeilge agus don tírghrá. Cáintear na cluichí 'gallda' go minic fríd an leabhar, go háirithe an cruicéad. Admhaím féin nach raibh a fhios agam an oiread sin cruicéid a bheith á imirt sa tír ag an am - bhí gach mac máthar á imirt céad fiche bliain ó shin is cosúil!

Leabhar cúise atá anseo, tchítear domh. Tá teachtaireacht ag an údar agus ba mhaith leis é a chur i bhfeidhm ar aos óg na linne seo. Ní fheicim aon dochar ansin agus déantar go snasta sa leabhar seo é. Tá teanga shaibhir in úsáid ag an údar ach é tomhaiste go maith aige agus in oiriúint go maith don aois-ghrúpa. Cruthaíonn an t-údar íomhanna galánta corraitheacha a thógfadh an croí. Is cinnte nach bhfuil aon easpa ar Sheán Ó Cear-naigh mar scéalaí ná mar scríbh-neoir. Níl ann ach go bhfuil an léir-iú a thugtar ar na carachtair agus ar na smaointe a nochtann siad seanfhaiseanta. Shamhlóinn an leabhar seo a bheith mar léitheoireacht éigeantach i ngach scoil de chuid na mBráithre Críostaí leathchéad bliain ó shin. Níl mé cinnte an gcuirfeadh léitheoirí óga an lae inniu an oiread sin suime ann.



'Céadtach Mac Rí na gCor'

Leabhar Breac
€12
Mícheál Ó Conaola

Léirmheas le Ciarán Dunbar

SEO leagan de sheanscéal Fiannaíochta, 'Céadtach Mac Rí na gCor', scríofa amach agus léite ag Mícheál Ó Conaola as an Spidéal, Co. na Gaillimhe.

Tá sé deartha go maith le healaín le Darach Ó Scolaí.

Leabhar beag d'ardchaighdeán is ea é seo agus tá na dlúthdhioscaí d'ardchaighdeán leis, rud a chuireann leis an leabhar d'óg is d'aosta, go háirithe iad siúd atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge féin nó Gaeilge a gcuid páistí a neartú.

Tá mé ag déanamh go mbainfeadh lucht Gaelscoile agus lucht scoileanna Gaeltachta an-úsáid as.

Bheadh an leabhar oiriúnach do dhaoine óga ó 10 mbliana d'aois ar aghaidh.

Tá an scéal inste ar an stíl thraidisiúnta amach is amach, tá sé an-ghaelach ar fad ach níl a fhios agam an dtaitneodh sé sin le gach páiste sa lá atá inniu ann, faraor.



TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

Bainis Will agus Kate agus an léiriú teilifíse is mó ar domhan

SIBHSE a bhí ag fanacht agus sceitimíní oraibh faoin lá mór, is dócha nach ag léamh an pháipéir a bheidh sibh ach ag breathnú ar an teilifís agus sibh ag iarraidh dindiúirí uile lá na bainise a fheiceáil.

Táthar ag súil go mbeidh níos mó ná dhá bhilliún duine ar fud an domhain ag caitheamh súile ar Kate Middleton agus an prionsa William ag pósadh inniu.

Is imeacht ollmhór teilifíse atá i gceist agus is é duine de bhainisteoirí X Factor atá i mbun na socruithe, Diccon Ramsey. Is cosúil go mbeidh ceamaraí teilifíse i bhfolach i ngach áit i Mainistir Westminster chun a chinntiú go mbeidh an lucht féachana sa bhaile in ann na pictiúir a fheiceáil fiú má bhíonn oiread is deor amháin ag sileadh ó shúile duine den 1,900 aoi.

Ceaptar go mbeidh ceamaraí i bhfolach taobh istigh de na bláthanna ar an altóir, agus go mbeidh 60 ceamara ina iomláine i gceist, an chuid is mó acu róbatach agus iad faoi smacht ceamaradóra a bheidh lonnaithe taobh amuigh den mhainistir.

Beidh an bhainis á craoladh beo ar an BBC, ITV agus Sky agus más suim leat smaointe na Meiriceánach a chloisteáil ar an mbainis beidh ABC, NBC agus Fox á craoladh chomh maith.

Tá sé i gceist ag RTÉ an bhainis a chraoladh chomh maith.

Gradam Raidió PPI

Is é an spriocdháta d'iontrálacha sna gradaim PPI ná 5 Iúil agus caithfear clár a craoladh nó a chraolfar idir 1 Iúil 2010 agus 31 Bealtaine 2011 a bheith san áireamh. Tá sé d'aidhm ag na gradaim seo ceiliúradh a dhéanamh ar an ealaín agus ar an scil a bhaineann le cláir raidió a léiriú. Tá roinnt athruithe ar na gradaim i mbliana le níos mó moltóirí i gceist i mbliana ná aon bhliain eile agus gradam speisialta do dhuine éigin atá tar éis tosú amach san earnáil le 12 mhí anuas. Beidh an gearrliosta d'ainmniúcháin á fhógairt go luath i mí Mheán Fómhair agus beidh oíche bhronnta na ngradam á reáchtáil ar 7 Deireadh Fómhair i gCill Chainnigh. Téigh chuig ppiradioawards.com chun d'iarratas a dhéanamh nó le tuilleadh eolais a fháil.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Lá an Chomhairimh' Beidh painéal saineolaithe ag déanamh plé agus anailíse ar thorthaí toghchánaíochta Thionól an Tuaiscirt ar an gclár speisialta seo. Orthu siúd a bheidh ar an bpainéal beidh Póilín Ní Chiaráin, Ian Malcolm, Eoghan Ó Néill agus Robert McMillen. Beidh tuairisceoirí sna hionaid chomhairimh ar fud an cheantair, agus coinneoidh siad an painéal ar an eolas maidir leis na torthaí i rith an lae. Is í Máirín Ní Ghadhra a bheidh ina cathaoirleach agus craolfar an clár as Béal Feirste. Dé hAoine @ 12in-2in, 3in-6in agus 7in-9in

BBC Raidió Uladh: 'Blas' Sa chlár seo beidh blaiseadh den cheol traidisiúnta agus den cheol tíre le fáil. Curtha i láthair ag Lynette Fay. Anocht @ 7.03in

RTÉ Lyric FM: 'Nova + 1' Sa dara clár sa tsraith seo beifear ag díriú ar an bpolaitíocht sa cheol: amhráin phríosún Henze (bunaithe ar dhialann Ho Chi Minh), curfá na bpríosúnaithe in Fidelio le Beethoven, sraith amhrán antrapóideach (anthropoid) do chór agus sopráin agus neart eile. Dé Domhnaigh 9-11in.

Bliain ó bhásaigh Gerry Ryan

IS é an lá amárach bliain cothrom an lae ó bhásaigh an craoltóir Gerry Ryan ach níl sé i gceist ag RTÉ aon chlár speisialta comórtha a chraoladh ar an lá. D'oibrigh Gerry Ryan do RTÉ ar feadh 31 bliain agus é mar láithreoir ar a chlár raidió féin ar 2fm ó 1998 i leith. Cé nach mbeidh aon chlár áirithe amháin ag déanamh ceiliúradh ná comóradh ar a shaol, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí comóradh ar an lá ar chláir éagsúla ar a mbealach féin, cinneadh atá faoi léiritheoirí na gclár áirithe sin. Bhásaigh an craoltóir a bhí 53 bliain d'aois go tobann agus fuarthas rian den alcól, de chócaon agus de dhrugaí eile ina chorp tar éis a bháis. Tá sé i gceist ag muintir Ryan aifreann príobháideach a bheith acu chun comóradh a dhéanamh ar a shaol amárach.

Is ait an mac an saol

TÁ tús curtha le sraith de sé dhráma nuascríofa ar Raidió na Life agus an dara clár le cloisteáil anocht ag 6.30in ar 106.4fm. Is í Eimear Ní Rónáin scríbhneoir an dráma agus é dírithe ar Ollcheannaire an Spáis atá ag iarraidh teacht go hÉirinn le Gaeilge a fhoghlaim agus a scaipeadh ar fud an spáis. Is ar na heachtraí a thiteann amach le linn a thurais a dhíríonn an tsraith dhrámaíochta seo. Tá an dráma seo suite i bhfad sa todhchaí agus ann tá banríon ar Éirinn. Is é Tristan Rosenstock léiritheoir an dráma le cliar aisteoirí aitheanta, cumasacha. Cuid acu siúd ná Cillian Ó Donnchadha, Rachel Ní Fhionnáin, Con Ó Tuama agus Eoghan Mac Giolla Bhríde. Is le tacaíocht ón scéim mhaoiniúcháin chraoltóireachta Fuaim agus Fís, de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann a rinneadh an tsraith seo do Raidió na Life. Éistigí amach don tsraith seo ina ndeir siad go bhfuil Hitchhiker's Guide to the Galaxy agus An Claidheamh Soluis ag teacht le chéile!

Féile Rose d'Or

TÁ an fhéile idirnáisiúnta teilifíse 'Rose d'Or' ag cuardach iarratas d'fhéile 2012 a bheidh á reáchtáil 6-10 Bealtaine 2012 i Lucerne na Eilbhéise. Tá catagóir sa bhreis ann i mbliana do chláir siamsaíochta, rud a chiallaíonn go bhfuil 13 chatagóir anois ann. Má tá clár agat a shíleann tú gur mhaith leat é a bheith san áireamh do na gradaim tá éagsúlacht mhór catagóirí i gceist, idir cláir do dhaoine óga, siamsaíocht fhíorasach, faisnéis ealaíonta agus cláir neamhfhíorasacha. Tá athruithe déanta ag eagraitheoirí na féile i mbliana ar an mbealach gur féidir le daoine a saothar a chur isteach chucu. Is féidir leat cláir agus páipéarachas a uaslódáil go digiteach i mbliana. Is é an spriocdháta d'iontrálacha ná 31 Nollaig 2011 agus is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bhféile féin agus faoi na gradaim ag www.rosedor.ch.

Féach ar:

RTÉ 1: 'The Secret History of the Eurovision' Sa chlár seo breathnófar ar na hamhráin, na cultacha, na scannail agus na conspóidí taobh thiar den chomórtas cáiliúil amhránaíochta atá á reáchtáil le os cionn 50 bliain. Cloisfidh muid agallaimh le Johnny Logan agus Niamh Kavanagh i measc daoine eile. Dé Luain @ 10.30in

TG4: 'An Chaille Bhrídeoige' In 2004, nuair a phós Mary Donaldson, Astrálach, agus Frederik, Prionsa Corónach na Danmhairge, bhí Astrálaigh agus Danmhargaigh araon ag tnúth lena fháil amach an gcaithfeadh Donaldson caille bhrídeoige de lása Charraig Mhachaire Rois a tugadh mar bhronntanas 100 bliain roimhe sin do Margaret, Banphrionsa Chonnacht. Sa chlár faisnéise seo tá stair na lásadóireachta in Éirinn fite fuaite i scéal an Teaghlaigh Ríoga. (Athchraoladh) Dé Sathairn @ 9.20in

Channel4: 'My Big Fat Royal Gypsy Wedding' Sibhse atá ag iarraidh éalú ón gcaint uile faoin bpósadh ríoga, b'fhéidir gurb é seo bhur seans! An mbeidh an bhainis seo níos mó, le gúna níos mó agus níos mó aíonna ná bainis Wills agus Kate? Chuile sheans go mbeidh. Dé hAoine @ 10.25in

Féile Náisiúnta Drámaíochta agus ocht gcinn de dhrámaí Gaeilge in iomaíocht lena chéile

Treasa Bhreathnach

TÁ Bríd Ní Neachtain aitheanta mar dhuine de na haisteoirí mór le rá, ní hamháin i saol na drámaíochta Gaeilge agus Béarla, ach go hidirnáisiúnta chomh maith.

Is í atá mar mholtóir ar Fhéile Náisiúnta Drámaíochta na bliana seo agus is é seo an dara huair di an mholtóireacht a dhéanamh. "Cuireadh ceist orm an mholtóireacht a dhéanamh agus dúirt mé go mbeadh suim agam ann mura raibh mé ar stáitse ag an am," ar Bríd. "Rinne mé moltóireacht ar an bhféile dhá bhliain ó shin nuair a bhí sé i mBaile Locha Riach agus bhain mé an-taitneamh as. Is iontach an rud é go mbeadh an deis ag na Gaeltachtaí ar fad teacht le chéile, agus tá obair iontach á dhéanamh acu uilig," a deir an t-aisteoir agus í ag labhairt liom tar éis lá fada i mbun cleachtadh drámaíochta.

Is é an dráma '*Here We Are Again Still*', scríofa ag Christian O'Reilly, a bhfuil Bríd i mbun cleachtaidh dó faoi láthair. Beidh sé le feiceáil mar chuid de chamchuairt i bhféile na Bealtaine.

An féidir linn breathnú ar an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta mar bhealach isteach ag daoine ar mhaith leo a bheith mar dhrámadóirí proifisiúnta? "Ní féidir comparáid a dhéanamh idir an dá rud, i ndáiríre. Leis an ocht gcinn de dhrámaí atá againn i mbliana déanann siad féin gach rud. Is mór é mo mheas orthu agus an obair a dhéanann siad, mar is mór an méid oibre atá i gceist. Tá caighdeán iontach ard i gceist, agus tá sé an-éasca a bheith mar dhrámadóir proifisiúnta nuair atá meaisín mór taobh thiar díot," arsa Bríd.

Tá traidisiún fada ag drámaíocht na Gaeilge i nGaeltachtaí na tíre, ach an bhfuil an traidisiún sin ag titim i léig, nó an bhfeiceann Bríd go bhfuil borradh ag teacht ar an earnáil? "Sílim go bhfuil drámaíocht na Gaeilge láidir, cinnte. Tá ocht gcinn de dhrámaí againn i mbliana ó cheann ceann na tíre, ó Chontae Dhoire, Tír Chonaill, Corca Dhuibhne, Baile Átha Cliath agus an Cheathrú Rua. Ní raibh dráma againn cheana ó Dhoire agus is iontach an rud é sin a fheiceáil," a deir Bríd.

Is iad Aisteoirí Charn Tóchair as Contae Dhoire a chuirfidh tús le drámaí na Féile le dráma nua-scríofa le Proinsias Ó Cuilinn, Dealg an Tiomna. Is go Carn Tóchair a chuaigh príomhdhuais Ghlór na nGael seachtain ó shin agus is léir go bhfuil an-obair á déanamh acu ar mhaithe leis an teanga ina gceantar féin. Níl anseo ach dráma amháin den cheithre dhráma nua-scríofa a bheidh le feiceáil ag an bhféile. Beidh oscailt oifigiúil na féile le cloisteáil beo ar Raidió na Gaeltachta agus é á chur i láthair ag Máirtín Mac Donnchadha ag 8.30in ó Amharclann Chois Fharraige i gConamara.

Is iad Aisteoirí Míobhaigh as na Dúnaibh i dTír Chonaill a chuirfidh an dara dráma nua-scríofa inár láthair, Fuil ar an Torc scríofa ag Prionsias Ó Cuilinn chomh maith. Tomás Ó hIcí a scríobh Ciúnas a bheidh á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn as Corca Dhuibhne agus beidh dráma nua le hAodh Ó Domhnaill, Na Leabhra á chur ar stáitse ag Aisteoirí Bulfin as Baile Átha Cliath.

Mar sin le hocht gcinn de dhrámaí in iomaíocht le chéile cé mhéad gradam a bheidh á mbronnadh ag an Aire Donnchadh Mac Fhionnlaoich ar an Domhnach nuair atá na cinntí uile déanta ag Bríd? "Beidh mé ag breathnú ar na drámaí uile agus ag déanamh léirmheasa ar an gcompántas uile. Caithfear breathnú ar chuile ghné de na drámaí, an léiritheoir, an soilsiú, an aisteoireacht agus gach rud eile. Is *jigsaw* atá i gceist leis. Má tá sár-obair á déanamh tabharfar gradam agus ní hé go bhfuil méid áirithe gradam go gcaithfear a thabhairt amach, agus níor cheart go mbeadh ach an oiread," a deir Bríd.

Beidh bronnadh na ngradam á chraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta ar an Domhnach 9-9.30in.

Clár FÉILE NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA 2011

In Amharclann Chois Fharraige, Conamara

AOINE, 29 AIBREÁN

7.30 p.m. Fáiltiú agus Oscailt Oifigiúil le Colm Ó Baoill, Foras na Gaeilge.

9.15 p.m. 'Dealg an Tiomna'
dráma nua le Proinsias Ó Cuilinn, á léiriú ag Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire.

SATHARN, 30 AIBREÁN

11.30 a.m. 'Cian is Cóngar'
dráma le Dermot Bolger á léiriú ag Compántas Chorcaí.
'Ciúnas'
dráma nua le Tomás Ó hIcí á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne

2.30 p.m. 'Na Leabhra'
dráma nua le hAodh Ó Domhnaill, á léiriú ag Aisteoirí Bulfin, Baile Átha Cliath.

4.30 p.m. 'Éigse na Féile'
Agallaimh, Lúibíní, Ceapóga, Amhráin Saothair agus Scéaldráma

8.00 p.m. 'Fuil ar an Torc'
dráma nua le Proinsias Ó Cuilinn, á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

DOMHNACH, 1 BEALTAINE

2.00 p.m. 'Ná hInis di Féin É'
dráma le Sam Cree á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne.

7.00 p.m. 'Faoiseamh'
dráma le John B. Keane, á léiriú ag Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua.

8.30 p.m. 'Siamsa na Féile'

9.00 p.m.
Moltóireacht na Féile agus Bronnadh na nGradam

Beirt eachtrannach ag neartú traidisiún na gCeapóg

Treasa Bhreathnach

IS as Gailís na Spáinne ó dhúchas í Lucia Atenica agus is as New Hampshire i Stáit Aontaithe Mheiriceá í Kyle Carey agus an bheirt acu ag tabhairt faoi cheapóg san Fhéile Náisiúnta Drámaíochta i mbliana. Ní hiad na drámaí Gaeilge amháin a bheidh á léiriú ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta ach agallaimh bheirte, lúibíní, ceapóga, amhráin saothair agus scéaldhrámaí chomh maith.

"Tá an-chosúlachtaí idir na ceapóga agus regueifas atá againn in Galicia,"a deir Lucia. "Bíonn imirt leis na focail i gceist, agus magadh ar a chéile agus saghas criticizing ach ar shlí an-chliste. Chonaic mé uair amháin regueifas i dteach tábhairne in Santiago de Compostela ar a trí a chlog ar maidin agus cé nach bhfuil siad láidir tá a fhios agam go bhfuil an traidisiún ann. An difríocht is mó ná nach mbíonn siad cumtha roimh ré, ach díreach ar an nóiméad sin agus tá siad an-deacair agus caithfidh tú a bheith an-chruthaíoch agus cliste lena dhéanamh."

Is i nDún Chaoin atá Lucia ina cónaí anois le timpeall cúig bliana anuas agus í ag múineadh Spáinnise do dhaltaí scoile na Gaeltachta i seacht gcinn de scoileanna sa cheantar. Deir sí nuair a bhog sí go hÉirinn go raibh an-suim aici an teanga a fhoghlaim. "Tá an-chuid cosúlachtaí idir an Ghailísis agus an Ghaeilge ó thaobh an stádais de agus an péire acu mar mhionteanga agus nuair a bhog mé anseo ba mhaith liom í a fhoghlaim agus tacaíocht a thabhairt don teanga," a deir Lucia.

Chabhraigh sé go mór léi sa phost chomh maith go raibh an teanga ar a toil aici. Is ceoltóir agus amhránaí í Kyle agus an-suim aici i nGaeilge na hAlban. Nuair a thagadh sí ar cuairt go hÉirinn, is sa dá Ghaeilge a bhíodh cumarsáid á déanamh ag an mbeirt cairde. "Ní raibh aon fhadhb ann, bhí muid in ann a chéile a thuiscint gan fhadhb," arsa Lucia.

D'fhreastail an bheirt ar Oireachtas na Samhna i gCill Airne i mbliana, áit ar chuir siad an-suim i gcomórtas na lúibíní agus ar chas siad le beirt a bhfuil an-taithí acu orthu, Joe Creedon agus Seán Ó Muineacháin. Is as ceantar Chúil Aodha / Bhaile Bhúirne ó dhúchas an bheirt ach Joe Creedon ag maireachtáil i gCorca Dhuibhne le blianta fada anuas.

Deir Lucia, "Bhí muid ag caint le Joe agus le Seán ag an Oireachtas agus dúirt muid leo go raibh an-suim againn sna ceapóga agus gur mhaith linn ceann a fhoghlaim. Dúirt Seán linn gur onóir mhór dósan é ceapóg a chumadh do bheirt strainséirí, mar nach raibh sé déanta aige cheana."

An bhfuil an bheirt eachtrannach a bhfuil an Ghaeilge foghlamtha acu neirbhíseach agus iad ag dul ar stáitse ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta? "Tá mé neirbhíseach cinnte, is é seo an chéad uair domsa dul ar stáitse agus é seo a dhéanamh, agus i dteanga iasachta chomh maith!" a deir Lucia.

Beidh Lucia agus Kyle le feiceáil i mbun a gceapóige ag 4.30in mar chuid d'Éigse na Féile ar an Satharn.

OIDEACHAS

Aimsir na gComhdhálacha do mhúinteoirí na tíre

Treasa Bhreathnach agus Caroline Ní Chualáin

IS é ag an am seo bliana gach uile bhliain a bhíonn comhdhálacha mhúinteoirí na tíre ar bun, comhdhálacha INTO, ASTI agus TUI.

Is ann a dhéantar plé ar cheisteanna a bhaineann le todhchaí an chóras oideachais sa tír chomh maith le mórcheisteanna a bhaineann le múinteoirí páistí de gach uile aois sa tír agus is ann a leagtar síos clár oibre na gcomhdhálacha don bhliain atá amach rompu.

I mbliana thaistil os cionn 1,500 múinteoir chuig na comhdhálacha. Bhí an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, ag freastal ar a chéad bhabhta de chomhdhálacha mar Aire nua Oideachais. Bhí roinnt rún comónta ag an trí chomhdháil, ceisteanna a bhí ag cur imní ar mhúinteoirí na tíre, is iad sin cúrsaí pá, a gcuid pinsean agus a bhfuil i ndán dá bpoist, agus poist úra do chéimithe úra. Ní raibh mórán deascéala le tabhairt ag an Aire Quinn ag na comhdhálacha agus foláireamh aige do na múinteoirí uile.

Dúirt an tAire Quinn go mbeidh tuilleadh ciorruithe ar bhuiséad na Roinne agus athbhreithniú á dhéanamh ar chaiteachas sa Roinn chéanna. Deir sé, áfach, nach mbeidh sé ag déanamh 'slash and burn' ar bhuiséid ach go mbeidh athbhreithniú criticiúil á dhéanamh ar na cláir éagsúla. Is iad seo a leanas na pointí ba mhó a tháinig chun cinn ag comhdháil INTO i gContae Shligigh, áit a raibh os cionn 750 múinteoir bunscoile Luan na Cásca:

- Níl faoiseamh i ndán do mhúinteoirí nuacháilithe a bheidh ag cuardach post amach anseo mar go mbeidh ar scoileanna múinteoirí a fhostú ó phainéal de scoileanna a bhfuil barrachas múinteoirí fostaithe acu.
- D'aontaigh na múinteoirí le rún nach n-oibreoidh siad le múinteoirí nach bhfuil cáilithe ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh.
- Ní bheidh aon athrú scéil ann i dtaca leis na na ciorruithe a rinneadh i ranganna de pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Ní bheidh aon athrú ar bhuiséad 2011 agus ní dhéanfar athbhreithniú air
- Ní dhúnfar scoileanna beaga a bhfuil níos lú ná 50 dalta iontu
- Is tosaíocht ag an Roinn é athstruchtúrú an Fhóram Pátrúnachta. D'fhógair an tAire Quinn ag tús na bliana seo go raibh sé i gceist Fóram Pátrúnachta agus Iolrachais ag an mbunleibhéal a bhunú.

Is i gCorcaigh a reáchtáladh comhdháil ASTI an tseachtain seo agus os cionn 500 múinteoir ag freastal air. Is iad na pointí a rinneadh ann ná:

- Tá súil ag an Aire Quinn go mbeidh athstruchtúrú déanta ar an Teastas Sóisearach faoi mhí Mheán Fómhair. Dúirt sé chomh maith go mbeidh meascán de mheasúnú leanúnach agus scrúduithe úra i gceist leis an Teastas Sóisearach nua.
- D'fhógair sé go raibh sé i gceist ag an Roinn cuireadh a thabhairt do ASTI agus d'eagraíochtaí eile chun deiseanna ciorraithe buiséid a phlé sna seachtainí beaga amach romhainn.
- Níl aon athruithe i gceist do scoileanna ina n-íocfar táillí
- Síleann sé go gcabhróidh scrúduithe caighdeánaithe le scileanna bunúsacha litearthachta agus uimhearthachta daltaí scoile amach anseo

Léirigh múinteoirí ag Comhdháil Aontas Mhúinteoirí na hÉireann (TUI) a bhí ar siúl i gCiarraí Dé Céadaoin an imní atá orthu faoi dhaltaí ag fágáil na scoile de bharr na gciorruithe.

Dúirt an tAire Oideachais Ruairí Quinn go gcaithfidh na múinteoirí foghlaim chun "níos mó a dhéanamh le níos lú achmhainní."

Dúirt sé go bhfuil imní air faoin gcorás oideachas ach go gcaithfear flaitheas na tíre a fháil ar ais ar dtús.

Phléigh an tAire fadhb na litearthachta sa tír agus dúirt sé nach bhfuil orainn bheith "ag brath ar airgead Bhanc Ceannais na hEorpa chun é seo a dhéanamh ach go mbeidh muid féin in ann é sin a fheabhsú."

Tá Éire tar éis sleamhnú ón gcúigiú háit ar domhan go dtí an 17ú háit i gcursaí litearthachta - sin i mBéarla amháin áfach, mar ní léir má mheasann an Roinn Oideachais go mbaineann cumas sa Ghaeilge le litearthacht.

Deir an tAire freisin nach mbeidh an cinneadh faoi chosc ar phoist á athrú. "Tá bóthar fada amach romhainn agus tá a fhios agam gur focail chrua iad," a dúirt sé.

D'impigh Uachtarán Aontas Mhúinteoirí na hÉireann, Bernie Ruane, ar an Aire Oideachais infheistíocht a dhéanamh sa chóras oideachais mar gur thug sé cúnamh do thíortha eile theacht amach as an gcúlú eacnamaíochta.

Léirigh Bernie Ruane a míshástacht faoin maoiniú €100 milliún sa bhliain atá scoileanna príobháideacha ag fáil "nuair a chaithfidh na scoileanna s'againne airgead a bhailiú ón siopa áitiúil chun ríomhairí a cheannacht don scoil nuair atá sibhse, an rialtas, ag íoc as linn snámha agus galfchúrsaí do scoileanna príobháideacha. Ní féidir leanúint ar aghaidh leis an gcinedheighilt oideachais."

Léirigh Uachtarán an Aontais a míshástacht faoi thuismitheoirí ag glaoch ar St Vincent de Paul ag lorg cúnaimh chun leabhair scoile a cheannacht. "Tá muid ag baint úsáide as seanleaganacha de leabhair mar níl an t-airgead againn chun leabhair a fháil ar cíos fiú."

D'iarr Ruane ar an Aire "an t-airgead a chaitear ar riarachán nach bhfuil ag teastáil a chaitheamh ar mhúinteoirí agus léachtóirí. Fág an t-oideachas ag na múinteoirí agus léachtóirí agus ní ag na riarthóirí," a dúirt sí.

Éachtaí bainte amach ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh sa Ghaeilge

Caroline Ní Chualáin

TÁ Tuarascáil Bhliantúil Bhord na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh foilsithe. Is é atá sa tuarascáil ná tuairisc mhion as Gaeilge agus as Béarla ar chláir teagaisc, ar scéimeanna agus ar ghníomhaíochtaí teanga an Bhoird don tréimhse 2009/2010. Baineadh amach buaiceanna móra de réir na tuarascála. Ina measc d'fhreastail líon ard mac léinn ar chlár teanga Ionad na Gaeilge Labhartha i gcaitheamh na bliana, 1824 acu sa tréimhse atá faoi chaibidil.

Bhí 2,335 mac léinn rannpháirteach sna scéimeanna agus sna gníomhaíochtaí cultúrtha éagsúla. Nuair a chuirtear gach cúrsa san áireamh feictear gur fhreastail an tIonad ar cheithre míle mac léinn i rith na bliana. Tháinig méadú 2.8% ar líon na mac léinn a ghlac páirt sna scéimeanna agus sna cúrsaí teanga i gcomparáid le 2008/2009.

Eagraíodh timpeall nócha grúpa foghlama teanga i gcomhar leis an Ionad agus i nDún Chíomháin, ionad atá ag an ollscoil i gCorca Dhuibhne. D'fhreastail breis agus 1,800 duine ar na grúpaí seo de bharr gníomhaíochtaí teanga a bhí faoi choimirce dhíreach Bhord na Gaeilge.

Eagraíodh dhá rang foirne san ollscoil i gcomhthéacs na scéime teanga faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla agus dhá ghnáthrang foirne. D'fhreastail suas le tríocha ball foirne ar chúrsaí sa Ghaeilge Labhartha a chabhróidh leis an ollscoil seirbhísí áirithe dátheangacha a chur ar fáil.

Eagraíodh timpeall nócha grúpa foghlama teanga i gcomhar leis an Ionad agus i nDún Chíomháin, ionad atá ag an ollscoil i gCorca Dhuibhne. D'fhreastail breis agus 1,800 duine ar na grúpaí seo de bharr gníomhaíochtaí teanga a bhí faoi choimirce dhíreach Bhord na Gaeilge.

Leagadh amach scéim nua teanga 2010 - 2013 don Ollscoil agus tá sí seo á haontú le hOifig Aire na Gaeltachta. Bhronn Meadhbh Ní Urdáil agus Gearóid Ó Riain, thar ceann Bhanc na hÉireann, Gradam na Gaeilge, ar fiú míle euro é, ar Julanne Ní Mhurchú agus ar Niall Ó Briain. Ba é Banc na hÉireann a dhein urraíocht ar an gcomórtas oscailte tras-ollscoile.

Eagraíodh seimineáir agus laethanta oscailte i gcaitheamh na bliana i nDún Chíomháin chun tacú le fiche teaghlach sa Ghaeltacht atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Tá an banda leathan curtha ar fáil mar chuid de chóras ríomhaireachta Dhún Chíomháin chomh maith. Reáchtáladh cúrsaí nua do Choláiste an Leighis i nDún Chíomháin agus san Ollscoil féin. Deineadh athchóiriú tábhachtach breise ar Dhún Chíomháin. Socraíodh díon nua i gcomhair halla an Dúin mar a bhfuil seomra cluichí agus seomra ríomhaireachta.

Cuireadh tús i mbliana le comhthionscnamh idir Ionad na Gaeilge Labhartha agus Roinn an Spóirt chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn an Spóirt, an Oideachais agus na Gaeilge.

Cuireadh ath-eagar ar shiollabas na gcúrsaí deonacha agus na gcúrsaí oíche. Dhein Coláiste na nEalaíon agus an Chomhairle Acadúil faomhadh ar shiollabas nua leibhéal 7 don dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach. Eagraíodh sraith de léachtaí poiblí faoin téama "An Ghaeilge mar acmhainn gnó agus forbartha". I measc na léachtóirí bhí Seán Ó Riain, údar Pleanáil Teanga in Éirinn agus Comhairleoir Teanga, Oifigí Choimisiún an Aontais Eorpaigh.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta : Athruithe ar Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora

Ceist: Cad iad na hathruithe ar Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora? Chuala mé go gcuirfear deireadh léi nuair a shroicheann do pháiste ceithre bliana déag d'aois. Tá triúr leanbh agam atá go léir faoi cheithre bliana déag d'aois i láthair na huaire. Conas a bheidh tionchar aige seo orm?

Freagra:

NÍ bheidh tionchar aige seo ort sa ghearrthéarma. Ó Aibreán 2011, ní bhfaighidh éilitheoirí nua Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a thuilleadh nuair a shroicheann an páiste is óige sa teaghlach ceithre bliana déag d'aois. Beidh roinnt eisceachtaí teoranta don riail seo lena n-áirítear tuismitheoirí aonair atá ag fáil Liúntas Cúram Baile ar son leanaí atá faoi mhíchumas nó daoine atá ina dtuismitheoirí aonair mar gheall ar mhéala le déanaí.

Má tá tú ag fáil Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora faoi láthair beidh an teorainn aoise nua á chéimniú i níos mó ná sé bliana mar seo a leanas:

Céimniú isteach teorainn aoise nua

2011 agus 2012
Fanfaidh an teorainn aoise ag ocht mbliana déag d'aois

2013
Beidh an teorainn aoise ag seacht mbliana déag d'aois

2014
Beidh an teorainn aoise ag sé bliana déag d'aois

2015
Beidh an teorainn aoise ag cúig bliana déag d'aois

2016
Beidh an teorainn aoise ag ceithre bliana déag d'aois

Ciallaíonn sé seo nach bhfuil athrú ar bith ar theidlíocht do íocaíochta sa bhliain 2011 agus sa bhliain 2012. Ó Eanáir 2013, ní bheidh tú i dteideal na híocaíochta a thuilleadh nuair a shroicheann do pháiste is óige seacht mbliana déag d'aois agus ó 2014 nuair a shroicheann do pháiste is óige sé bliana déag d'aois agus mar sin de. Sa bhliain 2016 ní mór do do leanbh is óige a bheith faoi cheithre bliana déag d'aois ionas go mbeidh tú in ann leanúint ar aghaidh ag fáil na híocaíochta.

Má tá tú i dteideal Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora bunaithe ar aois an páiste is óige sa teaghlach, beidh tú ag fáil Mhéadú do Leanbh Cáilithe do pháiste ar bith sa chlann go dtí go sroicheann siad ocht mbliana déag d'aois (nó 22 bhliain d'aois in oideachas lánaimseartha).

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís saor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal. Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121 nó (021 4521600).

Comhaltas Uladh i mbun stocaireachta le linn an fheachtais toghchánaíochta

Tomaí Ó Conghaile

TÁ an feachtas toghchánaíochta faoi sheol anois ó thuaidh agus ina measc sin atá ag cur brú ar na hiarrthóirí Tionóil tá Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge, atá ag éileamh go gcuirfear deireadh leis an riail nach gcaithfidh scoláirí staidéar a dhéanamh ar theanga iasachta ag leibhéal GCSE.

In 2004 rinne Páirtí an Lucht Oibre, a bhí i gceannas in Westminster ag an am, cinneadh nach mbeadh ar dhaltaí staidéar a dhéanamh ar theanga 'iasachta' do scrúduithe GCSE agus bhí titim shuntasach ann, sa tuaisceart agus sa Bhreatain, ar líon na scoláirí a roghnaigh teangacha ag an leibhéal sin dá bharr.

Bhí tionchar nach beag ag an chinneadh seo ar theagasc na Gaeilge chomh maith.

"Idir 2007 agus 2009 amháin, thit líon na scoláirí a rinne staidéar ar an Ghaeilge ag GCSE ó 2710 go 2084," arsa Niall Comer, Uachtarán Chomhaltas Uladh.

"I gcuid mhór scoileanna anois, bíonn ar na scoláirí rogha a dhéanamh sula dtosaíonn siad sa chéad bhliain den mheánscoil faoin teanga a ndéanfaidh siad staidéar uirthi a fhad le Bliain 10.

"Tá scoláirí ann nach ndéanann Gaeilge ar bith sa chóras meánscolaíochta anois, fiú i scoileanna atá an-bháúil don spórt agus don chultúr Ghaelach, agus bíonn stádas na Gaeilge sa scoil ag brath cuid mhór ar dhea-thoil an phríomhoide reatha."

Mar aon leis an éileamh maidir le teagasc na teanga i scoileanna Béarla an tuaiscirt, tá Comhaltas Uladh ag impí ar na páirtithe polaitiúla tuilleadh brú a chur ar rialtas na Breataine chun Acht Gaeilge cuimsitheach, bunaithe ar chur chuige atá dírithe ar chearta, a chur i bhfeidhm.

"Ar an dóigh chéanna, ba chóir Cothrom na Féinne a thabhairt do phobal labhartha na Gaeilge ó thuaidh, agus tá Comhaltas Uladh ag éileamh ar na páirtithe a bheidh i gcumhacht amach anseo Acht Gaeilge ceartbhunaithe a ghníomhú láithreach chun cearta teanga na ndaoine sin ar mian leo Gaeilge a labhairt a chosaint, beag beann ar an phobal ná ar an chúlra polaitíochta lena mbaineann siad," arsa an tUasal Comer.

Tá Comhaltas Uladh go láidir den tuairim go bhfuil ról ríthábhachtach le himirt ag eagrais chultúir chun athmhuintearas a chothú idir pobail éagsúla an tuaiscirt agus chun cultúr agus oidhreacht a cheiliúradh le chéile ar bhealach tuisceanach measúil.

Agus tá tacaíocht do na héilimh seo a bhaineann le córas an tuaiscirt á tábhairt ag an phríomheagras i mBaile Átha Cliath, mar a mhínigh Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn:

"Níl an Ghaeilge ag tír ná ag eacnamaíocht ar bith eile ar domhan chun rud uathúil, ar leith a thairiscint do chuairteoirí chun na tíre, thuaidh agus theas, chun airgead a ghiniúint don earnáil turasóireachta, mar shampla.

"Creideann Conradh na Gaeilge gur fiú do Theachtaí an Tionóil nua a chinntiú go n-ardófar stádas na Gaeilge sna scoileanna, agus go deimhin sa phobal trí chéile, le hAcht Gaeilge, chun a chinntiú go mbainfear leas as an acmhainn luachmhar trasphobail atá againn sa teanga chun cabhrú le geilleagar an tuaiscirt, go háirithe i dtaca le cúrsaí turasóireachta agus ceiliúradh cultúir."

Crosfhocal 29.04.2011



NODANNA

TRASNA

3 Treoir oifigiúil, san Arm mar shampla (4)
5 Caint seafóideach (7)
7 Réidh, caoin, maol (5)
11 Adhmad timpeall pictiúir? (5)
12 Bláth a fheictear um Cháisc (4)
13 Amach, an treo amach, ag fágáil (2)
15 Spiorad, mothúchán a choinníonn spioraid daoine suas (6)
17 Ar chostas íseal, nó gan srian ar bith (4)
18 Deireadh a chur le tine nó solas (4)
19 Cuir is sraith de réir cineál (5)
21 Abair amhrán (3)
23 Creideamh i nDia nó i nDéithe nach Déithe Críostúla iad (7)
25 Casta, rud nach bhfuil díreach (3)
27 Réimír a chiallaíonn 'breis' nó 'mór'; alt gramadaí (2)
28 a hAon, a dó, a trí mar shampla (6)
29 Capall ag rith go mall (5)
32 Bealach fisiceach le hargóint a réiteach (5)
33 Airgead a lorg ar feadh tamall ó bhanc (7)

SÍOS

1 Ualach mór, ar mheáchan mór (4)
2 Scór (5)
3 In airde ó dhuine (2)
4 An brabús a dhéantar ar airgead a chuirtear ar fáil go seal adach ó bhanc (2)
6 Cuid nó píosa atá fágtha blianta ina dhiaidh (6)
8 Iarratas a thugtar go bagartha nó go láidir (7)
9 Barr an chnoic (7)
10 Maoildearg, spíonáin, cuirín dubh srl (6)
14 Mála ina gcoinnítear airgead.. in úsáid ag mná go háirithe (6)
16 Gléas le doras atá faoi ghlas a oscailt (7)
17 Tarraing le cuidiú folús (2)
20 Cion, dúil, do chroí geallta do dhuine eile (3)
22 Abairt atá ag iarraidh freagra (5)
23 Uirlis sa chistin ina bhfriochtar bia (5)
24 Baill d'eaglais nach sagairt ná cléir iad (5)
26 Fás, éirigh níos mó (5)
30 Leacht a choinníonn inneall ag obair go héifeachtach (3)
31 Lár do láimhe .. buailtear iad le chéile le hómós a thaispeáint (3)

Crosfhocal 22.04.2011



Buaiteoir na Seachtaine seo:
Mícheál Ó hAodha,
Móin an Bhealaigh,
Trá-Lí, Co. Chiarraí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 4/5/11, chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie (Gaelscéal amháin atá freagach as an Chrosfhocal)

Scéalta na Réaltaí, Cúltaca agus Ár Scéal Féin

Comóradh 25 bliain ar Thubaiste Núicléach Shearnóbail

AN tseachtain seo caite i dTeach Farmleigh bhí ócáid speisialta ar siúl chun comóradh a dhéanamh ar 25 bliain ó tharla an tubaiste núicléach i Searnóbail. Ar 26 Aibreán 1986 tharla ceann de na tubaistí núicléacha is measa ar domhan nuair a phléasc an t-imoibreoir i Searnóbail ag scaoileadh ábhar radaighníomhach isteach sa timpeallacht. Bhí éifeachtaí tubaisteacha ag an bpléasc ar sheacht milliún duine. Tháinig méadú 250% ar éalang ó bhroinn ag an am agus leanann na fadhbanna seo ar aghaidh fós. Tugadh aitheantas speisialta do na hoibrithe deonacha ag an ócáid de bharr a n-oibre leis an gcarthanacht Leanaí Shearnóbail Idirnáisiúnta le 25 bliain anuas.

láthair bhí an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa agus Adi Roche, Príomhfheidhmeannach Leanaí Shearnóbail Idirnáisiúnta. Bhí aoi speisialta ann freisin, an chéad leanbh a rinneadh a uchtú in Éirinn i ndiaidh tubaiste núicléach Shearnóbail, Raisa Carolan, 18 mbliana d'aois atá ina cónaí san Iarmhí. Chaith Raisa an chéad chúpla seachtain aici in Éirinn in Áras an Uachtaráin. Rugadh Raisa le mallachar fisiceach. Ní raibh an cumas ag Raisa siúl ná ithe i gceart ó bhí sí ina leanbh óg agus í ina cónaí i dteach do pháistí tréigthe sa Bhealarúis. Tháinig Raisa go hÉirinn nuair a bhí sí ceithre bliana d'aois agus d'fhan sí le muintir Carolan i gCo. na hIarmhí le haghaidh scíthe ar mhaithe lena sláinte. Bheartaigh clann Carolan Raisa a uchtú. Thóg an próiseas seacht mbliana ach d'éirigh leo in 2002 Raisa a uchtú isteach sa chlann. Inniu, tar éis 24 obráid is féidir le Raisa cispheil a imirt as a cathaoir rothaí. Tá Raisa ag iarraidh a saol a chaitheamh ag tabhairt cúnaimh do leanaí le dúshláin fhisiceacha cosúil léi féin.

Gluais

Tubaiste Núicléach Shearnóbail - Chernobyl Nuclear Disaster
Comóradh - commemorate
Imoibreoir - reactor
Radaighníomhach - radioactive
éalang ó bhroinn - congenital birth defects
Príomhfheidhmeannach - CEO
mallachar fisiceach - physical impairment
tréigthe- abandoned
uchtú- adopt
cathaoir rothaí - wheelchair

Plé sa rang

Déan plé sa rang ar an tábhacht a bhaineann le hobair oibrithe deonacha agus carthanacha ar shaol daoine cosúil le Raisa.

An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa, Príomhfheidhmeannach Leanaí Shearnóbail, Adi Roche agus Raisa Carolan, duine de na chéad leanaí a tháinig go hÉirinn ó Shearnóbail.

Comórtas Nuacht na nÓg d'Iriseoirí óga an todhchaí

I gcomhair le Gael Linn agus SOCOS

An bhfuil suim agat san iriseoireacht? Tá Nuacht na nÓg agus SOCOS ag tabhairt seans duit MP4 a bhuachan gach mí. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach mí agus beidh na buaiteoirí míosúla san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann de Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Gael Linn

SOCOS teo

Seol iarratas chuig: caroline.nichualain@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheann teideal air. Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig: 'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co, na Gaillimhe.

Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta

Hi agus fáilte go PopNuacht na seachtaine ar Raidió Rí-Rá, liomsa Síne Nic an Ailí!

Céard atá níos fearr ná amhrán le ceann de na popamhránaithe is cáiliúla ar domhan? Amhrán le beirt bhanphrionsa an phopcheoil dar ndóigh! Tá Britney Spears i ndiaidh leagan nua den singil rathúil S&M a thaifead le Rihanna le déanaí agus tá sé le cloisteáil ar fud an idirlín cheana féin. Dúirt Rihanna gur mór an onóir a bhí ann di obair i gcomhar le Britney, bean atá blianta fada caite aici ag barr na gcairteacha ar fud na cruinne. Ní minic go mbíonn Bean Uí Spears le cloisteáil ag casadh le hamhránaithe eile ar amhrán dá gcuid, mar sin bhí an-sceitimíní ar Rihanna dul i mbun ceoil léi!



Agus Adele i ndiaidh ceolchoirm den chéad scoth a chasadh i mBaile Átha Cliath le déanaí, is cosúil go bhfuil an cailín leis an nglór álainn breá compordach ina suí ag barr na gcairteacha! Sháraigh Adele curiarracht an tseachtain seo caite nuair a d'fhan an t-albam is déanaí dá cuid, 21, seachtain eile ag uimhir a haon i gcairteacha na n-albam sa Bhreatain Mhór. Níl albam eile ó cheoltóir aonair tar éis an oiread sin seachtainí i ndiaidh a chéile a chaitheamh ag an mbarrspóta i stair iomlán na gcairteacha. Ní hamháin sin, ach is é 21 an t-albam is mó íoschóipeála ó shuíomh Amazon riamh - sin éacht eile don bhean óg! Agus murab leor sin, tá na singlí ón albam céanna - Someone Like You agus Rolling In The Deep - fós i gcairteacha barr 40 na hÉireann i dteannta an amhráin Make You Feel My Love ón albam de chuid Adele roimhe sin, 19. Maith 'bhean Adele, tá súil againn gur fad buan ann tú!

Tá ráfla cloiste againn anseo i bPopNuacht go bhfuil Victoria Beckham ag iarraidh ainm iontach aisteach a thabhairt dá hiníon nua - Santa Posh! Deirtear go raibh an fashionista ag smaoineamh ar ainm Spáinnise a thabhairt don chailín atá á iompair aici faoi láthair, agus naomh nó naofa is brí leis an bhfocal Santa sa Spáinnis. Glacann muid leis nach Daidí na Nollag atá i gceist aici! De réir tuairiscí eile, tá Victoria ag iarraidh Posh a thabhairt mar dara ainm ar an gcailín, ó sin an leasainm a bhí aici féin nuair a bhíodh sí ag canadh leis an mbanna Spice Girls. Hmmm...n'fheadar an bhfuil Bean Beckham i ndiaidh a meabhair a chailleadh leis na hormóin ar fad, ach ní dóigh linne anseo i Raidió Rí-Rá gur cúis mhaith í sin le Posh a thabhairt ar pháiste bocht ar bith! É sin ráite, d'ainmnigh í féin agus David mic leo i ndiaidh ceantar i Nua Eabhrac, carachtar rómánsach ó dhráma Shakespeare agus an focal Spáinnise do chros - cá bhfios leis an mbeirt seo?!



Is léir dúinn anseo i bPopNuacht go bhfuil an dá scannán is déanaí de chuid Russell Brand ag déanamh thar cionn sna pictiúrlanna i Meiriceá faoi láthair! Is scannán beochana é Hop ina bhfuil guth Brand le cloisteáil ann i bpáirt Choinín na Cásca, agus d'éirigh leis níos mó airgid a ghiniúint sa phictiúrlann ná scannán ar bith eile an chéad sheachtain dá eisiúna. Ghnóthaigh an scannán grinn breis agus $20 milliún go dtí seo agus is léir go bhfuil sé ag "léim" go barr liosta na díoloifige sna Stáit Aontaithe! An dara scannán atá ag déanamh anchuid airgid do Brand ná Arthur, athdhéanamh ar an scannán den ainm céanna ó 1981. Beidh sin le feiceáil sa tír seo gan mhoill freisin, ach tá sé cheana féin tar éis níos mó ná dhá mhilliún déag dollar a ghnóthú trasna an locha. Níl amhras ann ach gur dhá scannán mórratha a bheidh iontu anseo in Éirinn chomh maith mar sin!



Seol ríomhphost leis an bhfocal POPNUACHT chuig eolas@rrr.ie más spéis leat scéalta PopNuachta a fháil ó Raidió Rí-Rá gach seachtain, nó éist leis an bPopNuacht seo mar audio mp3 agus é saor le híoschóipeáil ag www.rrr.ie/popnuacht-15-aibrean-2011

ROS na RÚN

Bígí ag breathnú ar Ros na Rún na seachtaine seo chugainn chun na ceisteanna seo a fhreagairt:

Dé Máirt i Ros na Rún scaoiltear rún Tina agus Cathal!

- Bíonn cruinniú ag an mbord bainistíochta sa raidió le Breandán; céard atá le rá acu leis?
- Tagann Mícheál abhaile óna shaoire; cén sórt mothúcháin a léiríonn sé nuair a fheiceann sé Eithne fós ina theach?
- Labhraíonn Tina le Cathal faoina gcaidreamh; cén mothúcháin a léiríonn sí?

Déardaoin tá rudaí ag dul in olcas do Bhreandán.

- Tá bileoga ar fud Ros na Rún faoi Bhreandán; cén mothúcháin a léiríonn Breandán faoi seo?
- Eagraíonn Berni cruinniú pobail in Gaudi faoi Bhreandán; cén mothúcháin a léiríonn Bríd faoi seo?
- Labhraíonn Caitríona le Bríd; cén mothúcháin a léiríonn sí faoi Bhreandán?

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSPS Ag déileáil le fearg

IS fféidir le strus agus athruithe sa chorp i rith caithreachais a bheith mar chúis feirge. Is mothúchán nádúrtha í an fhearg ach is é an rud tábhachtach faoin bhfearg ná an bealach a dhéanann tú í a láimhseáil.

Samplaí de rudaí a chuireann fearg ar dhaoine

- Nuair a insíonn cara bréag duit
- Nuair nach bhfaigheann tú an rud atá tú ag iarraidh
- Nuair nach n-éisteann daoine leat

Obair sa Rang

Déan liosta de na rudaí a chuireann fearg ort.

Ag láimhseáil na feirge

Is mothúchán cumhachtach í an fhearg mar sin is dúshlán é a láimhseáil. Mar gheall go bhfuil gach duine difriúil tá bealaí difriúla ag gach duine chun déileáil le mothúcháin fheargacha.

- Ba cheart a bheith eolach faoi cén chaoi a bhfuil tú ag mothú agus cén fáth. Nuair a thagann fearg ort ba cheart duit do chuid mothúchán a aithint agus fiafraí díot féin cén fáth go mothaíonn tú mar seo.
- Ba cheart duit féinsmacht a bheith agat. Chun féinsmacht a bheith agat ort féin ba cheart smaoineamh sula ndéanann tú gníomh. Má mhothaíonn muid mothúchán láidir agus má ghníomhaíonn muid dá réir gan smaoineamh, go minic beidh aiféala orainn tar éis dúinn an gníomh a dhéanamh.
- Ba cheart duit anáil dhomhain a thógáil agus comhaireamh go dtí 10.
- Mínigh do na daoine a bhfuil tú feargach leo cén fáth go bhfuil tú ag mothú ar an chaoi sin. Déan é ar bhealach réidh.
- Faigh bealach chun ligint le fearg, mar shampla siúl agus ag rith.

Tá sé tábhachtach a bheith in ann an mothúchán, fearg a láimhseáil.

Gluais

Fearg - anger
Caithreachas - Puberty
Eolach - aware
Féinsmacht - self-control

OSSP Forbairt

DEIRTEAR go bhfuil ár sochaí ag fás agus ag forbairt. Déantar forbairt sa tsochaí chun freastal ar riachtanais na ndaoine a mhaireann sa tsochaí. Tarlaíonn forbairt ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

Forbairt Náisiúnta

Is é ról an rialtais ná bainistíocht a dhéanamh ar an tír ar fad. Cuid den ról seo ná pleanáil a dhéanamh ar riachtanais daoine sa todhchaí, mar shampla bóithre, iompar poiblí, oideachas, seirbhísí sláinte agus tionscail. Bíonn plean i bhfeidhm ag an rialtas chun é seo a dhéanamh.

An Plean Forbartha Náisiúnta

Táan plean seo i bhfeidhm ón bhliain 2007 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí 2013. Tá luach €184 milliún ag baint leis an phlean. Is é seo an tsuim airgid is mó atá caite ag Éirinn go fóill ar chúrsaí forbartha.

Forbairt áitiúil

Bíonn údaráis áitiúla ag obair chun forbairt áitiúil a chur chun cinn. Tá 114 údarás áitiúil sa tír. Is Comhairlí Contae iad 29 díobh seo. Oibríonn comhairleoirí contae agus bainisteoir na Comhairle Contae le chéile chun forbairtí a dhéanamh. Tá tionchar mór ag údaráis áitiúla ar ár saol laethúil, mar shampla tithíocht údaráis áitiúil, uisce glan, soilsiú, bailiú bruscair agus áiseanna athchúrsála, páirceanna poiblí, leabharlanna, ionaid phobail, otharchairr, an bhriogáid dóiteáin agus cothabháil bóithre áitiúla. Freisin tá siad freagrach as próiseas pleanála áitiúil.

Gluais

Údaráis Áitiúla - Local Authorities
maoiniú - funding
An Plean Forbartha Náisiúnta - National Development Plan

Foirgneamh Chomhairle Contae na Gaillimhe. Faigheann údaráis áitiúla a gcuid maoiniú ón rialtas lárnach. Bailíonn siad airgead freisin trí mhótarcháin agus táillí boscaí bruscair.

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

Sraith Phictiúr – " Lá ar an bhfeirm"

Déan cur síos ó bhéal ar an scéal atá ag tarlú sa tsraith phictiúr.
Déan cur síos ar na mothúchán atá le feiceáil ar na carachtair.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Aibreán, 2011

Tá gach seans ag Nua-Eabharc

Nua-Eabhrac v. Ros Comáin, Gaelic Park, Nua Eabharc, Dé Domhnaigh

Pádraig Bán Ó Broin, san Úll Mór

I GCÚINNE beag i Nua-Eabhrac, tá páirc peile Gaelaí *AstroTurf*. Tá Gaelic Park suite in aice le stáisiún traenach faoi thalamh sa Bronx. Le breis agus 60 bliain tá an pháirc tar éis Éireannaigh i Nua-Eabhrac a thabhairt le chéile. An Domhnach seo tiocfaidh Éireannaigh as mórthimpeall oirthear Mheiriceá go dtí an staid leis an gcéad bhabhta de Chraobh Chonnacht a fheiscint, Nua-Eabhrac in aghaidh Ros Comáin. Iar-churaidh Chonnacht, atá fillte ar Roinn 3 den tSraith, iad Ros Comáin.

Beidh siad ag imirt in aghaidh foirne nach bhfuil bua faighte acu i gCraobh Chonnacht riamh agus a bhfuil athbhreithniú le bheith déanta ar a bpáirtíocht i gCraobh na hÉireann ag deireadh na bliana seo. Bheifá ag súil go mbeadh an chaint uilig faoi Ros Comáin. Bhuel, chun an fhírinne a insint, tá. Idir cumas saorchiceanna Donie Shine, neart Senan Kilbride chun scóranna a aimsiú ag amanna cinniúnacha agus luas Cathal Cregg chun tosaigh, níl Ros Comáin i ndroch-chaoi. An rud nach bhfuil éinne ag súil leis, ceanncheathrú Chumann Lúthchleas Gael san áireamh, ná bua ag na deoraithe.

Tar éis d'fhear Dhún na nGall, Séamus Sweeney, glacadh le ceannasaíocht ar Nua-Eabhrac an bhliain seo caite, tá misneach faighte ag Nua-Eabhrac. Léiríodh é sin nuair a d'éirigh leo imní a mhuscailt i nGaillimh agus Joe Kernan. Ar deireadh cuireadh Pat Madden, imreoir lárpáirce agus Ciarraíoch, agus Johnny Murtagh, tosach a imríonn le hArd Mhacha anois, den pháirc. Dá mba rud é nach mbeadh an smacht caillte ag an mbeirt acu, seans go mbeadh an lá le Nua-Eabhrac. Ach bíodh sin mar atá, le samhradh úr tagann deis úr.

Tá Sweeney fillte i gcóir bliain amháin eile - tiocfaidh deireadh lena ré ag deireadh na bliana seo - agus é ag ceapadh go bhfuil lá Nua-Eabhrac linn. Tá sé ar tí stair na peile Gaelaí a athscríobh. "Táimid ag dul chun páirce ag ligint dóibh siúd (Ros Comáin) imní a bheith orthu romhainn agus ár gcluiche féin a imirt," dar le Sweeney. An bua an rud a bhfuil muid ag súil leis. Sin an rud atá muid chun a fháil. Níl aon leithscéal againn." Tá naoi n-athrú ar fhoireann Nua-Eabhrac ón bhfoireann a thosnaigh an bhliain seo caite agus níl an fhoireann tar éis daingniú le chéile fós, dar le Sweeney. "Tógann sé am ar imreoirí dul i dtaithí ar a chéile agus teacht le chéile mar fhoireann. Níl sé chomh héasca anseo is atá sé sa bhaile. Sa bhaile dá mba rud é go raibh tú páirteach i bhfoireann idirchontae bheadh cluichí agat le chéile, bheifeá as baile do dheireadh seachtainí ag dul in aithne ar a chéile - club atá ann laistigh de chontae. Ní bhíonn deis ag imreoirí anseo aithne mhaith a chur ar a chéile." In ainneoin argóint Sweeney - agus argóint chóir atá ann - tá fíordheis ag a fhoireann an lá a thabhairt leo. Le seanimreoirí ar nós Dan Doona, Ciarraíoch ar thug Jack O'Connor ardmholadh dó ina leabhar, Aidan Power ó Phort Láirge agus na deartháireacha Kenny agus Adrian O'Connor, tá dóthain ann chun dúshlán Ros Comáin a thabhairt.

Ar an dá taobh den liathróid tá Nua Eabhrac neartaithe. Anuraidh, is beag cúnamh a fuair Doona, seachas ó Murtagh, chun tosaigh. Fuair siad naoi gcúilín idir an bheirt acu 12 mhí ó shin. Ach ar an Domhnach, tá i bhfad níos mó imreoirí chun an t-ualach chun tosaigh a iompar. I lár na páirce beidh Madden agus Stephen Harold, iarimreoir Faoi 21 le hArd Mhacha a thiocfaidh in áit Adrian O'Connor a bhí ann anuraidh. Tosnóidh O'Connor mar leath-thosaí in éineacht le hiar-imreoir Mhaigh Eo, Kevin Walsh, agus luas agus cruinneas scórála acu beirt. Sna cúinní beidh imreoir a bhuaigh Craobh Mhionúr na hÉireann le hArd Mhacha in 2009, Robbie Taskar, mar aon le Doona. Tá athruithe móra tagtha ar na cúlaithe chomh maith: Rónán McGinley (Tír Eoghain), Rory Stafford (Loch Garman) agus Power, atá anseo le 10 mbliana nach mór.

I measc chosantóirí nua Nua-Eabhrac tá deartháir Enda McGinley ó Thír Eoghain, Rónán, atá ag súil le tosnú sa líne lánchúil. Tháinig Rónán amach go Meiriceá i mbliana agus neartaíonn sé cosaint Nua-Eabhrac ach beidh cúraim air, is cuma cé acu tosach de chuid Ros Comáin a bheidh á mharcáil aige. "Tá sé riachtanach dúinn gan saorchiceanna a bhféadfaidís scór a fháil uathu a thabhairt uainn. Cuirfidh Donie Shine aon ní laistigh den 45 ar an talamh agus cuirfidh sé thar an trasnán iad. Caithfear smacht a choimeád. "Caithfidh mé féin m'fhear a choimeád gan scór, an liathróid a fháil ag an tús agus muinín a fháil uaidh sin. Ach caithfidh tú do chath féin a bhuachan. Tá daoine ag déanamh an chinnte nach bhfuil aon mhaitheas ionainn de dheasca torthaí Nua-Eabhrac. Níl muid sa tSraith Náisiúnta. B'fhéidir gur buntáiste atá ann dúinn nach bhfuil mórán ar eolas fúinn. "Is iad Ros Comáin iarchuraidh Chonnacht. Níor bhuaigh siad sin de thaisme.

Tháinig siad gar do Chorcaigh agus d'éirigh leo teacht slán ó Roinn 4. Má tá sé cúng le linn an chéad 15 nóiméad, cluiche ceart a bheas ann, gan amhras. Teastaíonn iarracht dhochreidte uainn, ach tá deis againn." Tá deis ann, cinnte, deis nach raibh ag Nua-Eabhrac ó thosaigh siad ag glacadh páirte sa Chraobh in 2001; ní dócha go mbeidh an deis chéanna acu arís. Tá siad tar éis traenáil a dhéanamh agus troigh go leith sneachta taobh leo ar thrá Orchard sa Bronx. Dar le Madden, tá siad réidh. "Déarfaidh daoine go bhfuilimid as ár meabhair chun an traenáil sin uilig a dhéanamh do chluiche amháin. Ach baineann muid taitneamh as. Tá an traenáil uilig déanta. Tá an obair chrua uilig déanta. Caithfimid dul amach ansin agus ár ndícheall a dhéanamh anois. Caithfimid a chur i gcuimhne dóibh (Ros Comáin) go bhfuil siad i gcluiche chomh luath agus is féidir agus an liathróid a chur isteach i dtreo Dan Doona agus na tosaithe eile." Mura mbeadh cúl scaoilte isteach go luath acu in aghaidh na Gaillimhe anuraidh bheadh Nua-Eabhrac níos gaire fós.

Ag féachaint ar Nua-Eabhrac ag traenáil, is cinnte gur aonad iad. Le teacht an Domhnaigh, feicfear an bhfuil siad fós ag snámh in aghaidh easa nó an mbeidh tinneas cinn i gceanncheathrú Chumann Lúthchleas Gael maidir le heagrú cluichí le bua Nua-Eabhrac. Más féidir le Doona an gaisce a dhéanamh, tabharfaidh sé sin misneach do Taskar, Walsh agus O'Connor chun tacú leis stair na peile Gaelaí a athscríobh.

RUGBAÍ : Taithí agus Uaillmhian Chúige Mumhan an Difear

Gráinne McElwain

FOIREANN amháin a bhuaigh i gcomórtais na hEorpa in aghaidh Chúige Mumhan sa bhaile riamh agus b'shin iad na Leicester Tigers. Léiríonn sé sin gur áit fíordheacair agus mhíthrócaireach é Páirc Thumainn d'fhoireann ar bith a thagann chun an bua a fháil. Ach sin an dúshlán atá roimh Harlequins agus iad ag iarraidh áit a bhaint amach i gCluiche Ceannais Chorn Dúshláin Amlin ag deireadh na míosa seo chugainn.

Cinnte ní bheidh mórán daoine ag súil le go bhfaighidh siad an lámh in uachtar ar Chúige Mumhan mar níl an taithí chéanna acu. Foireann óg atá ag Harlequins faoi stiúir Conor O'Shea, a d'imir le foireann na hÉireann agus a bhíonn ag obair mar anailísí le RTÉ ach atá ina Stiúrthóir Rugbaí ag an chlub ó 2009 I leith. Luaigh O'Shea i rith na seachtaine go dtuigeann sé nach gceapann daoine go bhfuil seans acu ach seo scrúdú iontach dá fhoireann chun iad a mheas in aghaidh ceann de na foirne is fearr san Eoraip.

Faoi láthair, tá Quins sa seachtú háit ar chlár na bpointí sa tSraith Premiership, dhá phointe taobh thiar de Bath agus é mar sprioc acu cáiliú do chomórtas Heineken an bhliain seo chugainn. Caithfidh Harlequins críochnú sa séú háit ar a laghad agus tá gach seans go n-éireoidh leo. Bhí bua maith acu i gcomórtas na Sraithe i Sasana an tseachtain seo caite in aghaidh Leeds (38-3) ach cé nach bhfuil ach seacht gcluiche buaite acu as 21 go dtí seo sa tSraith, is fiú a rá as an 32 cluiche ar fad atá imeartha acu i ngach comórtas go dtí seo, chaill siad 29 acu le scór amháin agus sin é atá ag cur as go mór do lucht bainistíochta Harlequins.

Bhuail siad Wasps (32-22) i gCluiche Ceathrú Ceannais Chorn Dúshláin Amlin nuair a bhí Nick Evans ar dóigh - d'aimsigh sé cúig chic éirice, preabchúl amháin agus shlánaigh sé dhá úd. Ní áibhéil é mar sin a rá gurb é an leathchúlaí amuigh is fearr é sa tSraith Shasanach faoi láthair.

Ach rud nach bhfuil ag Harlequins agus atá go láidir ag Cúige Mumhan ná seasmhacht. Tá 18 gcluiche as 21 buaite ag Mumhain mar go bhfuil siad chomh stuama agus chomh láidir sin ina meon aigne; tá a fhios acu an bealach is fearr chun cluichí a bhuachan. Is cuma má bhíonn siad taobh thiar sa chluiche, tagann siad aniar mar a rinne siad in aghaidh na Opsreys an deireadh seachtaine seo caite i Sraith Magners. Ní raibh na pointí sraithe ag teastáil uathu mar go raibh áit bainte amach acu sna babhtaí leathcheannais cheana, cluiche a bheidh sa bhaile acu, ach fuair siad an lámh in uachtar go deireanach sa chluiche le cic éirice a thug Rónán O'Gara. Bhí cóitseálaí na foirne Tony McGahan ríméadach leis an taispeántas agus thug sé moladh mór don fhoireann agus don mheanma atá iontu.

Beidh an cluiche seo suimiúil. Coinnigh súil ar an choimhlint a bheas idir Rónán O'Gara agus Nick Evans, uimhir a deich. agus idir Conor Murray agus Danny Care, imreoir idirnáisiúnta Shasana, uimhir a naoi. Mar go bhfuil Tomás O'Leary fós gortaithe, tá deis faighte ag Conor Murray dul i bhfeidhm go mór ar Tony McGahan agus Peter Stringer ar an bhinse. Tá Felix Jones ag déanamh go maith mar lánchúlaí agus deascéal eile go raibh captaen na foirne, Paul O'Connell ag traenáil i rith na seachtaine ach seans go mbeidh an deireadh seachtaine beagáinín róluath dó. Ba bhreá le Cúige Mumhan an comórtas seo a bhuachan agus leis na taispeántais atá feicthe againn uathu go dtí seo, ní dóigh liom go mbeidh Harlequins in ann iad a stopadh.

Cúige Mumhan ag dul chun tosaigh arís.

(PICTURE CREDIT: DIARMUID GREENE / SPORTSFILE)

Súil ar an Rugbaí : Ceachtanna Foghlamtha Anuraidh

Gráinne McElwain

BÍONN clú, taithí agus traidisiún foirne tábhachtach i gcúrsaí spóirt ach ní hiad sin amháin a bhíonn ag teastáil chun buachaint.

Ach dá mbeifeá ag féachaint ar na gnéithe sin ó thaobh Corn Heineken de, d'fheicfeá na tréithe sin go láidir i bhfoirne Chúige Laighean agus Toulouse. Imreoidh siad amárach in aghaidh a chéile i gcluiche leathcheannais Chorn Heineken agus an buntáiste ag na Laighnigh mar go mbeidh siad sa bhaile.

Tá an comórtas seo buaite ag Toulouse ceithre huaire agus tá comórtas craoibhe na Fraince buaite acu seacht n-uaire déag. Ní haon áibhéil a rá mar sin gur foireann anéifeachtach iad Toulouse. Fuair siad an lámh in uachtar ar Biarritz, seaimpíní Chorn Heineken, anuraidh tar éis am breise sa bhabhta ceathrú ceannais (27-20) agus cé go raibh siad 17-0 chun cinn ag leatham, lig siad do Biarritz teacht aniar sa chluiche sin. Níor imir siad ar feadh an 80 nóiméad go léir an t-am sin ach ní tharlóidh sé sin amárach.

Chas Cúige Laighean agus Toulouse ar a chéile i mbabhta leathcheannais an chomórtais anuraidh i Le Stadium in Toulouse agus tháinig na Francaigh amach chun cinn (26-16). Bhí fadhbanna ag Laighin sa chlibirt, sa síneadh amach agus sa chosaint agus ghéill siad dhá úd chinniúnacha, ceann do Yannick Jauzion agus an ceann eile do David Skrela. D'aimsigh Toulouse an dá úd sin i dtréimhse cúig nóiméad sa dara leath, agus bhí an lá leo.

Ach is aisteach an difear a dhéanann bliain amháin agus tá feabhas mór tagtha ar Chúige Laighean sa chlibirt agus sa síneadh amach. Tá Cian Healy, Richardt Srauss agus Mike Ross, atá ag imirt thar barr, sa chéad líne agus tá sé deacair a shamhlú nach raibh aon chaint ann faoi Seán O'Brien an t-am seo anuraidh agus an difear atá déanta aige sa phaca i mbliana.

Ach paca láidir ag Toulose chomh maith le Daan Human, William Servant agus Census Johnston sa chéad líne. Tá captaen na Fraince, Thierry Duasutoir, uimhir a hocht, ar ais chuige féin i ndiaidh dó bheith gortaithe agus seans maith go n-imreoidh sé amárach, ach ní mar chaptaen na foirne; is ar Jean Bouilhous sa phaca a bhronnfar an onóir sin. Bí cinnte go mbeidh Toulouse ag iarraidh aon laigí atá i gclibirt Laighean a nochtadh mar a rinneadh anuraidh ach seo paca atá níos láidre i mbliana agus beidh deacrachtaí ag Toulose an lámh in uachtar a fháil orthu.

Cúige Laighean ag tabhairt aghaidh ar Toulouse. (PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)

D'imir Isa Nacewa ar an chliathán anuraidh do Chúige Laighean ach ó bhog sé siar le bheith ina lánchúlaí níl aon dabht faoi ach gur duine de na lánchúlaithe is fearr atá ag imirt san Eoraip faoi láthair é. Thug Joe Schmidt, cóitseálaí Laighean, sos dó an tseachtain seo caite in aghaidh Aironi i Sraith Magners agus sin an chéad chluiche nach bhfuil imeartha aige ó thús an tséasúir. Bhí sé maorga in aghaidh Leicester Tigers sa chluiche ceathrú ceannais ag aimsiú úid do Laighin chomh maith, ach an rud a sheasann amach faoi Chúige Laighean i mbliana ná an mhuinín agus an meon atá acu mar fhoireann. Is cuma cad a chaithfear leo, tá siad in ann é a láimhseáil agus fiú agus é ag druidim le deireadh an chluiche le Leicester nuair a bhí na Tigers ag teacht aniar, sheas na himreoirí uilig suas agus léirigh siad fíor-charachtar agus cinnireacht.

Ach is aisteach an difear a dhéanann bliain amháin agus tá feabhas mór tagtha ar Chúige Laighean sa chlibirt agus sa síneadh amach. Tá Cian Healy, Richardt Srauss agus Mike Ross, atá ag imirt thar barr, sa chéad líne agus tá sé deacair a shamhlú nach raibh aon chaint ann faoi Seán O'Brien an t-am seo anuraidh agus an difear atá déanta aige sa phaca i mbliana.

Tá Toulose chun cinn i gComórtas Craoibhe na Fraince agus bhí bua maith acu in aghaidh Bourgoin (33-0) an deireadh seachtaine seo caite agus iad sa bhabhta leathcheannais den chomórtas anois. Ní bheidh an frapa Benoit Lecouls ag imirt mar gheall ar dhrochghortú muinéil agus seans maith nach mbeidh sé ag imirt arís ar chor ar bith. Cé nach bhfuil an fhoireann seo chomh maith agus a bhíodh roinnt blianta ó shin, beidh sé an-deacair iad a bhualadh agus imreoirí ar nós Vincent Clerc, Florian Fritz, Yannick Jauzion, Cédric Heymans agus David Skrela acu, gan trácht ar na tosaithe. Ba mhór an buntáiste é anuraidh do Toulouse gur sa bhaile a bhí an cluiche seo agus sílim gur an-bhuntáiste é ag Cúige Laighean go mbeidh siad i Staid Aviva. Tá ceachtanna foghlamtha ag na Laighnigh ón lá sin anuraidh agus mothaím go ndéanfaidh sé sin difríocht amárach.

Foirne na Gaillimhe ar thóir áit i gComórtas Peile na Gaeltachta

Gráinne McElwain

NÍ i bhfad uainn anois atá Comórtas Peile na Gaeltachta 2011, an comórtas peile náisiúnta d'fhoirne Gaeltachta a bheas ar siúl deireadh seachtaine na Cincíse, an chéad deireadh seachtaine i mí an Mheithimh, i gCloich Chionnaola i nDún na nGall.

Eagrófar cluichí leathcheannais na Gaillimhe sa chomórtas áitiúil ag leibhéal na sinsear agus na sóisear an deireadh seachtaine seo agus rachaidh na buaiteoirí tríd go dtí an comórtas náisiúnta ina dhiaidh sin. Tosnóidh comórtas áitiúil na Gaillimhe ar an Satharn ar Pháirc Chumann Peile Mhíchíl Bhreathnaigh in Indreabhán agus seo na cluichí a bheidh ar siúl:

Cluichí Leathcheannais na Gaillimhe - Comórtas Peile na Gaeltachta 2011

Sóisir: 1.30 - An Spidéal v An Fhairche
Sinsir: 3.00 - An Cheathrú Rua v Maigh Cuilinn
Sóisir: 4.30 - An Cheathrú Rua v Baile Chláir
Sinsir: 3.00 - An Spidéal v Baile Chláir

Imreofar na cluichí ceannais ar an Luan agus cé nach bhfuil na hamanna socraithe fós, ceaptar go mbeidh siad ag tosnú ar 2.00 agus 3.30.

Beidh na cluichí ceannais sa chomórtas peile náisiúnta le feiceáil beo arís ar TG4 agus i mbliana, den chéad uair le roinnt mhaith blianta, clúdófar na cluichí leathcheannais sinsear beo ar an teilifís chomh maith. Mar is iondúil, beidh clúdach ar an chomórtas ar fad ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Anuraidh, bhuaigh Béal an Mhuirthead, Maigh Eo, a reáchtáil an comórtas in 2010, grád na sinsear agus foireann an Spidéil a bhuaigh comórtas na sóisear.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Aibreán, 2011

Ar an gclaí le John Allen

Tá cuma dhifriúil ar BÁC i mbliana

MAR a dúirt Seán Óg Ó hAilpín agus é ag glacadh Corn Liam Mhic Carthaigh in 2005, "Is fada an turas ó Fiji go Páirc an Chrócaigh." Bhuel is fada an lá ó d'imir iománaithe Bhaile Átha Cliath i gcraobh sraithe.

Bhí an Dara Cogadh Domhanda thart agus an Eoraip ag tosnú ar atógáil thiar ansin i 1946. Bhí cuma na maitheasa ar iománaithe na príomhchathrach agus iad ag imirt i gcraobh na sraithe an uair dheireanach.

Tá mórán scríofa le blianta beaga anuas faoin méid airgid agus ama atá bord BÁC ag cur isteach san iomáint. Ar an Domhnach beag seo tá deis ag ealaíontóirí na fuinseoige cois Life an méid dul chun cinn atá déanta acu a thaispeáint dúinn.

Ó cuireadh tús le Sraith Allianz i mbliana tá cuma dhifriúil ar BÁC le hais anuraidh. In 2010, chríochnaíodar an comórtas sraithe le ceithre phointe agus níos déanaí sa bhliain chuir Aontroim deireadh lena séasúr craoibhe. Gan dabht bhí díomá orthu. Ach i mbliana tá siad ag imirt le i bhfad níos mó fisiciúlachta, spioraid agus féinmhuiníne.

Ar ndóigh, níor tharla sé seo thar oíche agus tá ardmholadh ag dul go Anthony Daly agus don fhoireann bhainistíochta ar fad atá tar éis bród a mhúscailt san fhoireann seo. Ba dhea-chomhartha é ag tosach na bliana nuair a d'fhógair an peileadóir contae Conal Keaney go raibh sé chun slán a fhágáil leis an bpeil agus díriú isteach ar an iománaíocht sa todhchaí.

Coicís ó shin thaisteal BÁC go Páirc Uí Chaoimh agus cé gur thosnaíodar go mall, thaispeánadar an spiorad agus an fhéinmhuinín nua atá acu. Bhí Dotsie O'Callaghan, Daire Plunkett agus Paul Ryan ar fheabhas agus tríd an gcluiche ar fad is iadsan a rinne an chuid is mó de na scóranna do na Dubs.

Coicís ó shin thaisteal BÁC go Páirc Uí Chaoimh agus cé gur thosnaíodar go mall, thaispeánadar an spiorad agus an fhéinmhuinín nua atá acu. Bhí Dotsie O'Callaghan, Daire Plunkett agus Paul Ryan ar fheabhas agus tríd an gcluiche ar fad is iadsan a rinne an chuid is mó de na scóranna do na Dubs.

Ar fud na páirce bhí caighdeán comhimeartha agus smachtú na liathróide i bhfad níos fearr ag foireann Anthony Daly.

Ar an Domhnach beidh siad ag tabhairt aghaidhe ar an bhfoireann is fearr sa tír le deich mbliana anuas. Tabhair sracfhéachaint ar na figiúirí ó thosach an chéid. Tá Craobh na hÉireann bainte ag Cill Chainnigh seacht n-uaire, Craobh Laighean deich n-uaire agus tá cúig cinn de Chraobhacha Sraithe buaite acu. Cuir é sin i gcomparáid le BÁC agus a gcófra-san atá cosúil le cófra Sheanmháthair Hubbard - folamh.

Nuair a thosaigh Brian Cody mar bhainisteoir ar Chill Chainnigh dosaen bliain ó shin cuireadh tús le ré órga iománaíochta sa chontae. Mar sin ag dul isteach dóibh i gcluiche craoibhe an Domhnaigh tá an stair agus an traidisiún go mór ar thaobh na gCat. É sin ráite tá scoilteanna le feiceáil le bliain nó dhó san fhoireann iomráiteach. Nocht Tiobraid Árann cuid de na scoilteanna sin nuair a bhuadar orthu i gcraobhchluiche na hÉireann anuraidh.

I mbliana, cé gur chríochnaíodar ar bharr na Sraithe, ní dóigh liom go raibh Brian Cody sásta le haon cluiche iomlán a d'imríodar.

Ach ní raibh an cúigear déag is fearr sa chontae ar an bpáirc le chéile in aon chluiche fós i mbliana. I gcuid de na cluichí ní raibh ach leath de na himreoirí is fearr ag imirt, ach fós, chríochnaíodar ar an mbarr.

Mar sin nuair a bheidh gach imreoir ullamh (tá fhios agam go bhfuil seans ann nach dtarlóidh sé sin) an mbeidh sé éasca iad a bhualadh? Ní dóigh liom é.

Ar an Domhnach seo, pé fhoireann a théann chun páirce ar son na gCat, imreoidh siad le hiomlán a nirt agus ná bíodh aon dabht faoi ach go mbeidh sé an-deacair ar Bhaile Átha Cliath an bua a fháil. Ach, de réir mar a luíonn cúrsaí maidir le gortuithe ag imreoirí Chill Chainnigh faoi láthair, tá níos mó ná seans réasúnta ann go ndéanfaidh BÁC éacht stairiúil dá gcuid féin, rud nach ndearna na peileadóirí an Domhnach seo caite.

I bPáirc na nGael, Luimneach, ar an Satharn imreofar craobhchluiche roinn a dó leis an bhfoireann bhaile ag tabhairt aghaidhe ar a gcomharsana, Contae an Chláir.

Tá Luimneach ar bharr na sraithe i ndiaidh dóibh gach cluiche a bhuachan agus iad an-fheiceálach san chuid is mó díobh. Ní féidir an rud céanna a rá faoin bhfreasúra mar ní dheachaigh siad thar an measarthacht lena bhfeachtas siúd. Tá sé ag teacht an-deacair ar an mbainisteoir Ger O'Loughlin agus a roghnóirí taispeántais shásúla a chur le chéile.

Ach tá mianach iontu agus tá ardchumas iontu agus b'fhéidir go bhfuil siad ag fanacht leis an Satharn beag seo.

Ar ndóigh is cluiche an-táb-hachtach don dá fhoireann é mar tugann an bua an ceart imirt i roinn a haon den tsraith arís sa chéad séasúr eile.

I mo thuairim ní bheidh mórán idir na foirne agus ní bheidh ionadh orm má bhuann an Clár ach téann Luimneach isteach mar rogha na n-údar agus má théann na mionrudaí leo beidh an lá leo.

Beir Bua.

Bainisteoir fhoireann iomána Bhaile Átha Cliath, Anthony Daly, agus bainisteoir fhoireann iomána Chill Chainnigh, Brian Cody, i mbun díospóireachta ag an chluiche Sraithe a bhí idir an dá fhoireann ag tús na míosa. Beidh an dá fhoireann in iomaíocht lena chéile arís an Domhnach beag seo i gcluiche ceannais na Sraithe.

(PIC: DAIRE BRENNAN / SPORTSFILE)

Níos Mó ná Cluiche Peile do mhuintir an Chabháin

Gráinne McElwain

"IS mó an difear atá tagtha ar an chontae agus muid ag imirt i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann Faoi 21," a deir Anthony Forde, roghnóir le foireann an Chabháin. Bhí Anthony ar an fhoireann peile Faoi 21 a bhuaigh Cluiche Ceannais Uladh i 1996 agus a chuaigh ar aghaidh chun imirt in aghaidh Chiarraí i gCluiche Ceannais na hÉireann níos moille an bhliain sin ach ní raibh an lá leo. Seo an chéad uair ó shin a bhfuil fir an chontae sa chluiche ceannais agus iad ag iarraidh é a bhaint den chéad uair.

"Is cuimhin liom go raibh Cluiche Ceannais na hÉireann ar siúl i mí Mheán Fómhair agus ag an am sin, bhí bearna mór idir an uair ar bhuaigh muid Craobh Uladh i mí Meithimh go dtí gur bhuaigh muid an cluiche leathceannais agus an cluiche ceannais i mí Lúnasa agus Meán Fómhair. Bhí sé an-deacair orainn mar bhí muid sa bhaile ón choláiste agus bhí gach duine ag iarraidh labhairt leat faoin gcluiche agus cursaí peile."

"Bhí an pheil ag dul go maith sa Chabhán ag an am fosta. Tháinig Martin McHugh isteach sa chontae i 1995, shroich muid cluiche ceannais Uladh i ngrád na sinsear an bhliain dar gcionn, bhuaigh muid Craobh Uladh Faoi 21 agus chroch muid Craobh Uladh na sinsear linn i 1997. Bhí muid cleachtaithe le craobhacha a bhuachan ach anois mar nach bhfuil an pheil ag dul rómhaith dúinn sa chontae faoi láthair, tá muid an-bhródúil as an turas atá déanta ag na himreoirí Faoi 21," a deir Anthony.

"Ní féidir liom cur síos a dhéanamh ar cé chomh maith is atá sé don chontae go bhfuil muid i gCluiche Ceannais na hÉireann. Táim féin ag obair in oifigí árachais Quinn agus le cúpla mí anuas tá go leor gnóthaí imithe ón cheantar agus tá go leor daoine dífhostaithe. Thug Seán Quinn post domsa agus is fear mór CLG é. Tá muid an-dílís dó as an méid atá déanta aige don cheantar. Ach tugann cluiche an Domhnaigh faoiseamh do dhaoine gan a bheith ag smaoineamh ar an gheilleagar agus tugann sé dóchas dúinn chomh maith."

Captaen an Chabháin, Gearóid McKiernan, ar clé, agus captaen na Gaillimhe. Colin Forde, ar dheis, i bPáirc an Chrócaigh. Beidh Cluiche Ceannais Faoi 21 ar siúl Dé Domhnaigh ag 14:00, urraithe ag Cadbury Ireland den seachtú bliain i ndiaidh a chéile (PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE)

I mbliana, bhuaigh an Cabhán Craobh Uladh in aghaidh Thír Eoghan (1-10 le 0-10) agus bhí ceiliúradh dochreidte ag an lucht tacaíochta i ndiaidh an chluiche, rud nach bhfuil feicthe le tamall thart fá chontae an Chabháin.

"Bhí foireann an-mhaith againn anuraidh agus bhí mí-ádh orainn gur chaill muid in aghaidh Dhún na nGall i gCluiche Ceannais Uladh agus bhí foireann mhaith mionúr againn chomh maith. Tá timpeall deichniúr ar an fhoireann i mbliana ó anuraidh agus tá go leor foghlamtha ag na himreoirí sin idir muinín agus meon aigne."

Tar éis an bhua in aghaidh Thír Eoghain, bhí ar an Chabhán imirt in aghaidh Loch Garman i gCluiche Leathceannais na hÉireann 72 uair an chloig ina dhiaidh sin agus cé gur bhuaigh siad an cluiche (1-10 le 0-8), ní raibh lucht bainistíochta an Chabháin sásta leis an chinneadh.

Cluiche Ceannais Peile na hÉireann Faoi 21 An Cabhán v Gaillimh Páirc an Chrócaigh @ 2.00i.n

"Bhí sé sin seafóideach mar ní féidir leat caint faoi player burnout ar lámh amháin agus ansin ceist a chur ar imreoirí imirt trí lá i ndiaidh Cluiche Ceannais Uladh. Níl sé sin féaráilte. Féach ar chomórtas Mhic Shigiúir chomh maith i mbliana. Cuireadh ceist ar leaids óga trí chluiche a imirt taobh istigh de thrí lá. Sílim nach léiríonn sé seo an meas ceart ar na himreoirí ná na comórtaisí. Buíochas le Dia, ní raibh aon ghortú ag cur as dúinn tar éis an chluiche in aghaidh Thír Eoghain ach is é an comórtas Faoi 21 an comórtas is fearr chun imreoirí óga a fhorbairt agus iad a chur ar aghaidh chuig na foirne sinsireacha. Caithfidh ardmheas a bheith agat ar an chomórtas seo."

Is in aghaidh na Gaillimhe a bheas an Cabhán ag imirt ar an Domhnach i bPáirc an Chrócaigh agus baineadh geit as go leor nuair a fuair Gaillimh an lámh in uachtar ar Chorcaigh sa dara cluiche leathceannais. Mhúin Corcaigh ceacht peile do Chiarraí i gCluiche Ceannais na Mumhan cúpla seachtain roimhe sin.

"Ní raibh iontas orm mar go raibh sé deacair ag Corcaigh teacht isteach sa chluiche sin tar éis an ghreasáil 22 cúilín a thug siad do Chiarraí. Is foireann an-mhaith iad Gaillimh agus tá a fhios againn go gcaithfidh muid ár gcluiche a ardú arís chun iad a bhualadh ar an Domhnach."

"Seo an chéad uair ag an Chabhán a bheith ag imirt i bPáirc an Chrócaigh le tamall agus níl a fhios agam cén tionchar a bheadh aige sin ar na himreoirí. Ach is páirc peile é cosúil le Páirc Brewster agus Páirc Pharnell agus tá muid ag súil go mór leis. Tá sé iontach go bhfuil cúis agus deis ag lucht tacaíochta agus urraitheoirí an Chabháin a bheith bródúil as peil an Chabháin arís."

Comhpháirtíocht Nua idir Peileadóirí na Gaillimhe agus *Cancer Care West*

CANCER Care West a bheas le feiceáil ar gheansaíthe peile na Gaillimhe ón deireadh seachtaine seo ar aghaidh tar éis gur tháinig an bord peile agus an charthanacht ar chomhshocrú. Comhpháirtíocht atá i gceist agus beidh an dá ghrúpa ag obair ar thionscnaimh le chéile chun eolas ar an ailse a chur chun cinn i measc an phobail, tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá buailte ag an ghalar agus ócáidí speisialta a eagrú chun airgead a bhailiú. Uachtarán CLG, Críostóir Ó Cuana a rinne an seoladh oifigiúil ag ionad tacaíochta Cancer Care West i rith na seachtaine. Dúirt John MacNamara, Cathaoirleach Cancer Care West go raibh "áthas an domhain ar an charthanacht a bheith ceangailte le peileadóirí na Gaillimhe mar go bhfuil deis iontach acu anois dul i dteagmháil le pobal peile na Gaillimhe agus seirbhisí ailse a chur chun cinn sa phobal."

Luaigh John Joe Halleran, Cathaoirleach Bhord Peile na Gaillimhe "go bhfuil peileadóirí na Gaillimhe an-sásta leis an ghaol atá anois acu leis an charthanacht mar níl pobal ar bith in iarthar na tíre nach bhfuil ailse tar éis a bheith ina measc ar bhealach éigin." Feicfear an lógó nua ar gheansaíthe peile na Gaillimhe an deireadh seachtaine seo nuair a imreoidh Gaillimh in aghaidh an Chabháin i gCluiche Ceannais na hÉireann Faoi 21.

Cé chomh fíochmhar a bheidh na Cait?

Cluiche Ceannais Iomána Allianz - Roinn 1, Dé Domhnaigh @ 4.00 - Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath v Cill Chainnigh, BEO ar TG4

Gráinne McElwain

Cúis Ceiliúrtha ag Baile Átha Cliath Dé Domhnaigh? (PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE)

AR an Domhnach casfaidh Baile Átha Cliath agus Cill Chainnigh ar a chéile i gCluiche Ceannais Iomána Allianz den chéad uair riamh. Ag tús an tséasúir, bhí gach duine ag ceapadh go mbeadh Cill Chainnigh ann ach níor cheap mórán daoine go mbeadh Baile Átha Cliath ann in éineacht leo. Seo an chéad uair ó bhí 1946 ann go mbeidh Baile Átha Cliath i gcluiche ceannais na Sraithe ach níl an tSraith buaite acu ó bhí 1938 ann nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Phort Láirge. Mar sin cé chomh fíochmhar a bheidh na Cait ar an Domhnach agus an bhfuil seans ar bith ag Baile Átha Cliath?

"Sílim go bhfuil an-deis ag Baile Átha Cliath mar go bhfuil siad ag imirt go maith. Thug siad ardtaispeántas le linn na Sraithe, iad anaclaí agus ag tabhairt an-tacaíochta dá chéile," a deir Colm Bonnar, bainisteoir Loch Garman a bhfuil a fhios aige cé chomh maith atá an dá fhoireann mar gur chaill Loch Garman ina n-aghaidh sa tSraith.

"Nuair a d'imir siad ar Pháirc Loch Garman, thosaigh siad ar luas lasrach ag cur 2-4 ar chlár na scór go luath sa chluiche. Beidh sé sin uathu arís in aghaidh Chill Chainnigh, tús maith. Caithfidh siad a bheith andian sa chosaint mar má fhaigheann Cill Chainnigh cúl nó dhó, sin é agus bíonn sé an-deacair teacht ar ais as sin. Ní mór dóibh a gcuid seansanna a thógáil chomh maith. Chuir siad 19 n-iarracht ar fóraoil in aghaidh na Gaillimhe agus muna dtógfaidh siad seansanna in aghaidh na gCat, íocfar go daor as."

Bhí go leor gortuithe ag cur as do Bhaile Átha Cliath le linn na Sraithe ach cuirfear fáilte ar ais roimh roinnt acu ar an Domhnach. Seans go mbeidh an leathchúlaí Joey Boland ar ais, chomh maith le Alan McCrabbe agus Maurice O'Brien. Níor chaill Baile Átha Cliath ach aon chluiche amháin le linn na Sraithe agus bhí buanna maithe acu in aghaidh Thiobraid Árann, Uíbh Fhailí, Loch Garman agus Corcaigh. Chríochnaigh na cluichí le Port Láirge agus Cill Chainnigh ar comhscór.

"Bhí agus tá go leor cainte faoi mheath Chill Chainnigh ach ní dóigh liom go bhfuil sé sin fíor. Tá go leor gortuithe ag cur as dóibh agus tá siad fós sa Chluiche Ceannais. Sílim féin gurb iad Cill Chainnigh an fhoireann is fearr sa tír fós," a deir Colm.

"Tá cuma níos daonna ar Chill Chainnigh i mbliana agus iad gan na himreoirí móra ar nós Henry Shefflin, JJ Delaney, Tommy Walsh agus Jackie Tyrell. Nuair a thiocfaidh na himreoirí ar ais, feicfimid an mbeidh an t-ocras céanna orthu. Roimhe seo, bhí Cill Chainnigh fiáin chun gach sliotar a aimsiú mar a bhí Tiobraid Árann i gCraobh na hÉireann anuraidh ach beidh sé spéisiúil a fheiceáil an mbeidh an iomaíocht chéanna iontu agus beidh a fhios againn sin ar an Domhnach."

Cé gur chaill Cill Chainnigh in aghaidh na Gaillimhe sa tSraith, chríochnaigh siad ar bharr an tábla le buanna in aghaidh Thiobraid Árann, Chorcaí, Loch Garman, Phort Láirge agus Uíbh Fhailí agus chríochnaigh an cluiche le Baile Átha Cliath ar comhscór.

"Seo an seans is fearr a bheidh ag aon fhoireann Cill Chainnigh a bhualadh mar gheall ar an méid gortuithe. Seans maith go mbeidh JJ Delaney, Tommy Walsh, Richie Hogan agus Richie Power ag filleadh ó ghortuithe ach tá siad fós gan Aidan Fogarty, Michael Fennelly, John Dalton agus ar ndóigh Henry Shefflin. Beidh go leor cainte faoi Bhaile Átha Cliath ag imirt ina gcéad Chluiche Ceannais Sraithe ó 1946 ach ní dóigh liom go gcuirfidh sé sin isteach ar na himreoirí nó Anthony Daly. Má thógann siad na deiseanna agus má theipeann ar Chill Chainnigh na cúil a fháil, tá an-seans ag Baile Átha Cliath."